An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

**Ciorclán 0044/2019**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna Aitheanta**

# EARCÚ/ARDÚ CÉIME AGUS CEANNAIREACHT DO MHÚINTEOIRÍ I mBUNSCOILEANNA AITHEANTA

De bhun na cumhachta atá in Alt 24 den Acht Oideachais (mar a leasaíodh), tugann an tAire Oideachais agus Scileanna ordú d'fhostóirí na rialacháin agus na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm atá leagtha amach sa chiorclán seo ón 1ú Meán Fómhair, 2019. Leanfadh gach post a fógraíodh roimh an dáta seo faoin imlitir ábhartha a tháinig roimhe seo.

San imlitir seo leagtar amach an creat ceannaireachta agus bainistíochta i gcomhair post i mbunscoileanna aitheanta mar aon le nósanna imeachta earcaíochta agus ceapacháin do Mhúinteoirí cláraithe, Príomhoidí Cúnta, Príomhoidí Tánaisteacha agus Príomhoidí. Gabhann an ciorclán seo in ionad na gciorclán, na meabhrán, na rialacha agus na rialachán roimhe seo maidir le hearcaíocht agus ardú céime lena n-áirítear Aguisíní D agus E den Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015 - 2019, Caibidil 1 d'eagrán 2 na dTéarmaí & Coinníollacha maidir le Múinteoirí Cláraithe a fhostú i mBunscoileanna & Iarbhunscoileanna Aitheanta, Ciorcláin 70/2018, 0031/2011 agus 0015/2016.

Áirithigh, le do thoil, go gcuirtear ábhar an chiorcláin seo ar a súile do gach comhalta den Bhord Bainistíochta/de na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) agus do gach múinteoir atá fostaithe agat i mBunscoileanna, iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta agus ar iasacht san áireamh.

Tá teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.ie.

Ba cheart aird bhainistíocht na scoile a dhíriú ar gach ceist i dtús báire agus d'fhéadfadh sé go mbeidís siúd ag iarraidh dul i gcomhairle lena n-eagraíocht ionadaíoch. Féadfar aon cheisteanna eile a chur chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: teachersna@education.gov.ie.

Ba cheart ceisteanna maidir le leithdháileadh post nó ath-imlonnú múinteoirí a ardú le Rannóg na Leithdháiltí Múinteoirí sa Roinn: primaryallocations@education.gov.ie.

Baineann gnóthaí maidir le clárú múinteora leis an gComhairle Mhúinteoireachta, Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Ríomhphost: info@teachingcouncil.ie.

Alfie Barrett
Téarmaí & Coinníollacha do Mhúinteoirí/Cúntóirí Riachtanais Speisialta
9 Lúnasa 2019

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 X659
www.education.ie

SAINMHÍNITHE ........ 4

**CAIBIDIL 1** ........ 7

**RIACHTANAS UM CHLÁRÚ LEIS AN GCOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA** ........ 7

1. AN TACHT UM CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA 2001-2016 ........ 7
2. EARCAÍOCHT MÚINTEOIRÍ ........ 8
3. EISCEACHTAÍ TEORANTA FAOI RIALACHÁN AN AIRE ÓN RIACHTANAS MÚINTEOIR CLÁRAITHE A FHOSTÚ ........ 8
4. AICMIÚ POST ÁIRITHE MAR PHOIST NEAMHTHEAGAISC ........ 10
5. AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA ........ 11
6. AN PHÁMHÁISTIR ........ 12
7. POIST FHREAGRACHTA ........ 12
8. SAOIRE NEAMHLÁITHREACHTA ÍOCTHA ........ 12
9. POIBLÍOCHT AGUS FÓGRAÍ MAIDIR LE CLÁRÚCHÁN ........ 13
10. SAOIRE UM NEAMHCHLÁRÚCHÁIN LEIS AN GCOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA ........ 13

**CAIBIDIL 2** ........ 16

**NÓSANNA IMEACHTA UM EARCAÍOCHT AGUS CEAPACHÁN MÚINTEOIRÍ** ........ 16

1. NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE MÚINTEOIRÍ A EARCÚ AGUS A CHEAPADH I MBUNSCOILEANNA AITHEANTA ........ 16
2. RÓL AN BHOIRD BHAINISTÍOCHTA/BAINISTEORA/BOO ........ 16
3. RIACHTANAIS ÍOSTA LE HAGHAIDH FOSTAÍOCHTA MAR MHÚINTEOIR ........ 17
4. FOSTAÍOCHT GHEARRTHÉARMA (NÍOS LÚ NÁ 24 SEACHTAINE FÉILIRE) ........ 19
5. FOSTAÍOCHT FHADTÉARMACH (24 SEACHTAINE FÉILIRE NÓ NÍOS MÓ) ........ 21
6. CONARTHAÍ TÉARMA SEASTA TOSAIGH A FOIRCEANNADH ........ 22
7. RIALACHA FÓGRAÍOCHTA ........ 22
8. IARRATAIS LEICTREONACHA ........ 23
9. TUAIRISCIÚ AGUS FÍORÚ ........ 24
10. NÓSANNA IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN MAIDIR LE FOLÚNTAIS 24 SEACHTAINE NÓ NÍOS MÓ ........ 25
11. CRITÉIR MHEASÚNACHTA ........ 26
12. NOCHTADH LEASA/IOMLÁINE NÓSANNA IMEACHTA AN BHOIRD AGALLAIMH: ........ 26
13. AGALLAIMH ........ 27
14. AN TIARRATASÓIR A CHEAPADH ........ 28
15. CONARTHAÍ - TÉARMAÍ FOSTAÍOCHTA: ........ 30
16. MÚINTEOIR AR THÉARMA SEASTA ........ 31
17. TÉAMAÍ BREISE LE HAGHAIDH CONARTHAÍ AR THÉARMA SEASTA ........ 31
18. ATHNUACHAN CONARTHAÍ AR THÉARMA SEASTA ........ 31
19. COMHALL ........ 31
20. TAIFEAD NA NDOICIMÉAD ATÁ LE COIMEÁD AG ÚDARÁIS SCOILE ........ 32

**CAIBIDIL 3** ........ 34

**NÓSANNA IMEACHTA CEAPACHÁIN DO PHRÍOMHOIDÍ CÚNTA & PRÍOMHOIDÍ TÁNAISTEACHA (COMÓRTAS INMHEÁNACH)** ........ 34

1. POIST PRÍOMHOIFIGEACH CÚNTA ........ 34
2. LEITHDHÁILEADH POIST MAR PHRÍOMHOIDE CÚNTA ........ 34
3. RIACHTANAIS AGUS TOSAÍOCHTAÍ CEANNAIREACHTA AGUS BAINISTÍOCHTA NA SCOILE A SHAINAITHINT ........ 37
4. INCHÁILITHEACHT DO PHOIST MAR PHRÍOMHOIDE CÚNTA I & II AGUS MAR PHRÍOMHOIDE TÁNAISTEACH (COMÓRTAS INMHEÁNACH) ........ 37
5. FÓGRAÍOCHT ........ 40
6. AGALLAMH ........ 41
7. CREAT CEANNAIREACHTA ........ 43
8. AN SCÉIM MHARCÁLA ........ 44
9. AN TIARRATASÓIR RATHÚIL A CHEAPADH I SCOILEANNA ........ 44
10. RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ A SHANNADH DO PHOIST MAR PRÍOMHOIDÍ CÚNTA ........ 46
11. TUAIRISCIÚ AGUS ATHBHREITHNIÚ ........ 47

12. Sealbhóirí Post Gníomhacha ........ 48
13. Íocaíocht Liúntais i leith Poist Freagrachta Ghníomhaigh ........ 51
14. Liúntas don Mhúinteoir Ranga Príomhshrutha i Scoil ina bhfuil Beirt Mhúinteoirí ........ 52
15. An Tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Méadú/Laghdú Foirne ar an Liúntas atá iníoctha le Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha ........ 53
16. Liúntais i leith Poist Freagrachta a Choimeád ar Bhonn Pearsanta ........ 53
17. Na hImpleachtaí a Bhaineann le Sealbhóirí Liúntais ar Bhonn Pearsanta agus Cúntóir faoi Phribhléid maidir le Poist Cheannaireachta agus Bhainistíochta a Líonadh ........ 54
18. Cónascthaí ........ 55
19. Nós Imeachta Achomhairc maidir le Poist mar Phríomhoide Cúnta agus mar Phríomhoide Tánaisteach a Líontar trí chomórtas inmheánach ........ 56

**AGUISÍNÍ ........ 63**

Aguisín 1: Ráiteas Teimpléid maidir le Róil agus Freagrachtaí ........ 64
Aguisín 2: Tuairisc chun Bonn Eolais a chur faoin Athbhreithniú ........ 65
Aguisín 3: Foirm um Fhógra Achomhairc ........ 66
Aguisín 4: Foirm um Fhreagra na Bainistíochta ........ 69

**CAIBIDIL 4 ........ 72**

**NÓSANNA IMEACHTA CEAPACHÁIN CHUIG POST AN PHRÍOMHOIDE AGUS AN PHRÍOMHOIDE THÁNAISTIGH (COMÓRTAS OSCAILTE) ........ 72**

1. Príomhoide agus Príomhoide Tánaisteach ........ 72
2. Nósanna Imeachta Earcaíochta agus Ceapacháin do Phríomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteach (Comórtas Oscailte) i mBunscoileanna Aitheanta ........ 73
3. Ról an Bhoird Bhainistíochta/Bainisteora/BOO ........ 73
4. Critéir Incháilitheachta le haghaidh Ceapacháin i bPost mar Phríomhoide agus mar Phríomhoide Tánaisteach ........ 74
5. Próiseas Comórtais do Phríomhoidí ........ 75
6. Ceapacháin chuig Poist Phríomhoide Thánaistigh trí Chomórtas Oscailte ........ 75
7. Rialacha Fógraíochta ........ 76
8. Iarratais Leictreonacha ........ 78
9. Comhdhéanamh an Bhoird Agallaimh - ........ 79
10. Creat Ceannaireachta ........ 81
11. Critéir Mheasúnachta ........ 83
12. Agallaimh ........ 85
13. An tIarratasóir ar éirigh leis/léi a Cheapadh ........ 86
14. Tuairisciú agus Athbhreithniú ........ 88
15. Conarthaí - Téarmaí Fostaíochta ........ 88
16. Comhall ........ 89
17. Taifead na nDoiciméad atá le Coimeád ag Údaráis Scoile ........ 89

**CAIBIDIL 5 ........ 91**

**SINSEARACHT MÚINTEOIRÍ ........ 91**

1. Tábhacht na Sinsearachta ........ 91
2. Freagracht an Bhoird Bhainistíochta/BOO ........ 91
3. Na Rialacha chun Sinsearacht a Chinneadh ........ 91
4. Sinsearacht i Scoil Chónasctha ........ 93
5. Múinteoirí Athimlonnaithe ........ 93

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Chiorcláin seo beidh na bríonna seo a leanas ag na téarmaí seo a leanas ach amháin má chuireann an comhthéacs a mhalairt in iúl:

| | |
|---|---|
| **Cáilithe go cuí:** | Ciallaíonn sé go bhfuil cáilíochtaí ag an múinteoir atá oiriúnach don phost agus go bhfuil sé/sí cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta don earnáil a bhfuil sé/sí le fostú inti. |
| **Cláraithe go cuí:** | Ciallaíonn sé múinteoir a bhfuil a ainm/hainm curtha ar chlár na Comhairle Múinteoireachta don earnáil a bhfuil sé/sí le fostú inti. |
| **Bord/Bord Bainistíochta/Bainisteora/Bainisteoirí:** | Ciallaíonn sé an comhlacht daoine nó an duine atá ceaptha ag an bPátrún chun an scoil a bhainistiú. |
| **PF:** | Príomhfheidhmeannach BOO atá freagrach as feidhmeanna feidhmiúcháin lena n-áirítear earcú agus fostú foirne. |
| **CID:** | Ciallaíonn sé Conradh tréimhse éiginnte |
| **Laethanta:** | Ciallaíonn sé laethanta féilire; ach amháin má tá a mhalairt sonraithe. |
| **DEASP:** | Ciallaíonn sé an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. |
| **Roinn:** | Ciallaíonn sé an Roinn Oideachais agus Scileanna. |
| **Fostóir:** | Ciallaíonn sé Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) do ghairmscoileanna/coláistí pobail, pobalscoileanna náisiúnta agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir más bunscoileanna (seachas pobalscoileanna náisiúnta), meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna nó scoileanna cuimsitheacha atá i gceist. Féadann an BOO nó an Bord Bainistíochta/Bainisteoir freagracht a tharmligean mar is cuí maidir le gnóthaí atá leagtha amach sa chiorclán seo. |
| **BOO:** | Tagraíonn sé do Bhord Oideachais agus Oiliúna. |
| **Conradh Téarma Seasta:** | Ciallaíonn sé conradh fostaíochta arna íoc ag airgead ón Oireachtas, cibé acu go lánaimseartha nó go páirtaimseartha, ina socraítear deireadh na |

fostaíochta faoi chaibidil trí choinníoll oibiachtúil cosúil le dáta ar leith a shroichint, tásc ar leith a chríochnú nó imeacht ar leith a bheith ag tarlú. Sa chiorclán seo tagraíonn an frása 'conradh téarma seasta' leis do chonarthaí cuspóra seasta agus/nó conarthaí sainchuspóra.

**Múinteoir Téarma Seasta:** Ciallaíonn sé múinteoir atá fostaithe ar chonradh téarma seasta.

**Painéal Inmheánach:** Ciallaíonn sé liosta a dhéanann Bord Agallaimh d'iarratasóirí a mheasann sé a bheith oiriúnach le haghaidh ceapacháin. Déantar in ord fiúntais é tar éis feachtas earcaíochta. D'fhéadfaí é a úsáid chun folúntais amach anseo a líonadh má tá a leithéid sonraithe sa bhfógra poist.

**Aire:** Tagraíonn sé don Aire Oideachais agus Scileanna.

**Pámháistir:** Ciallaíonn sé an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcás múinteoirí bunscoile.

**Liúntas ar bhonn pearsanta:** Liúntas do phost ceannaireachta agus bainistíochta a choinníonn múinteoir fad a fhanann sé/sí ag teagasc sa scoil (m.sh. má bhí múinteoir ag feidhmiú ar feadh breis is cúig scoilbhliana as a chéile agus go gcoinníonn sé/sí an liúntas ar bhonn pearsanta) é sin, go má aistrítear chuig scoil eile ar bhonn éigeantach é.

**Post:** Tagraíonn sé do phost múinteoireachta, cibé acu, lánaimseartha nó páirtaimseartha, a mhaoinítear as airgead atá á chur ar fáil ag an Oireachtas.

**Cúntóir faoi phribhléid:** Iarphríomhoide ar cheann amháin de na scoileanna cónasctha/scoil dhúnta nach Príomhoide na scoile nua é (ní bhaineann an téarma ach i gcás príomhoidí, ní sealbhóirí poist eile, féach liúntas ar bhonn pearsanta thuas maidir le sealbhóirí poist eile).

**Scoil Aitheanta:** Ciallaíonn sé scoil atá aitheanta ag an Aire i gcomhréir le hAlt 10 den Acht Oideachais, 1998;

**Múinteoir Cláraithe:** Ciallaíonn sé múinteoir a bhfuil a (h)ainm cláraithe ar chlár na Comhairle Múinteoireachta.

| | |
|---|---|
| **Múinteoir Scortha:** | Ciallaíonn sé múinteoir cláraithe atá ag fáil pinsin i ndáil le seirbhís a thug sé/sí mar mhúinteoir faoi scéim phinsin na seirbhíse poiblí. |
| **Scoilbhliain:** | Is é an 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Lúnasa den bhliain féilire dár gcionn an scoilbhliain oifigiúil chun críocha conartha. |
| **An Chomhairle Mhúinteoireachta:** | Ciallaíonn sé an Chomhairle a cuireadh ar bun faoi Alt 5 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta 2001-2016. |
| **An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta:** | Ciallaíonn sé an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2016 faoinar bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta agus faoina gcomhlíonann sí a cuid feidhmeanna. |
| **Seirbhís mhúinteoireachta arna haithint ag an ROS:** | Ciallaíonn sé seirbhís mhúinteoireachta atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna / Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) chun críocha sochair bhreisíoch. |
| **Seachtain:** | Ciallaíonn sé seachtain féilire; ach amháin má tá a mhalairt sonraithe. |

# CAIBIDIL 1

# RIACHTANAS UM CHLÁRÚ LEIS AN gCOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA

## 1. An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2016

1.1 Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2016.

1.2 Tháinig tosach feidhme le Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta le héifeacht ón 28 Eanáir 2014 faoi I.R. Uimh.419/2013 – Ordú 2013 an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 (Tosach Feidhme).

1.3 Seachas na heisceachtaí teoranta a cheadaítear faoi Rialacháin an Aire cuireann Alt 30 cosc ar íocaíocht as cistí an Oireachtais le daoine atá fostaithe mar mhúinteoirí i scoileanna aitheanta ach amháin má tá siad cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Cuirtear sonraí maidir le stair cláraithe ar fáil ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus coinníonn an Pámháistir iad. Níl cead ag an bPámháistir íocaíochtaí tuarastail a dhéanamh más rud é go bhfuair múinteoir cead ó fhostóir dul i mbun teagaisc ach gan a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta ag an am sin.

1.4 Ní bhaineann Alt 30 le duine atá fostaithe:

a) mar mhúinteoir in ionad oideachais (seachas scoil), ionad a chuireann oideachas ollscoile ar fáil nó oideachas tríú leibhéil eile, suíomh oideachais nó oiliúna eile (m. sh. Ógtheagmháil, soláthar áirithe SDOG), nó

b) i scoil aitheanta i ról eile seachas ról múinteoireachta (féach Cuid 4 thíos).

1.5 Mura athnuaitear an clárú faoin dáta athnuachana bainfidh an Chomhairle an múinteoir den gClár de réir Ailt 34. Caithfidh múinteoir a baineadh den gClár ath-iarratas a dhéanamh ar chlárú faoi Alt 31 den Acht. Mar chuid den iarratas seo déanfar grinnfhiosrúchán an Bhiúró Náisiúnta Ghrinnfhiosrúcháin agus scrúdú na gcáilíochtaí.

1.6 De réir Ailt 36 den Acht cuirfidh múinteoir cáilithe an Chomhairle Mhúinteoireachta ar an eolas a luaithe agus is féidir faoi athrú ar bith a bhfuil gá leis maidir leis na sonraí atá sa chlár. Seolfar gach comhfhreagras maidir leis an gclárú chuig an seoladh atá taifeadta sa chlár chun na críche sin. Eiseofar gach comhfhreagras chun críocha íocaíochta chuig an seoladh atá taifeadta ar phárolla na Roinne. Ní bheidh aon locht ar an gComhairle/Pámháistir más rud é nach bhfaightear comhfhreagras mura bhfuil na sonraí coinnithe cothrom le dáta.

## 2. Earcaíocht Múinteoirí

2.1 Agus daoine á n-earcú chuig poist mhúinteoireachta ní mór d'fhostóirí riachtanais chlárúcháin an Achta um an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an I.R. Uimh. 32/2014 a chomhlíonadh.

2.2 Go sonrach, ba chóir d'fhostóirí a chinntiú go bhfuil clárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta san áireamh mar riachtanas nuair a fhógraítear folúntais mhúinteoireachta. Ba chóir fianaise ar chlárú reatha a lorg leis sula dtairgtear an post; (m. sh. is féidir leis an bhfostóir féachaint ar Theastas Clárúcháin múinteora nó stádas cláraithe an mhúinteora a dheimhniú tríd an bhfeidhm Cuardaigh an Clár ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta ag www.teachingcouncil.ie).

2.3 Ní mór d'fhostóirí a chinntiú go gcuirtear an riachtanas chun clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta a choinneáil a chur isteach mar choinníoll i ngach conradh.

2.4 Seachas na cúinsí teoranta eisceachtúla atá ceadaithe faoi Rialacháin an Aire agus atá leagtha amach anseo thíos ní féidir íocaíocht as airgead a chuireann an tOireachtas ar fáil a thabhairt do dhuine neamhchláraithe atá fostaithe in ionad múinteora i scoil aitheanta.

## 3. Eisceachtaí teoranta faoi Rialachán an Aire ón riachtanas múinteoir cláraithe a fhostú

3.1 Tá na heisceachtaí teoranta ar alt 1.3 mar atáid leagtha amach anseo ceadaithe faoi Rialacháin an Aire, (I.R. Uimh. 32/2014, Rialacháin 2014 an Acht Oideachais 1998 (Daoine neamhchláraithe).

3.2 Forálann na Rialacháin mar seo a leanas:

a) Is féidir le duine neamhchláraithe a cheapadh má tá gach iarracht réasúnta déanta ag fostóir múinteoir cláraithe a cheapadh de réir na ngnáthnósanna imeachta ceapacháin agus

níl aon mhúinteoir cláraithe ar fáil chun glacadh leis an bpost faoi chaibidil.

b) Íocfar ráta íocaíochta aonair do dhaoine neamhchláraithe le duine neamhchláraithe, a fhostaítear faoi na rialacháin seo. Beidh an ráta íocaíochta seo níos ísle ná an ceann atá iníoctha le múinteoirí cláraithe (ráta neamhchláraithe).

c) Ní féidir íocaíocht as cistí a chuireann an tOireachtas ar fáil a thabhairt do dhuine atá ceaptha mar seo ar feadh tréimhse leanúnaí níos faide ná 5 lá scoile as a chéile.

d) Ní mór don bhfostóir a bheith cinnte go bhfuil duine neamhchláraithe a cheaptar mar seo cumasach agus in ann gníomhú in ionad múinteora chláraithe sa scoil.

e) Má éilíonn cúinsí duine neamhchláraithe a fhostú leanfaidh an fostóir air ag déanamh gach iarrachta réasúnta múinteoir cláraithe a fhostú.

f) Ní mór gur téarma agus coinníoll i gconradh fostaíochta an duine neamhchláraithe é go gcríochnófar é láithreach bonn más féidir leis an bhfostóir múinteoir cláraithe a chur ina (h)ionad, é sin nó ag deireadh 5 lá scoile as a chéile (áireofar lá/laethanta seirbhíse i scoileanna eile faoi rialachán na 5 lá as a chéile chomh maith), cibé acu is túisce.

g) De bhun Rialachán 10(1) agus 10(2), d'I.R. Uimh. 32/2014ní mór don bhfostóir fianaise a choinneáil agus ní mór a bheith ar a chumas an fhianaise a thaispeáint don Aire, nach raibh ar a chumas múinteoir cláraithe a fhostú in ionad múinteora chláraithe i scoil aitheanta.

3.3 **Duine neamhchláraithe**

a) Tá gach ceapachán faoi réir comhlíonadh an Achta Biúró Náisiúnta Ghrinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 agus comhlíonadh Ciorclán ábhartha na Roinne maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

b) Ní mór do dhuine neamhchláraithe a ceapadh mar seo cáilíocht ag leibhéal 7 ar Chreatlach Náisiúnta na gCáilíochtaí a bheith aige/aici (laistigh de bhrí an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012.

c) Ní mór do Phríomhoide na scoile taifead a choimeád i scríbhinn gur rinneadh ceapachán ar bith mar seo de réir na Rialacháin agus cuirfidh sé an fostóir ar an eolas. Ba chóir seo a bhreacadh síos i miontuairiscí an chéad chruinnithe eile de chuid an Bhoird Bhainistíochta/a chur in iúl don mBOO.

3.4 Ní cheadaíonn Rialacháin an Aire íocaíocht as cistí a chuireann an tOireachtas ar fáil le múinteoir cláraithe atá curtha ar fionraí nó a baineadh den gclár de réir Coda 5 (Feidhmiúlacht chun Múineadh) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2016. Foráiltear mar seo a leanas in Alt 47 fo-alt (3) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta mar a leasaíodh: Má dhéanann an Ard-Chúirt ordú eatramhach nó idirbhreitheach faoin alt in go bhfuil clárú múinteora (atá fostaithe i scoil aitheanta ar an dáta sin agus atá ag fáil íocaíochta as cistiú atá á gcur ar fáil ag an Oireachtas) le cur ar fionraí, cuirfidh an Chúirt treoir san áireamh san ordú maidir le cé acu an leanfaidh nó nach leanfaidh an múinteoir de bheith ag fáil pá de bhun a c(h)onartha fostaíochta as cistiú atá á gcur ar fáil ag an Oireachtas.

3.5 Tá de dhualgas ar Éirinn ag an leibhéal Eorpach soláthar saineolaí teanga (teanga dhúchais) a chur ar fáil do pháistí de chuid oifigigh institiúidí áirithe an AE. Tá dualgas leanúnach ar an Stát an soláthar seo a sheachadadh. D'fhonn an gealltanas leanúnach seo a chomhlíonadh tá eisceacht curtha ar fáil maidir le Rialacháin an Aire chun fostaíocht duine neamhchláraithe a cheadú ar cainteoir dúchais na teanga é/í atá le seachadadh (féach Rialachán 5), ar feadh tréimhse nach faide ná scoilbhliain amháin in aon bhabhta amháin (féach Rialachán 7). De réir Rialacháin an Aire ní cóir an duine céanna a athfhostú sa bhfeidhm seo i gconarthaí ina dhiaidh a chéile.

3.6 Cuireann na Rialacháin de cheangal ar an Roinn agus ar an BOO agus coisceann an dlí eisceachtaí a dhéanamh i gcásanna aonair. Níl aon rogha ann imeacht ó na Rialacháin.

## 4. Aicmiú post áirithe mar phoist neamhtheagaisc

### 4.1 Róil speisialtóra áirithe i scoileanna speisialta

Bhíodh líon beag ról i scoileanna speisialta á soláthar ag daoine nach raibh ina múinteoirí cáilithe tráth cé go raibh sincháilíochtaí nó saineolas acu i réimsí ar nós Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, Gairneoireacht, Teagascóir Snámha, staidéar ríomhaire TF agus ceardaíocht. Ag tosach feidhme Ailt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta bhíodh a leithéid de phoist aicmithe mar phoist teagascóra agus dá bhrí sin níor fhéachtaí orthu mar phoist teagaisc á mar phoist a bhí faoi réir riachtanais Ailt 30. Choinníodh daoine a bhí fostaithe sna poist seo an ráta pá a agus na coinníollacha fostaíochta a bhí acu roimhe sin an uair úd.

Is é a bhí i gceist leis an socrú/foráil seo cead a thabhairt do shealbhóirí poist a bhí ann fanacht ina n-áiteanna oibre agus é sin a éascú. Nuair a fhágfaidh na sealbhóirí poist reatha nó nuair a rachaidh siad ar scor áfach, níor chóir ach iad siúd atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta a cheapadh i bpoist i scoileanna speisialta.

Liosta cúrsaí/modúil Oideachais Speisialta arna athainmniú i gcomhair seachadta ag teagascóir

(Is féidir an liosta seo a mhionathrú ó am go chéile):

- Teanga Chomharthaíochta na hÉireann
- Teagascóir Snámha
- Gairneoireacht/Garraíodóireacht
- Súgradh agus Tacaíocht Idirghníomhach
- Staidéir Ríomhaire TF
- Teiripe Ceoil
- Ceardaíocht

## 5. An Chomhairle Mhúinteoireachta

5.1 Éilíonn an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta a chur i gcuimhne do gach múinteoir cláraithe i scríbhinn gach bliain an clárúchán a athnuachan. Mura ndéanann múinteoir an clárúchán a athnuachan ní mór don gcomhairle fógra míosa a thabhairt i scríbhinn nach n-athnuafar an clárúchán ach amháin má chuirfear an t-iarratas agus an táille athnuachana isteach laistigh den mhí sin. Cuireann an comhfhreagras seo i gcuimhne dóibh siúd a fhaigheann é nach féidir tuarastal ó chistí an Oireachtais a íoc ach le múinteoirí cláraithe agus spreagann sé múinteoirí cláraithe lena gclárúchán a choinneáil. Tá dualgas láithreach ar an múinteoir a chur in iúl dá fhostóir nach bhfuil an clárúchán athnuaite aige.

5.2 Seolfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta fógra meabhrúcháin agus foirm athnuachana chuig gach múinteoir gach bliain roimh a d(h)áta athnuachana. Seolfar an chéad litir fógra amháin chuig an seoladh comhfhreagrais is déanaí a cuireadh in iúl. Lena chois sin seolann an Chomhairle amach meabhrúcháin trí ríomhphost agus teachtaireacht SMS má tá an t-eolas curtha ar fáil ag múinteoir. Ba chóir do mhúinteoir cláraithe nóta dá d(h)áta athnuachana a bhreacadh síos agus ba chóir dó teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle mura bhfaightear an fógra athnuachana tráth ba chóir don bhfógra seo teacht.

5.3 Sa chás nach athnuaitear an clárúchán faoin dáta athnuachana seolfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta fógra chuig an múinteoir chun a chur in iúl go mbainfear é/í den gclár mura n-athnuaitear an clárúchán. Sa bhfógra saineofar na torthaí atá i gceist má bhaintear múinteoir cláraithe i mbun fostaíochta den gclár, scor tuarastail san áireamh.

## 6. An Phámháistir

6.1 Tabharfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta sonraí clárúcháin maidir le gach múinteoir don bPámháistir ar bhonn leanúnach.

6.2 Scrúdóidh an Pámháistir stair chlárúcháin gach duine atá chun tuarastal a fháil roimh dó an párolla a phróiseáil, chun an clárúchán a dheimhniú. Seachas roinnt bheag eisceachtaí (a ndéantar foráil dóibh i Rialacháin an Aire a leagadh amach roimhe seo i gCuid 3), ní íocfaidh an Pámháistir tuarastal le duine ar bith nach bhfuil cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Ní dhéanfar aon íocaíocht shiarghabhálach i leith na tréimhse nach raibh duine cláraithe inti.

6.3 Ní mór don bPámháistir tuarastal ar bith a íocadh i leith tréimhse ina raibh clárúchán éagtha a aisghabháil. Ós rud é go bhforálann Alt 30 nach bhfuil teideal chuig tuarastal ann sa chás sin tá an aisghabháil sin de réir an reachta agus ní dhéileálfar leis faoi ghnáthnósanna imeachta um ró-íocaíocht de réir mar atá leagtha amach faoi láthair i gCiorclán 0084/2015 "Beartas agus Nósanna Imeachta chun ró-íocaíochtaí tuarastail nó pinsin a Aisghabháil" agus i gcás BOO, Ciorclán BOO 0032/2016, "Policy and Procedures for dealing with the recovery of overpayments of salary". Más féidir ní mór an tsuim ar fad a aisghabháil in aon chnapshuim amháin. Mura bhfuil dóthain cistí ar fáil in aon íocaíocht tuarastail chun an tsuim ar fad a chlúdach, leathfar an aisghabháil thar an líon íosta íocaíochtaí tuarastail is gá chun an tsuim ar fad a aisghabháil.

6.4 Atosóidh an Pámháistir ar íocaíocht an tuarastail ón dáta a bhfilleann an múinteoir ar a chuid dualgas tar éis dó clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

## 7. Poist Fhreagrachta

7.1 Ní féidir duine a cheapadh i bpost freagrachta nó íoc as ach amháin má tá sé cláraithe go cuí.

## 8. Saoire Neamhláithreachta Íoctha

8.1 Ní mór do gach múinteoir atá ar shaoire neamhláithreachta íoctha de shaghas ar bith a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus an clárúchán seo a choinneáil gach uile thráth. Sa chás go n-éagann

clárúchán duine le linn dó a bheith ar shaoire neamhláithreachta íoctha ní íocfar an tuarastal ar feadh na tréimhse a bhfuil sé/sí gan chlárú agus fanann an duine ar an gcineál saoire bunaidh.

## 9. Poiblíocht agus Fógraí Maidir le Clárúchán

9.1 Tá mír chuimsitheach ar Cheisteanna Coitiantaag an gComhairle Mhúinteoireachta ar a suíomh gréasáin a phléann ceisteanna ar nós clárúcháin, athnuachan agus Alt 30. Tá leathanach eolaisar shuíomh gréasáin na Roinne leis, ar an gá le bheith cláraithe.

9.2 Ba chóir gach ceist maidir le clárúchán a chur chuig an gComhairle Mhúinteoireachta ag an seoladh r-phoist seo: section30@teachingcouncil.ie.

## 10. Saoire um Neamhchlárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta

10.1 Ní mór do mhúinteoir a fhaigheann fógra ón gComhairle Mhúinteoireachta go mbainfear é/í den gclár mura n-athnuafar an clárúchán é seo a chur in iúl dá f(h)ostóir láithreach bonn agus iarratas a dhéanamh chuig a f(h)ostóir ar shaoire um Neamhchlárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

10.2 Is é is Saoire TCNR ann ná Saoire Neamhláithreachta gan phá a thugtar chun gur féidir leis na daoine lena mbaineann déileáil le ceisteanna um chlárúchán. Ba chóir don bhfostóir múinteoir a chur ar shaoire TCNR má thuigeann sé go bhfuil clárúcháin an mhúinteora leis an gComhairle Mhúinteoireachta éagtha, faoi réir na rudaí seo a leanas:

a) Is féidir tréimhse saoire TCNR gan phá a dheonú dóibh siúd nach bhfuil cláraithe ach atá cáilithe agus incháilithe i gcomhair clárúcháin, faoi réir tréimhse 6 mhí ar a mhéid, d’fhonn déileáil le ceisteanna ar bith a chuireann moill ar chlárúchán/athnuachan.

b) Maidir leo siúd nach raibh incháilithe i gcomhair clárúcháin nuair a achtaíodh Alt 30 ar an 28 Eanáir 2014, ach ar mhian leo clárú, bhí tréimhse saoire TCNR gan phá ar fáil dóibh chun na cáilíochtaí a fháil atá riachtanach chun clárú. Bhí an tsaoire TCNR srianta sa chás seo sa mhéid nach raibh breis is 6 bliana i gceist, é sin nó go deireadh a c(h)onradh fostaíochta ag an am sin, cibé acu is túisce.

c) Chun saoire TCNR a fháil ní mór fianaise a chur isteach chuig an bhfostóir go bhfuil clárúchán á lorg i ndáiríre. Ní mór don bhfostóir deimhniú don bPámháistir gur deonaíodh tréimhse saoire gan phá faoin bhforáil seo.

10.3 **Ceapachán Múinteoir Ionaid** - má táthar chun múinteoir ionaid a fhostú chun saoire TCNR a chlúdach tairgfear conradh téarma sheasta/conradh sainchuspóra dó/di ar féidir críoch a chur leis nuair a fhilleann an duine atá ar saoire, nuair a théann an duine sin ar scor nó nuair a bhíonn deireadh le conradh an duine sin, ach tráth nach déanaí ná deireadh na scoilbhliana.

10.4 **Filleadh ar Dualgas -**

a) ní mór do dhuine atá ar saoire TCNR a chur in iúl don bhfostóir láithreach bonn ar chlárú dó leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus socrófar dáta leis an bhfostóir i gcomhair an dáta is túisce is féidir chun filleadh ar na dualgais.

b) Tá d'fhreagracht ar an bhfostóir an Pámháistir a chur ar an eolas faoi dháta fillte an mhúinteora ar a chuid dualgas tar éis a bheith ar saoire TCNR.

c) Rachaidh duine a fhilleann ó shaoire TCNR tar éis breis is dhá scoilbhliana faoi scagthástáil ag an tSeirbhís Sláinte Ceirde. Is réamhchoinníoll é chun an tuarastal a chur ar ais go measann an tSeirbhís Sláinte Ceirde go bhfuil an duine ábalta de réir míochaine dul i mbun a dhualgais sula gceadaítear dó/di filleadh ar a p(h)ost.

d) Beidh feidhm ag na téarmaí agus coinníollacha do mhúinteoirí go ginearálta, téarmaí scéime athlonnaithe atá ann tráth a fhillte san áireamh, i leith an duine a fhilleann ar a chuid dualgais tar éis saoire TCNR.

e) Íocfar múinteoir cláraithe a fhilleann ó shaoire TCNR ón dáta a fhilleann sé ar a chuid dualgas.

10.5 **Sochar Breisíoch** - ní áirítear tréimhse saoire neamhláithreachta TCNR chun críocha sochair bhreisíoch.

10.6 Ní áirítear seirbhís a chuirtear isteach faoi na heisceachtaí teoranta atá ceadaithe ag Rialachán an Aire (leagtha amach i gCuid 3 thuas) chun críocha sochair bhreisíoch.

10.7 **Teidlíochtaí Leasa Shóisialta** - Ba chóir do dhuine ar mian leis/léi a chuid teidlíochtaí leasa shóisialta a choinneáil le linn saoire TCNR teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí chun comhairle a fháil.

10.8 Is fostaí an fhostóra é duine atá ar saoire TCNR ar feadh tréimhse na neamhláithreachta agus ní hionann an neamhláithreacht agus briseadh seirbhíse chun críocha Aicme ÁSPC a shocrú.

10.9 **Pinsin** - ní áirítear tréimhse saoire neamhláithreachta TCNR chun críocha pinsin. Faoi réir forálacha na Scéime do Cheannach Seirbhíse Barúlaí is féidir an tréimhse a áireamh chun críocha pinsin má íoctar ranníocaíochtaí ag lánchostas achtúireach tar éis filleadh ar na dualgais.

10.10 Tá tuilleadh eolais ar cheannach Seirbhíse Barúlaí ar fáil ó shuíomh gréasáin na Roinne. Is féidir ceisteanna faoin tseirbhís bharúlach a sheoladh trí r-phost chuig pensions@education.gov.ienó a chur chuig Aonad Pinsin na Roinne.

10.11 Thosaigh Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Baineann an Scéim le gach iontrálaí céad-uaire chuig an tSeirbhís Phoiblí ar an dáta seo nó ina dhiaidh agus le fostaithe sa tseirbhís phoiblí a fhilleann ar an tseirbhís phoiblí tar éis sosa i seirbhís inphinsin a mhair ní b'fhaide ná 26 seachtaine. (Ní hionann tréimhse saoire TCNR cheadaithe agus sos seirbhíse chun críocha na Scéime Aonair.) Tá tuilleadh eolais ar Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag Single Scheme Booklet.

10.12 **Asbhaintí Deonacha ag an bhFoinse** - má ghlacann duine saoire TCNR tagann deireadh lena t(h)uarastal.

10.13 Is ar an duine atá ar saoire TCNR amháin atá an fhreagracht a chinntiú nach n-éagfaidh asbhaintí deonacha ar nós polasaithe árachas leighis, árachas um leanúnachas ioncaim, ranníocaíochtaí ceardchumainn, comhar creidmheasa agus íocaíochtaí cáin mhaoine áitiúil srl.

10.14 Níl aon fhreagracht ar an bPámháistir i leith polasaithe de shaghas ar bith a éagann. Tá tuilleadh sonraí maidir le hasbhaintí deonacha ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Voluntary Deductions.

# CAIBIDIL 2

# Nósanna imeachta um Earcaíocht agus Ceapachán Múinteoirí

## 1. Nósanna Imeachta maidir le Múinteoirí a Earcú agus a Cheapadh i mBunscoileanna Aitheanta

1.1 Cumadh na nósanna imeachta a léirítear sa Chaibidil seo chun nósanna imeachta córa agus cothroma a sholáthar chun múinteoirí a cheapadh chuig poist mhúinteoireachta atá á maoiniú ag an Oireachtas i scoileanna aitheanta. Tá de cheangal ar Bhord Bainistíochta/Bord Oideachais agus Oiliúna na nósanna imeachta seo a chur i bhfeidhm.

## 2. Ról an Bhoird Bhainistíochta/Bainisteora/BOO

2.1 Tá d’fhreagracht ar gach fostóir nósanna imeachta éifeachtacha a choimeád chun iad seo a leanas a chinntiú:-

a) Oscailteacht agus trédhearcacht i bpróiseas ceapacháin chuig poist as cistiú a chuireann an tOireachtas ar fáil,

b) Comhall le:

i. reachtaíocht ábhartha atá i bhfeidhm tráth a ndéantar an ceapachán.

ii. de réir Ailt 15 den Acht Oideachais, 1998 is é an Bord Bainistíochta a bhainistíonn scoileanna thar ceann an Pátrúin. Tá dualgas reachtúil ar an mBord Bainistíochta scoile d’fhonn a áirithiú go gcuirtear oideachas iomchuí ar fáil do gach dalta de chuid na scoile. I mbunscoileanna seachas Pobalscoileanna Náisiúnta déanfaidh an Bord Bainistíochta gach ceapachán múinteora de réir na reachtaíochta ábhartha, na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta, Ciorclán reatha na Roinne agus táid faoi réir faofa an Phátrúin roimh ré.

2.2 Ní fostóir foirne i scoil é Bord Bainistíochta Pobalscoile Náisiúnta atá faoi phátrúnacht BOO. Is é an BOO an fostóir. De réir Ailt 6 den Acht Oideachais (Leasú), 2012 is ar an mBOO atá an fhreagracht an Príomhoide, na múinteoirí agus foireann eile na scoile a fhostú a bunaíodh ag an mBOO nó atá á choinneáil aige. Beidh gach ceapachán de réir forála reachtúla, Ciorclán ábhartha na Roinne, comhaontuithe fostaíochta agus earnála. Déanfaidh an Bord Agallaimh an moladh maidir le ceapacháin agus ós rud é gur feidhm fheidhmiúcháin iad ceapacháin dearbhóidh an PF na ceapacháin.

2.3 Chun go gcomhlíonfaidh siad a gcuid ról agus freagrachtaí go héifeachtach ba chóir maoirseacht chuí rialta ar theagasc agus ar fhoghlaim sa scoil ó thaobh an Bhoird Bhainistíochta/an Bhainisteora/an BOO a bheith ar siúl. Lena chois sin is féidir leis an mBord Bainistíochta/Bainisteoir/BOO príomhról a ghlacadh, agus ba chóir dóibh é seo a dhéanamh, i dtaobh feabhas a chur ar chaighdeáin sa scoil. Ina thaobh seo, agus ó thaobh ceannaireachta de, tá freagrachtaí nach beag ar Bhoird Bhainistíochta/Bainisteoir/BOO i ndáil le treo na scoile a leagan síos.

## 3. Riachtanais Íosta le hAghaidh Fostaíochta mar Mhúinteoir

3.1 Cinnteoidh gach fostóir na nithe seo a leanas maidir le gach duine a mholtar i gcomhair ceapacháin i bpost múinteoireachta a íoctar as airgead a chuireann an tOireachtas ar fáil:-

a) Go bhfuil sé/sí cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta le haghaidh na hearnála (féach Cuid 3.2),

***agus***

b) Go bhfuil cáilíochtaí aige/aici atá iomchuí ó thaobh na hearnála de agus oiriúnach don bpost ina bhfostófar é/í (tagraítear dó sa gciorclán seo mar “cáilithe go cuí”),

***agus***

c) Go bhfuil gach ceapachán faoi réir comhlíonadh na nAchtanna um an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 agus Ciorclán ábhartha na Roinne maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

3.2 **RIACHTANAIS CHLÁRÚCHÁIN I gCÁS SUÍOMH BUNSCOILE:-**

| ***Suímh Bhunscoile Phríomhshrutha*** | ***Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) 2016*** |
|---|---|
| Poist Bhunscoile Príomhshrutha | Bealach 1 (Bunscoil) |
| Ranganna Speisialta i mBunscoileanna príomhshrutha/Poist Mhúinteora Oideachais Speisialta | Bealach 1 (Bunscoil)/<br>Bealach 4 (Eile)<br>*Seachas Bealach 4 (2) Iarbhunscoil* |
| Scoileanna Speisialta | Bealach 1 (Bunscoil)/<br>Bealach 4 (Eile)<br>*Seachas Bealach 4 (2) Iarbhunscoil* |
| Scoileanna Speisialta ina bhfuil cion de dhaltaí atá ag freastal orthu in aois iarbhunscoile agus ina gcuirtear cláir dara leibhéil ar fáil, m.sh. Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh, Cláir Foghlama na Sraithe Sóisearaí Leibhéal 2. | Bealach 1 (Bunscoil)/<br>Bealach 4 (Eile)<br>Bealach 2 (Iarbhunscoil) |

3.3 Riachtanas na Gaeilge:

a) Ní mór do mhúinteoirí i mbunscoileanna a bheith cáilithe chun raon na n-ábhar bunscoile a mhúineadh do leanaí idir 4 bliana agus 12 bhliain. Dá réir sin, ní mór d'iarratasóirí a léiriú, chun sástachta na Comhairle Múinteoireachta, go bhfuil siad inniúil chun Gaeilge a mhúineadh agus chun raon na n-ábhar curaclaim bunscoile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge sula dtugtar lánaitheantas dóibh chun dul i mbun teagaisc i ranganna príomhshrutha i scoileanna náisiúnta.

b) I gcás ina bhfuil clár oideachais múinteora déanta ag iarratasóir lasmuigh d'Éirinn, is gnách coinníoll maidir le Riachtanas na Gaeilge a bheith ag gabháil lena c(h)lárú. Féadfaidh an t-iarratasóir Triail Chumais (SCG -- An Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge) a dhéanamh, sin nó Tréimhse Oiriúnaithe (OCG -- Oiriúnú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge), trína ndeimhnítear cumas an iarratasóra chun Gaeilge a mhúineadh mar aon le raon na n-ábhar curaclaim bunscoile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge. Féadfar clárú coinníollach a dheonú dóibh siúd atá i mbun an riachtanais seo a chomhlíonadh.

c) I gcás ina bhfostaíonn fostóir múinteoir a bhfuil easnamh ina gcumas sa Ghaeilge, tá sé de fhreagracht ar an bhfostóir a chinntiú go ndéantar socruithe cuí chun an curaclam Gaeilge a mhúineadh don rang dá leithdháiltear an múinteoir seo. Níor chóir riamh rang a fhágáil gan teagasc inniúil Gaeilge. Iarrfar ar Bhoird Bhainistíochta na socruithe atá i bhfeidhm a thaispeáint do chigirí na Roinne nuair a thugann siad cuairt ar na scoileanna.

3.4 Is féidir múinteoirí lánchláraithe nó múinteoirí a probhádaíodh i suíomh teoranta cheana a cheapadh i bpost Múinteora Oideachais Speisialta. Ba chóir do scoileanna gach iarracht a dhéanamh a chinntiú go gceaptar múinteoirí lánch____áilithe nó múinteoirí a probhádaíodh i suíomh teoranta cheana más féidir. Is féidir leis na múinteoirí sin clárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta a bheith acu faoi Bhealach 1 Bunscoil (Rialachán 2 Bunscoil roimhe seo) nó faoi Bhealach 4 Eile (Rialachán 3 Montessori & Catagóirí Eile roimhe seo).

3.5 Ní mór d'fhostóirí a chinntiú go dtugann gach duine a mholtar le haghaidh fostaíochta fianaise ar chlárúchán reatha leis an gComhairle Mhúinteoireachta sula dtéann sé/sí i mbun a c(h)uid fostaíochta. Is féidir le fostóirí féachaint ar Theastas Clárúcháin mhúinteora leis an gComhairle Mhúinteoireachta nó stádas clárúcháin an mhúinteora a dheimhniú ar líne tríd an bhfeidhm Cuardaigh an Clár atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta ag www.teachingcouncil.ie. Ní mór a bheith mar choinníoll maidir ag fostaíocht i gcónaí go gcoinníonn sé/sí an clárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar feadh tréimhse a f(h)ostaíochta ar fad.

3.6 Íocfar tuarastal do mhúinteoir atá cáilithe go cuí agus atá cláraithe go coinníollach leis an gComhairle Mhúinteoireachta de réir scála tuarastail bhreisíoch na múinteoirí. Tá sé siúd bunaithe ar chomhall leanúnach le téarmaí clárúcháin sa tréimhse atá forordaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus ba chóir é seo a chur isteach sa chonradh fostaíochta.

3.7 Tá dualgas leanúnach ar fhostóirí múinteoirí atá cáilithe go cuí a fhostú. Má fhostaíonn fostóir múinteoir nach bhfuil cláraithe maidir leis an earnáil ní mór dó leanúint de gach iarracht réasúnta a dhéanamh le múinteoir atá cáilithe go cuí a fhostú.

## 4. Fostaíocht Ghearrthéarma (Níos lú ná 24 Seachtaine Féilire)

### 4.1 SEICHEAMH FOSTAÍOCHTA

a) I gcás ina dtagann folúntas chun cinn ní mór don fhostóir múinteoir atá cáilithe go cuí nach bhfuil ar scor a lorg, ar an gcéad dul síos.

b) I gcás ina dteipeann ar gach iarracht chun múinteoir atá cáilithe go cuí nach bhfuil ar scor a fhostú, féadfaidh an fostóir múinteoir atá cáilithe go cuí agus atá ar scor a fhostú.

c) Mura féidir múinteoir faoi (a) nó (b) thuas a earcú, féadfaidh an fostóir múinteoir cláraithe nach bhfuil cáilithe go cuí a fhostú ar bhonn gearrthéarmach, ag tabhairt tús áite do mhúinteoir nach bhfuil ar scor. Ba chóir coinníoll a bheith sa chonradh fostaíochta go mbeidh deireadh leis an gconradh nuair a earcófar múinteoir atá cáilithe go cuí nó an 31 Lúnasa dá éis, cibé acu is túisce. I gcásanna mar sin, ní mór don scoil/BOO a dheimhniú don Phámháistir go ndearna siad gach iarracht réasúnta chun múinteoir atá cáilithe go cuí a fhostú agus nach raibh múinteoir atá cáilithe go cuí ar fáil. Ní mór an dearbhú seo a dhéanamh leis an bPámháistir tríd an gCóras Éileamh ar Líne sular féidir le duine nach bhfuil cáilithe go cuí a íoc as cistí an Oireachtais tríd an gCóras Éileamh ar Líne. Íoctar ráta pá na múinteoirí neamhcháilithe.

Ar deireadh, mura féidir múinteoir cláraithe a aimsiú, féadfaidh an fostóir duine neamhchláraithe a fhostú i gcáil ghearrthéarmach, de réir na n-eisceachtaí teoranta a bhforáiltear dóibh sna Rialacháin faoin Acht Oideachais 1998 (Daoine Neamhchláraithe) 2014. Ní féidir duine neamhchláraithe a íoc as níos mó ná fostaíocht cúig lá scoile as a chéile le fostóir amháin nó níos mó fostóirí uair ar bith agus ba chóir coinníoll a bheith sa chonradh fostaíochta go mbeidh deireadh leis an gconradh:

- láithreach, más féidir leis an bhfostóir i dtrácht múinteoir cláraithe a fhostú sa phost ina bhfuil an duine á fhostú, nó
- ar éag na tréimhse ama lena mbaineann faoi Rialachán 7 de na Rialacháin faoin Acht Oideachais, 1998 (Daoine Neamhchláraithe) 2014.

Má fhostaítear duine neamhchláraithe, déanfaidh an Príomhoide/BOO a thaifead i scríbhinn -

i. go ndearna sé/sí gach iarracht réasúnta, mar fhostóir, chun múinteoir cláraithe a cheapadh, nach bhfuil múinteoir cláraithe ar fáil le fostú sa phost ina bhfuil an duine á fhostú, agus na cúiseanna leis sin, agus

ii. go bhfuil an duine a mholtar le fostú inniúil agus in ann gníomhú i gcáil mhúinteora sa scoil.

Leanfaidh an fostóir de gach iarracht réasúnta a dhéanamh chun múinteoir cláraithe a fhostú sa phost. I gcás gur féidir múinteoir cláraithe atá cáilithe go cuí nó múinteoir cláraithe faoi rialachán ar bith a fhostú cuirfidh an scoil deireadh láithreach bonn le conradh an duine neamhchláraithe.

Má fhostaítear duine neamhchláraithe (féach 3.3 de Chaibidil 1) ar feadh 5 lá scoile as a chéile:

i. íocfar ráta pá na múinteoirí neamhcháilithe dó/di,
ii. ní ceadmhach íocaíocht a thabhairt dó/di as breis is fostaíocht 5 lá scoile as a chéile uair ar bith, agus
iii. ní mór coinníoll a chur ina c(h)onradh fostaíochta go bhfoirceannfar an conradh láithreach bonn más féidir leis an bhfostóir múinteoir cláraithe a fhostú.

## 4.2 CEAPACHÁN IONAID (FOSTAÍOCHT GHEARRTHÉARMACH)

I gcás ina bhfuil gá le hionadaí ní mór don fhostóir múinteoir atá cáilithe go cuí nach bhfuil ar scor a lorg, ar an gcéad dul síos. Féadfar é sin a dhéanamh mar seo a leanas:

1. dul i dteagmháil le duine ar liosta na múinteoirí ionaid atá bunaithe ag an bhfostóir, nó

2. seirbhís náisiúnta múinteoirí ionaid a úsáid, nó

3. fógra a fhoilsiú.

4.3 Coimeádfaidh gach fostóir liosta de mhúinteoirí ionaid atá cáilithe go cuí a bhfuil fógra tugtha acu don fhostóir go bhfuil siad ar fáil le haghaidh obair mar mhúinteoir ionaid. Coimeádfar liosta eile de mhúinteoirí cláraithe ar scor chun cásanna a chlúdach nuair nach féidir múinteoir atá cáilithe go cuí nach bhfuil ar scor a aimsiú le haghaidh obair ionaid.

Féadfaidh dhá fhostóir nó níos mó comhliosta múinteoirí ionaid a bhunú agus a choimeád, agus ba chóir do gach fostóir díobh sin cóip de a choimeád. Tá rogha ag an scoil/BOO úsáid a bhaint as seirbhísí náisiúnta leis, cosúil le*SubSearch* nó *TextaSub* ach mura n-aimsítear múinteoir atá cáilithe go cuí gan a bheith ar scor tríd na seirbhísí sin ní mór don scoil/BOO filleadh ar an liosta. Tá an rogha ag an scoil/BOO úsáid a bhaint as an liosta ar an gcéad dul síos dar ndóigh.

I gcás ina bhfaigheann scoil/BOO fógra ó mhúinteoir atá cáilithe go cuí go bhfuil sí/sé ar fáil, nó go mbeidh sí/sé ar fáil laistigh de mhí amháin ó thug sé/sí fógra d'obair mar mhúinteoir ionaid, ní mór don scoil/BOO an liosta a nuashonrú laistigh de 7 lá agus litir admhála a eisiúint don mhúinteoir i dtrácht.

De réir mar a fhoráiltear sa Phlean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí tá tairseach nua le haghaidh earcaíocht múinteoirí ionaid á forbairt mar acmhainn lárnach do scoileanna/BOO. Is é is cuspóir di deireadh a chur leis an ngá ag scoileanna/BOO liostaí ar leith a choimeád. Cuirfear comhpháirtithe oideachais ar an eolas i dtráth cuí faoi leasú ar bith ar an gciorclán seo ar bhonn na forbartha seo.

4.4 Is féidir le fostóirí úsáid a bhaint as na nósanna imeachta seo chun folúntas a líonadh ar bhonn sealadach go dtí go mbeidh próiseas earcaíochta chun fostaíocht fhadtéarmach a líonadh críochnaithe, is é sin, fostaíocht a mhairfidh ar feadh 24 seachtaine féilire nó níos faide.

## 5. Fostaíocht Fhadtéarmach (24 Seachtaine Féilire Nó Níos Mó)

5.1 Níor chóir d'fhostóirí post múinteoireachta a líonadh ach a chinntiú ar an gcéad dul síos:

a) nach gá don bpost freastal ar oibleagáidí i leith múinteoirí atá anois ann maidir le incháilitheacht do Chonradh Tréimhse Éiginnte,

b) go gcomhlíonann siad rialacha na Roinne maidir le leithdháileadh an tsoláthair foirne agus socruithe athlonnaithe,

c) go bhfuil painéal ar bith a bhunaigh an fostóir i ndiaidh agallamh do phost ("painéal inmheánach") imithe in éag / ídithe.

5.2 Fógrófar gach folúntas a mheastar a mhairfidh 24 seachtaine nó níos mó in iúl ar cheann de na suímh ghréasáin arna bhfaomhadh ag na Comhlachtaí Bainistíochta agus fógrófar é don bhfoireann bhunmhúinteoireachta ar théarma seasta ar fad sa scoil/BOO, lena n-áirítear iad siúd atá ar shaoire neamhláithreachta. Ní dhéanfar aon mhoill neamhréasúnach idir fógairt an fholúntais, foilsiú an fhógra agus líonadh an phoist.

5.3 De réir mar a fhoráiltear sa Phlean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí tá tairseach nua le haghaidh earcaíocht múinteoirí á forbairt mar acmhainn lárnach do scoileanna/BOO. Cuirfear comhpháirtithe oideachais ar an eolas i dtráth cuí faoi leasú ar bith ar an gciorclán seo ar bhonn na forbartha seo.

5.4 Ní mór rúndacht a choimeád ó cheann ceann an phróisis.

## 6. Conarthaí Téarma Seasta Tosaigh a Foirceannadh

6.1 Ní mór conarthaí téarma seasta tosaigh a fhoirceannadh ag deireadh na scoilbhliana agus má tá an fhostaíocht ag leanúint ar aghaidh sa bhliain dár gcionn, ní mór don bhfostóir í a athfhógairt go huathoibríoch agus tabhairt faoi phróiseas nua earcaíochta chun an post a líonadh don dara bliain. Mar sin, ní mór don bhfostóir an conradh a fhoirceannadh agus ní féidir conradh téarma seasta nua a thabhairt d'aon mhúinteoir ach amháin tar éis an post a fhógairt agus agallaimh a reáchtáil ar dtús.

## 7. Rialacha Fógraíochta

7.1 San bhfógra iarrfar ar mhúinteoirí incháilithe iarratais a chur faoi bhráid Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/BOO roimh dháta sonraithe agus chuig seoladh ar leith go leictreonach.

7.2 Luafar sa bhfógra:

| | |
|---|---|
| 1 | Ainm, seoladh, uimhir rolla agus pátrúnacht na scoile. I gcás Pobalscoileanna Náisiúnta, gur scéim BOO é an ceapachán. |
| 2 | Líon na bpost múinteoireachta (Príomhoide san áireamh). |
| 3 | Nádúr an fholúntais (i.e. post múinteoireachta). |
| 4 | Stádas an fholúntais (i.e. cibé buan nó uaireanta conartha téarma seasta, lánaimseartha nó páirtaimseartha). |
| 5 | An dáta a mheastar a thosóidh an post. |
| 6 | An seoladh ar cheart iarratais a sheoladh chuige. Is féidir seoladh poist nó ríomhphoist a thabhairt. |
| 7 | An dáta agus an t-am is déanaí ar a nglacfar le hiarratais chomhlánaithe, dáta nach luaithe ná 14 lá tar éis chéad dáta foilseacháin an fhógra. |
| 8 | Cibé an gá curriculum vitae nó foirm iarratais chaighdeánach a chur isteach. (Níor chóir iarraidh ar iarratasóirí curriculum vitae agus foirm iarratais araon a chur isteach.) |
| 9 | Nádúr na ndualgas a d'fhéadfaí a chur ag gabháil leis an bpost ar dtús (m.sh. Múinteoir Oideachais Speisialta, srl.). Ba chóir a rá gur féidir na dualgais atá luaite san bhfógra a athrú. |
| 10 | Liosta den bhfaisnéis dhoiciméadach is gá chun tacú leis an iarratas (m.sh. Fianaise ar cháilíochtaí, Deimhniú ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta). |
| 11 | Aon doiciméad ábhartha eile (m.sh. teastas chun oideachas reiligiúnach Caitliceach a múineadh i scoileanna faoi phátrúnacht Chaitliceach). |

7.3 Is féidir na nithe seo a leanas a lua sa bhfógra, leis:

| | |
|---|---|
| 1 | Cibé an bhféadfar painéal a bhunú d'iarratasóirí oiriúnacha óna bhféadfaí folúntais amach anseo a líonadh. Má tá painéal inmheánach dá leithéid á chruthú, ní mór é sin a lua sa bhfógra.<br>• **Ní féidir** folúntais bhuana a líonadh ó phainéal a bunaíodh tar éis agallamh le haghaidh poist ar théarma seasta.<br>• I gcás ina bhfuil agallaimh déanta le haghaidh poist bhuain nó poist ar théarma seasta ansin is féidir painéal inmheánach den sórt sin a úsáid chun folúntais ar théarma seasta agus folúntais ionadaíochta a líonadh más ionann nó más lú a bhfad ná an post a bhí i gceist san agallamh.<br>• I gcás ina gcruthaítear painéal inmheánach dá leithéid beidh feidhm aige maidir le haon fholúntas a líontar laistigh de cheithre mhí ón dáta ar ar cheadaigh an Bord an t-iarratasóir rathúil agus ord fiúntais na n-iarratasóirí cáilitheacha, faoi réir teistiméireachtaí oiriúnacha agus ceadú an Phátrúin a bheith faighte roimh ré.<br>• I gcás Pobalscoileanna Náisiúnta ina gcruthaítear painéal inmheánach dá leithéid beidh feidhm aige maidir le folúntais ar bith a líontar laistigh de cheithre mhí ón dáta ar ár cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an t-iarratasóir rathúil agus ord fiúntais na n-iarratasóirí cáilitheacha, faoi réir teistiméireachtaí oiriúnacha a bheith acu.<br>• Ba chóir poist a thairiscint d'iarratasóirí cáilitheacha in ord fiúntais mar a chinntear faoi 13.7 agus 13.8. |
| 2 | Cibé an gá íoslíon iarratas chun go rachaidh an comórtas ar aghaidh. |
| 3 | Cibé an gá clúdach litreach agus stampa agus seoladh air a chur isteach chun doiciméid a fháil ar ais. |
| 4 | I gcás go bhfuil gá le hiarratais tríd an bpost, gur chóir don iarratasóir 'Iarratas' a mharcáil ar an gclúdach litreach. |

7.4 Níor chóir go dtabharfadh fógraí le fios, ná níor chóir go mbeadh sé le tuiscint go réasúnta ó fhógra, go bhfuil sé ar intinn idirdhealú a dhéanamh ar na forais atá leagtha amach in Alt 6(2) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2018, i.e. inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht sa Lucht Taistil. Ba chóir a bheith cúramach agus fógra á dhréachtú, go háirithe agus catagóir inscne na scoile á léiriú, go mbeidh sé le tuiscint uaidh go nglacfar le hiarratais ó fhir agus ó mhná araon, agus go mbreithneofar go cothrom iad.

7.5 Ba chóir poist atá ceadaithe ar bhonn buan a líonadh le ceapachán buan ach amháin má tá cúinsí speisialta i bhfeidhm.

## 8. Iarratais Leictreonacha

8.1 Má roghnaíonn an fostóir glacadh le hiarratais leictreonacha (ríomhphoist/ar líne), ba chóir na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint.

8.2 Ba chóir cuntas ríomhphoist/ar líne ar leith a bhunú don phróiseas iarratais. Mura bhfuil rochtain ag an scoil ar sheoladh ríomhphoist/ar líne ar leithligh, is féidir seirbhís ar nós Gmail a úsáid m.sh. *Ainmscoileiarratas@gmail.com*. Níor chóir ach seoladh ríomhphost amháin a bheith le feiceáil ar an bhfógra.

8.3 Níor chóir go mbeadh rochtain ach ag comhaltaí an Bhoird Agallaimh ar an gcuntas sin.

8.4 Ba chóir cloí go daingean leis an spriocdháta agus an spriocam chun iarratais a chur isteach. Is ionann an dáta agus an t-am atá cláraithe ar an ríomhphost/go leictreonach agus an dáta agus an t-am ar a fhaightear iarratais.

8.5 Déanfar iarratais a oscailt agus a íoslódáil ag cruinniú gearrliosta an Bhoird Agallaimh. I bPobalscoileanna Náisiúnta déanann an PF/oifigeach tarmligthe iarratais a oscailt roimh an ngearrliostáil.

8.6 Measúnófar na hiarratais de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach sa gciorclán seo.

8.7 Is féidir fógra de chuireadh chun agallaimh agus na doiciméid ábhartha atá liostaithe a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist an iarratasóra. D'fhéadfaí go n-iarrfaí ar iarratasóirí a dhearbhú tríd an ríomhphost/go leictreonach go mbeidh siad ag freastal ar an agallamh.

8.8 I gcás ina seoltar ríomhphost chuig roinnt iarratasóirí ag an am céanna, ba chóir a bheith cúramach rúndacht gach iarratasóra a choinneáil. Ba chóir d'fhostóirí úsáid a bhaint as an rogha :bcc, nó ríomhphoist a sheoladh chuig iarratasóirí ar bhonn aonair.

8.9 Féadfaidh fostóirí cinneadh a dhéanamh freagra a chur i scríbhinn (trí ríomhphost/ar líne san áireamh) chuig na hiarratasóirí mírathúla sin a d'fhreastail ar agallaimh. Is féidir é sin a dhéanamh i gcás an iarratasóra rathúil freisin. Mar sin féin, má tá ríomhphost/córas ar líne a úsáid, moltar d'fhostóirí cóip den litir chuig an iarratasóir rathúil a shábháil nó a phriontáil le haghaidh thaifid na scoile/an BOO.

8.10 B'fhéidir go mbeidh an seoladh ríomhphoist ag teastáil le haghaidh feachtas earcaíochta nua ó Bhord Roghnúcháin nua. Mar sin ní mór don scoil gach iarratas leictreonach a shábháil go leictreonach, a scrios ón gcóras ríomhphoist/ar líne agus é a scrios ón gcomhad sábháilte nuair a bhíonn an tréimhse chuí choinneála istigh.

8.11 Úsáid leanúnach a bhaint as seoladh ríomhphoist. I gcás ina mbaintear leas as an seoladh ríomhphoist céanna le haghaidh comórtas ina dhiaidh sin, ba chóir na pasfhocail/rochtain shlándála a athrú chun a áirithiú nach mbeidh rochtain ach ag an mBord Agallaimh nua ar na hiarratais. Ní fhéadfaidh an Bord Agallaimh a mheas ach na hiarratais a fhaightear idir dáta an fhógra agus dáta deiridh an chomórtais.

## 9. Tuairisciú agus Fíorú

9.1 Tuairisceoidh gach Príomhoide (ach amháin Príomhoidí Pobalscoileanna Náisiúnta) ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta:

a) go bhfuil liosta de mhúinteoirí atá cáilithe go cuí á choimeád,

b) na cásanna ina raibh air/uirthi múinteoir ar scor a fhostú (má bhaineann),

c) na cásanna ina raibh air/uirthi duine neamhchláraithe a fhostú (má bhaineann), agus

d) liosta ainmneacha na múinteoirí ionadaíochta agus páirtaimseartha ar fad a bhfuil éilimh déanta ina leith ar an gCóras Éilimh ar Líne ón gcruinniú boird deireanach.

9.2 Ní mór na taifid atá déanta ag Príomhoide a líon post i gcúinse b) agus c) thuas a chur ar fáil le haghaidh iniúchta nuair a iarrann an Bord Bainistíochta/BOO é. I bPobalscoileanna Náisiúnta is é an Roinn Acmhainní Daonna a chuireann na taifid thuas le chéile.

9.3 Tá an acmhainn a thugann múinteoirí ar scor do scoileanna an-tábhachtach ar fad i bhfianaise an dúshláin atá roimh roinnt scoileanna i láthair na huaire maidir le múinteoirí a earcú i réimsí ábhair áirithe agus maidir le folúntais ghearrthéarma a líonadh. Faoin bPlean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí tá roinnt bearta idir lámha chun na fadhbanna seo a réiteach. I láthair na huaire ní mór tabhairt faoi na dúshláin reatha i scoileanna freisin. Ina thaobh seo agus d'fhonn tacú le soláthar múinteoirí ar scor a bheith ar fáil chun glacadh le folúntais ghearrthéarma tá an ROS i dteagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi láthair ag iarraidh go bhféachfaí ar phoist a líonann múinteoir a chomhlánaíonn na critéir faoi Alt 4 de Chaibidil 2 den gciorclán seo mar aicme amháin d'aicmí daoine ar féidir tarscaoileadh a dheonú dóibh ó laghdú pinsin faoi Alt 52 (4) Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012. Tabhair ar aird: Is féidir ceist ar bith maidir le laghdú a sheoladh chuig an Rannóg Pinsin ag an ríomhphost seo a leanas Pensions_Abatement@education.gov.ie.

## 10. Nósanna Imeachta Roghnúcháin Maidir Le Folúntais 24 Seachtaine Nó Níos Mó

### 10.1 COMHDHÉANAMH AN BHOIRD AGALLAIMH -

| | |
|---|---|
| **Bunscoil** | • Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/1 Ainmní ó PF an BOO<br><br>I gcásanna eisceachtúla agus ar chúiseanna bailí, féadfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta iarraidh ar an bPátrún a bheith eisiata ón bpróiseas. I gcás ina gcinneann an Pátrún an t-eisiamh seo a cheadú, déanfaidh an Pátrún socrú chun ionadaí a cheapadh ar an mBord Agallaimh.<br>• Príomhoide Scoile.<br>• Measúnóir neamhspleách, le ceapadh ag an bPátrún tar éis dul i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta. I gcás Pobalscoileanna Náisiúnta ceapann an BOO an Príomhoide.<br><br>I gcás ina roghnaítear múinteoir i dtréimhse tar éis Príomhoide a cheapadh ach roimh don Phríomhoide sin dul i mbun oifige, líonfaidh an Príomhoide nuacheaptha post an Phríomhoide ar an mBord Agallaimh. |

10.2 Ní mór bean amháin ar a laghad agus fear amháin ar a laghad a bheith ar chomhaltaí an Bhoird Agallaimh.

## 11. Critéir Mheasúnachta

11.1 Roimh post a fhógairt féadfaidh an fostóir líon íosta iarratas a shocrú nach mór a fháil le go rachaidh an comórtas ar aghaidh.

11.2 I gcás ina bhfuil líon íosta iarratas sonraithe san fhógrán agus nár sroicheadh é, déanfar an post a fhógairt arís agus beidh foráil ann nach gá do na daoine a bhfuarthas a gcuid iarratas laistigh den am a sonraíodh san fhógra tosaigh iarratas a dhéanamh arís agus go gcoinneofar a gcuid iarratas go dtí an chéad spriocdháta eile.

11.3 Beidh cruinniú ag an mBord Agallaimh a luaithe is féidir, ag a mbunófar critéir chomhaontaithe chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratais agus d'agallaimh sula n-osclaítear na hiarratais a fuarthas. Agus na critéir á socrú, cuirfear na tosca seo a leanas san áireamh, ag féachaint do riachtanais an phoist ar leith agus do na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta, ach ní hé an t aon-ord amháin an t-ord seo a leanas ná ní gá iad a bheith san ord seo.

- Cáilíochtaí Gairmiúla
- Clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta
- Taithí mhúinteoireachta
- Taithí ábhartha eile, m.sh. taithí ar Riachtanais Speisialta; múineadh ilranga, srl.

Ba chóir a bheith cúramach nach mbeidh na critéir ina gcúis le hidirdhealú ar na forais atá leagtha amach in Alt 6(2) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2008, i.e. inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht sa Lucht Taistil.

11.4 I gcás Pobalscoileanna Náisiúnta cinnteoidh an BOO go gcuimsítear na critéir a sonraíodh in 11.3 sna critéir measúnachta.

11.5 Ní mór do na critéir a roghnaítear riachtanais na scoile a léiriú.

11.6 Ní osclófar iarratais ach amháin i láthair an Bhoird Agallaimh. I bPobalscoileanna Náisiúnta déanann an PF/oifigeach tarmligthe iarratais a oscailt roimh an ngearrliostáil.

## 12. Nochtadh leasa/iomláine nósanna imeachta an Bhoird Agallaimh:

12.1 Cuirfidh an Bord Bainistíochta in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Agallaimh go bhfuil sé de fhreagracht ar an mBord Agallaimh díriú ar nochtaí leasa/ionracais de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chiorclán seo. I bPobalscoileanna Náisiúnta is é an BOO a dháileann na hiarratais agus foirm coimhlint leasa amach ar chomhaltaí an Bhoird Agallaimh (cuirtear na foirmeacha agus iad comhlánaithe, ar ais chuig an mBOO).

12.2 Aon chomhalta den Bhord Agallaimh a bhfuil gaol aige/aici le duine is iarratasóir ar phost, cuirfidh sé/sí an gaol sin, agus nádúr an ghaoil sin, in iúl don Bhord Bainistíochta láithreach. Ní gá gurb ionann gaol gairmiúil ann féin agus coinbhleacht leasa a bheith ann m.sh. bheith tar éis múineadh leo nó obair leo roimhe sin. Sa chomhthéacs sin ceanglaítear

ar bhaill an Bhoird Agallaimh nochtadh a dhéanamh ní hamháin i gcás gaol clainne ach i gcás gaol ar bith ina bhféadfaí a mheas go mbeadh sé dochrach i dtaca le neamhchlaontacht iomlán i bpróiseas an agallaimh a áirithiú.

12.3 Tar éis an nochta seo, cinnfidh an Bord Agallaimh cibé an mbeidh aon pháirt eile ag an gcomhalta sin sa phlé nó sa chinneadh ar an gceapachán as sin go dtí go ndaingnítear é ar leibhéal an Bhoird Bhainistíochta. I gcás ina mheasann an Bord Agallaimh go bhfuil údar imní ann maidir le comhalta den Bhord Agallaimh, cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh é sin in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta a chuirfidh in iúl don Phátrún/PF é, ach amháin más ionann Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh agus Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta - sa chás sin níor mhór teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an bPátrún. Is é Ainmní an PF ar Bhord Agallaimh Phobalscoile Náisiúnta a chuirfidh an t-údar imní in iúl don mBOO. Ainmneoidh an Pátrún/PF comhalta eile ina (h)ionad tar éis dul i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/Ainmní an PF.

12.4 Déanfar nochtadh dá leithéid, nádúr an nochta sin agus an cinneadh a thaifeadadh agus a chur san áireamh i dtuairisc scríofa Chathaoirleach an Bhoird Agallaimh chuig an mBord Bainistíochta ar chríoch an phróisis.

12.5 Má chinntítear coinbhleacht leasa seoltar iarratais ar ais nó scriostar iad.

12.6 Is féidir go gcuirfí an próiseas ó mhaith mura nochtar aon ghaol.

## 13. Agallaimh

13.1 Roghnófar na hiarratasóirí le haghaidh agallaimh bunaithe ar mheasúnú tosaigh ar na hiarratais i gcomparáid leis na critéir bhunaithe.

13.2 Má tá triúr iarratasóirí incháilithe nó níos lú ná sin ann, tabharfaidh an Bord Agallaimh/BOO cuireadh do na hiarratasóirí incháilithe ar fad teacht chuig agallamh, nó i gcás nach bhfuarthas an líon íosta iarratas a shocraigh an fostóir faoi 7.3(2), le go rachaidh an comórtas ar aghaidh, déanfar an post a athfhógairt. Seachas sin, tabharfar cuireadh do thriúr iarratasóirí incháilithe ar a laghad teacht chuig agallamh.

13.3 Mura bhfaightear aon iarratas ó iarratasóir cáilithe déanfar an post a athfhógairt.

13.4 De ghnáth, ba chóir cuirí chun freastal ar agallamh a eisiúint i scríbhinn nó tríd an ríomhphost laistigh de thrí seachtaine féilire ón dáta deiridh chun iarratais a fháil agus ba chóir an méid seo a leanas a áireamh iontu:

i. fógra 7 lá ar a laghad, (tar éis dáta dúnta chun iarratais a fháil) de dháta, d'am (lasmuigh d'uaireanta scoile) agus de shuíomh agallaimh ar leith,

ii. sonraí na gcritéar atá socraithe maidir leis an bpost, agus

iii. iarratas ar an iarratasóir a chur in iúl don mBord Agallaimh/BOO má tá aon chabhair bhreise ag teastáil uaidh/uaithi i leith riachtanais speisialta.

13.5 Ní mór rochtain iomlán a bheith ar shuíomh an agallaimh agus go gcomhlíontar an reachtaíocht uile maidir le Míchumas agus Sláinte agus Sábháilteacht ann. Is féidir le scoileanna/BOO cinneadh a dhéanamh dá lánrogha féin agallaimh a éascú trí theicneolaíocht dhigiteach a úsáid, go háirithe i gcás iarratasóirí cáilithe a chónaíonn lasmuigh den Stát, faoi réir an bonneagar teicneolaíochta agus na hacmhainní teicneolaíochta cuí a bheith ar fáil.

13.6 Beidh baint ag gach ceist sna hagallaimh le riachtanais an phoist féin. Ní chuirfear aon cheist ná ní iarrfar ar aon iarratasóir faisnéis a thabhairt a bhféadfaí a fhorléiriú gur ceisteanna nó iarratais idirdhealaitheacha iad.

Agus baill foirne á roghnú le haghaidh scoileanna ina bhfuil buachaillí amháin nó ina bhfuil cailíní amháin ní mór cúram speisialta a ghlacadh lena chinntiú go dtabharfar comhdheis d'iarratasóirí fir is mná araon, chun iad féin a chur i láthair mar iarratasóirí oiriúnacha, agus nach dtabharfar le tuiscint ó na ceisteanna a chuirfear go bhfuil dearcadh réamhcheaptha ag an mBord Agallaimh maidir le hoiriúnacht fir nó mná do phost ar leith.

13.7 Éilítear ar gach comhalta den Bhord Agallaimh a b(h)ileog mharcála aonair féin a chomhlánú maidir le gach iarratasóir agus í a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Agallaimh nuair atá na hagallaimh críochnaithe.

13.8 Déanfar na marcanna aonair a shuimiú agus bainfear úsáid as an marc deiridh do gach iarratasóir chun rangú a chruthú de na hiarratasóirí a mheastar a bheith oiriúnach lena gceapadh.

13.9 Agus an próiseas agallaimh curtha i gcrích, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh, thar ceann an Bhoird Bhainistíochta/BOO, seiceálacha ar theistiméirí an iarratasóra a fhaigheann na marcanna is airde. San áireamh anseo bheadh teistiméireachtaí a lorg agus a sheiceáil agus a chinntiú gur féidir aon bhearna gan mhíniú sa taifead fostaíochta/curriculum vitae a mhíniú go sásúil.

Is faoi lánrogha an Bhoird Agallaimh/BOO a bheidh sé oiriúnacht aon teistiméireachta a chinneadh. Forchoimeádann an Bord Agallaimh/BOO freisin an ceart ainmneacha moltóirí eile a iarraidh ó iarratasóir. Ba chóir taifid chuí de na seiceálacha seo a choimeád ar chomhad pearsanra an té atá le ceapadh.

13.10 Ba chóir bileoga marcála an iarratasóra féin a chur ar fáil ar iarratas ar chríoch an phróisis earcaíochta.

## 14. An tIarratasóir a Cheapadh

14.1 Ar chríoch an phróisis agallaimh, cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh tuairisc scríofa faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta/BOO, ina leagfar amach:

i. Gur comhlíonadh na nósanna imeachta roghnúcháin,
ii. cibé an ndearnadh nochtadh leasa/ionracais leis an mBord Agallaimh agus toradh an nochta sin,

iii. ainm an iarratasóra is airde rangú a mheastar is oiriúnaí a cheapadh, agus

iv. deimhniú go bhfuarthas teistiméireachtaí oiriúnacha maidir leis an iarratasóir is airde
rangú atá ainmnithe lena cheapadh. (Ní bhaineann sé seo le Pobalscoileanna Náisiúnta mar scrúdaíonn an BOO teistiméireachtaí an iarratasóra rathúil sula dtugtar tairiscint ceapacháin).

14.2 Coimeádfaidh Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh:

i. taifead de na marcanna deiridh agus rangú na n-iarratasóirí. Tabharfar an fhaisnéis seo don Bhord Bainistíochta mar fhostóir, má iarrtar í, agus

ii. ord fiúntais is féidir a úsáid má dhiúltaíonn an t-iarratasóir is airde rangú a ainmnítear lena cheapadh don phost.

14.3 I gcás Pobalscoileanna Náisiúnta tabharfaidh Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh na taifid thuas don mBOO.

14.4 I gcás ina sonraítear sa bhfógra go bhféadfaí painéal inmheánach a chruthú, coimeádfaidh Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh painéal inmheánach iarratasóirí, nó cuirfidh ar aghaidh chuig an mBOO é, a mheastar a bheadh oiriúnach le ceapadh in aon phost eile a thiocfadh chun cinn sa scoil laistigh de cheithre mhí ón dáta ar a bhfaomhann an Bord/PF ceapachán an iarratasóra rathúil, faoi réir teistiméireachta(í) oiriúnacha agus ceadú roimh ré ón bPátrún.

14.5 Déanfaidh an Bord Bainistíochta/BOO an post a thairiscint don iarratasóir is airde rangú a ainmníodh lena cheapadh ach amháin má bhíonn cúis mhaith leordhóthanach aige gan é sin a dhéanamh agus más amhlaidh nárbh eol an chúis sin don Bhord Agallaimh - i gcás mar sin déanfar an gnó a chur faoi bhráid an Phátrúin/PF, agus glacfaidh an Bord Bainistíochta/BOO lena c(h)inneadh siúd sa ghnó seo.

14.6 Níor chóir post a thairiscint don bhfostaí ionchasach, go dtí go mbeidh ceadú roimh ré an Phátrúin/PF faighte ag Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/BOO.

14.7 Cloífidh fostóirí leis an gcleachtas is fearr maidir leis na nithe seo a leanas.

i. Fíorú doiciméadaithe: Clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta, cáilíochtaí, grinnfhiosrúchán.

14.8 Oiriúnacht míochaine: Beidh gach iarratasóir rathúil atá á c(h)eapadh chuig post teagaisc in Éirinn den chéad uair nó múinteoirí a fhilleann ó shaoire neamhláithreachta nó ó shos seirbhíse eile a mhaireann ar feadh breis is dhá scoilbhliana iomláine faoi réir scagthástáil mhíochaine réamhfhostaíochta oiriúnachta a dheimhnítear sula dtéann an múinteoir isteach i bpost an mhúinteora nó sula bhfilleann sé/sí air. Tá tuilleadh sonraí ar fáil i *Seirbhís Sláinte Ceirde do Mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta Lámhleabhar do na Gnáthnósanna Imeachta*.

14.9 Tá gach ceapachán faoi réir comhlíonadh an Achta Biúró Náisiúnta Ghrinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 agus comhlíonadh Ciorclán ábhartha na Roinne maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

14.10 Ba chóir go luafaí sa litir thairisceana chuig an iarratasóir rathúil go bhfuil an tairiscint fostaíochta faoi réir na nithe seo a leanas: ceadú an phoist leis an Aire, na téarmaí mar atá leagtha amach sa chiorclán seo, deimhniú cáilíochtaí, deimhniú de chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus clárú leanúnach leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar feadh na tréimhse fostaíochta, comhlíonadh na riachtanas grinnfhiosrúcháin an Gharda (féach 14.9 thuas), agus scagthástáil míochaine réamhfhostaíochta sula dtosaítear san fhostaíocht. Mura nglacfar leis an bhfolúntas arna thairiscint sa tréimhse ama chuí, aistarraingeofar an tairiscint.

14.11 Chomh luath is a fhaigheann an fostóir fógra i scríbhinn go bhfuil an t-iarratasóir rathúil ag glacadh leis an bpost, cuirfear na hagallaithe mírathúla go léir ar an eolas.

14.12 Ní mór leagan dúbailte de chonradh fostaíochta a ullmhú a shíneoidh an dá pháirtí i.e. an fostóir agus an t-iarratasóir rathúil roimh an dáta ar a dtosóidh an fhostaíocht. Tá sé seo de réir an Achta um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 mar a leasaíodh[1].

14.13 Ba chóir don iarratasóir rathúil agus an fostóir araon an fhoirm (na foirmeacha) Ceapacháin/Athcheapacháin don scoilbhliain ábhartha a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig an bPámháistir a luaithe is féidir le cinntiú go gcuirtear ainm an mhúinteora nuacheaptha leis an bPárolla a luaithe is féidir.

## 15. Conarthaí - Téarmaí Fostaíochta:

15.1 Beidh ainmneacha iomlána an fhostaí agus an fhostóra sa chonradh. Beidh sé sínithe agus dáta curtha leis ag an dá pháirtí. Ní mór ráiteas scríofa de shonraí théarmaí fostaíochta an fhostaí a bheith san áireamh ann m.sh. láthair oibre agus uaireanta oibre, dualgais/freagrachtaí, nósanna imeachta smachta/gearáin, beartais fostóra (m.sh. sláinte agus sábháilteacht, ciapadh, gnéaschiapadh, srl), a bhfuil roinnt díobh ina gceanglais reachtacha faoi na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 mar a leasaíodh.

15.2 Ní mór d’fhostóirí a chinntiú go gcuirtear an riachtanas chun clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta a choinneáil a chur isteach mar choinníoll i ngach conradh.

15.3 Ba chóir don scoil ceann amháin de na conarthaí dúblacha comhlánaithe agus sínithe a choinneáil i gcomhad pearsanra an mhúinteora agus an conradh dúblach comhlánaithe eile a thabhairt don fhostaí.

15.4 Ba chóir d'fhostóirí a chinntiú go gcomhlíontar gach reachtaíocht fostaíochta ábhartha m.sh. na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach srl. agus iad ag déileáil le nithe a bhaineann le ceapacháin agus le conarthaí fostaíochta.

[1]m.sh. an tAcht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2018

## 16. Múinteoir ar Théarma Seasta

16.1 Meabhraítear d'fhostóirí go bhfuil feidhm ag forálacha an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe) 2003 maidir le gach fostaíocht ar théarma seasta.

16.2 Ní mór conarthaí scríofa ar théarma seasta a thabhairt go gach múinteoir den sórt sin.

16.3 De réir ailt 2 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003, ní fostaí chun críocha an Achta é duine atá ar socrúchán oibre mar chuid dá c(h)úrsa gairmoiliúna.

16.4 Ní chaithfidh fostóir le múinteoir ar théarma seasta ar shlí is lú fabhar ná mar a chaitear le buanmhúinteoir maidir lena t(h)éarmaí fostaíochta, mura bhfuil forais oibiachtúla ann chun a leithéid a dhéanamh.

## 17. Téamaí breise le haghaidh Conarthaí ar Théarma Seasta

17.1 Go ginearálta, cuireann dáta éaga conartha agus, dá bhrí sin, foirceannadh an chaidrimh fhostaíochta, deireadh le haon oibleagáid atá ar an bhfostóir ó thaobh coinníollacha fostaíochta de.

17.2 Faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003 (Alt 8) beidh sna téarmaí agus sna coinníollacha d'fhostaí ar théarma seasta na coinníollacha oibiachtúla lena gcinntear comhthéacs na fostaíochta, cibé críochnú ar dháta áirithe, tasc sonrach a chomhlíonadh nó tarlú imeachta áirithe.

17.3 Mura bhfuil an múinteoir cáilithe go cuí, ní mór coinníoll a bheith sa chonradh fostaíochta go mbeidh deireadh leis an gconradh an uair a earcófar múinteoir atá cáilithe go cuí nó an 31 Lúnasa dá éis, cibé acu is túisce.

17.4 Beidh rochtain ag múinteoir ar théarma seasta ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (lena náirítear oiliúint inseirbhíse) ar an mbonn céanna le buanmhúinteoir inchomparáide. Ní bheidh an rochtain sin teoranta do na laethanta ar a mbeadh an múinteoir ar théarma seasta fostaithe de ghnáth.

## 18. Athnuachan Conarthaí ar Théarma Seasta

18.1 I gcás ina mbeartaíonn fostóir conradh ar théarma seasta a athnuachan, tar éis dul tríd an próiseas earcaíochta thuas, cuirfidh an fostóir an fostaí ar théarma seasta ar an eolas i scríbhinn faoi na cúiseanna oibiachtúla is cúis leis an gconradh ar théarma seasta a athnuachan agus a fhágann nach ndéanfar conradh ar thréimhse éiginnte a thairiscint roimh dháta na hathnuachana. Ba chóir d'fhostóirí Ciorclán 23/2015dar teideal "Feidhmiú Mholtaí an Ghrúpa Saineolaithe ar Fhostaíocht Téarma Seasta agus Pháirtaimseartha san Oideachas Bunscoile agus san Oideachas Dara Leibhéal in Éirinn” agus Ceisteanna Coitianta a bhaineann leis, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.education.ie a cheadú.

## 19. Comhall

19.1 Ní mór do gach fostóir agus múinteoir cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chiorclán seo. Ní bheidh an Roinn faoi dhliteanas maidir le haon chostais, oibleagáidí nó maoiniú conarthaí, Conarthaí Fostaíochta Éiginnte san áireamh, a eascraíonn as loiceadh cloí le téarmaí an chiorcláin seo.

19.2 Coinneoidh gach fostóir nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm le cinntiú go gceaptar múinteoirí de réir na nósanna imeachta atá sonraithe sa chiorclán seo agus de réir ciorclán ábhartha eile na Roinne.

19.3 Féadfaidh an Roinn scrúdú a dhéanamh ar thaifid cheapacháin múinteoirí. Ní mór gach doiciméadú a bhaineann le ceapadh múinteoirí, a liostaítear i mír 20.1 thíos, a choimeád i dteannta na dtaifead pearsanra ábhartha. Lena chois sin, ní mór don bhfostóir fianaise dheimhnithe ar chomhlíonadh na riachtanas a choimeád ar comhad chun críocha cuntasaíochta agus iniúchta. Cuirfidh an fostóir cóip den bhfaisnéis seo ar fáil don Roinn, má iarrtar í.

## 20. Taifead na nDoiciméad atá le coimeád ag Údaráis Scoile

20.1 Ní mór na doiciméid seo a leanas a choimeád go sábháilte sa scoil/BOO:

**i. Doiciméid atá le coimeád maidir leis na ceapachán múinteora uile**

| | |
|---|---|
| 1 | Cóip de Dheimhniú Clárúcháin / deimhniú de chlárú reatha an mhúinteora le Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann. |
| 2 | Cóip den deimhniú maidir le hoiriúnacht mhíochaine a fuarthas ón tSeirbhís Sláinte Cheirde. |
| 3 | Cuid amháin den chonradh fostaíochta comhlánaithe i.e. sínithe ag an bhfostóir agus ag an múinteoir. |
| 4 | Deimhniú ar chomhlíonadh leis na hAchtanna um an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúchán (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus le Ciorcláin ábhartha na Roinne maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. |
| 5 | Cóip de cháilíochtaí oideachais an mhúinteora, m.sh. cáilíochtaí oiliúna tosaigh an mhúinteora, cúrsaí Iarchéime nó Céimeanna Máistreachta. |
| 6 | I gcás bunscoileanna seachas Pobalscoileanna Náisiúnta, taifead ar fhaomhadh ar an gceapachán ón bPátrún. |
| 7 | Aon doiciméad eile a bhaineann le ceapacháin múinteoirí aonair. |

**ii. Na doiciméid is gá a choimeád tar éis próiseas earcaíochta Bhord Agallaimh.**

| | |
|---|---|
| 1 | Cóip den bhfógra. |
| 2 | Iarratas an mhúinteora ar an bpost. |
| 3 | Na critéir do mheasúnú na n-iarratasóirí. |
| 4 | Tuairisc an Bhoird Agallaimh. |
| 5 | Aon doiciméad agus/nó nótaí a chum an Bord Agallaimh. |
| 6 | Deimhniú ar fhíorú na dteistiméireachtaí. |

20.2 Cóip den bhfoirm cheapacháin comhlánaithe ag an dá pháirtí, a cuireadh faoi bhráid an phámháistir.

20.3 Coimeádfaidh an scoil/BOO gach taifead a bhaineann leis an iarratasóir rathúil go ceann tréimhse na fostaíochta móide 7 mbliana.

20.4 Ba chóir doiciméid a choimeád go ceann tréimhse 18 mí i gcás iarratasóir(í) neamhrathúla, lena n-áirítear iarratasóirí nár cuireadh ar ghearrliosta le haghaidh agallaimh, faoi réir na nósanna imeachta um Chosaint Sonraí.

20.5 Ba chóir gach doiciméadú maidir le fostú múinteoirí cláraithe atá ag fáil pinsean múinteora agus daoine neamhchláraithe a choimeád de réir nósanna imeachta um Chosaint Sonraí agus ba chóir iad a bheith ar fáil lena n-iniúchadh.

# CAIBIDIL 3

# Nósanna Imeachta Ceapacháin do Phríomhoidí Cúnta & Príomhoidí Tánaisteacha (Comórtas Inmheánach)

## 1. Poist Príomhoifigeach Cúnta

1.1 Faoi fhorálacha Ciorcláin 0063/2017 ath-ainmníodh post an Phríomhoide Chúnta mar *Phríomhoide Cúnta I (PC I)* agus athainmníodh post an Mhúinteoir Dualgas Speisialta mar *Phríomhoide Cúnta II (PCII)*. Baineann téarmaí an chiorcláin seo lena n-áirítear ath-ainmniú na bpost, le gach sealbhóir poist an Phríomhoide Chúnta agus na nDualgas Speisialta beag beann ar dháta an cheapacháin.

1.2 Tá poist tábhachta straitéisí i gceannaireacht, bainistíocht agus riarachán na scoile ag Príomhoidí Cúnta. De réir prionsabal na ceannaireachta dáilte bíonn Príomhoidí Cúnta ag obair i bhfoirne i gcomhar leis an bPríomhoide agus / nó an bPríomhoide Tánaisteach agus tá freagracht roinnte acu ar chóimhéid le leibhéal an phoist, as réimsí ar nós:

- teagasc agus foghlaim
- forbairt na scoile (lena n-áirítear forbairt curaclaim) a threorú
- tacaíocht le scoláirí lena n-áirítear folláine
- feabhsú scoile
- ceannaireacht/bainistiú agus forbairt daoine aonair agus meithleacha foirne
- oideachas speisialta agus cuimsiú
- tacú le múinteoirí le linn céim ionduchtúcháin a ngairmréime

## 2. Leithdháileadh Poist mar Phríomhoide Cúnta

2.1 Féadfaidh údaráis scoile poist freagrachta mar Phríomhoidí Cúnta a líonadh i gcomhréir leis an leithdháileadh atá leagtha amach i d***Tábla 2.1.1*** thíos, faoi réir cloí go hiomlán leis an gciorclán seo. Tá éifeacht leis an leithdháileadh post seo ó dháta an chiorcláin seo. Tá an leithdháileadh sa tábla bunaithe ar líon na bpost teagaisc údaraithe a ceadaíodh sa scoilbhliain roimhe sin, agus baintear úsáid as chun na híostairseacha a shocrú le haghaidh líon na bpost freagrachta mar PC i scoileanna. Féadfaidh scoileanna atá faoi bhun na dtairseach do Phríomhoide Cúnta faoi mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas folúntais do Phríomhoide Cúnta a líonadh de réir mar a thagann siad chun cinn suas go dtí leibhéal na dtairseach atá leagtha amach sa tábla seo.

*Tábla 2.1.1*

| Poist teagaisc údaraithe sa scoilbhliain roimhe sin | Príomhoid e | Príomhoide Tánaisteach | Poist PC I | Poist PC II |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 1 | 0 | **0** | **0** |
| 2 | 1 | 0 | **0** | **1** |
| 3 | 1 | 1 | **0** | **0** |
| 4 | 1 | 1 | **0** | **1** |
| 5 | 1 | 1 | **0** | **1** |
| 6 | 1 | 1 | **0** | **1** |
| 7 | 1 | 1 | **0** | **1** |
| 8 | 1 | 1 | **0** | **1** |
| 9 | 1 | 1 | **0** | **2** |
| 10 | 1 | 1 | **0** | **2** |
| 11 | 1 | 1 | **0** | **2** |
| 12 | 1 | 1 | **0** | **2** |
| 13 | 1 | 1 | **0** | **2** |
| 14 | 1 | 1 | **0** | **2** |
| 15 | 1 | 1 | **0** | **2** |
| 16 | 1 | 1 | **0** | **2** |
| 17 | 1 | 1 | **0** | **2** |
| 18 | 1 | 1 | **1** | **2** |
| 19 | 1 | 1 | **1** | **2** |
| 20 | 1 | 1 | **1** | **2** |
| 21 | 1 | 1 | **1** | **3** |
| 22 | 1 | 1 | **1** | **3** |
| 23 | 1 | 1 | **1** | **3** |
| 24 | 1 | 1 | **1** | **3** |
| 25 | 1 | 1 | **1** | **3** |
| 26 | 1 | 1 | **1** | **3** |
| 27 | 1 | 1 | **1** | **3** |
| 28 | 1 | 1 | **1** | **3** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 29 | 1 | 1 | **1** | **3** |
| 30 | 1 | 1 | **1** | **4** |
| 31 | 1 | 1 | **1** | **4** |
| 32 | 1 | 1 | **1** | **4** |
| 33 | 1 | 1 | **1** | **4** |
| 34 | 1 | 1 | **1** | **4** |
| 35 | 1 | 1 | **1** | **5** |
| 36 | 1 | 1 | **1** | **5** |
| 37 | 1 | 1 | **1** | **5** |
| 38 | 1 | 1 | **1** | **6** |
| 39 | 1 | 1 | **1** | **6** |
| 40 | 1 | 1 | **2** | **6** |
| 41 | 1 | 1 | **2** | **6** |
| 42 | 1 | 1 | **2** | **7** |
| 43 | 1 | 1 | **2** | **7** |
| 44 | 1 | 1 | **3** | **7** |
| 45 | 1 | 1 | **3** | **7** |
| 46 | 1 | 1 | **3** | **8** |

Ní mór poist freagrachta a bhfuil seilbh orthu ar bhonn pearsanta a chur san áireamh nuair a bhíonn an tairseach do phoist PC á ríomh. (Tagair do Mhír 17)

2.2 I gcás gach múinteora a bhfuil liúntas do phost freagrachta acu ar bhonn pearsanta agus a ndéantar iad a athlonnú i scoil nua, tá sé de cheangal orthu a bhfostóir a chur ar an eolas faoina stádas agus ní mór dóibh tabhairt faoi róil agus freagrachtaí faoi mar atá leagtha amach i Mír 3.5 anseo thíos.

2.3 Feidhmíonn na tairseacha do Phríomhoide Cúnta I agus do Phríomhoide Cúnta II i dTábla 2.1.1 go neamhspleách ar a chéile. I gcás go bhfuil níos mó post mar Phríomhoide Cúnta I ag scoil ná mar a thaispeántar sa tábla, ní choiscfidh sé sin leithdháileadh poist mar Phríomhoide Cúnta II má tá siad faoi bhun na bpost atá leithdháilte mar Phríomhoide Cúnta II. Ar an mbealach céanna, i gcás go bhfuil níos mó post mar Phríomhoide Cúnta II ag scoil ná mar a thaispeántar sa tábla, ní choiscfidh sé sin leithdháileadh poist mar Phríomhoide Cúnta I má tá siad faoi bhun na bpost atá leithdháilte mar Phríomhoide Cúnta I.

2.4 Ní mór an ceapachán i dtaca le post ceannaireachta agus bainistíochta mar Phríomhoide Cúnta a dhéanamh laistigh den scoilbhliain ina dtagann an post chun cinn.

2.5 Maidir le **Comórtais Oscailte** ar bhonn céimneach le haghaidh post**an Phríomhoide Thánaistigh**féach Caibidil 4.

## 3. Riachtanais agus Tosaíochtaí Ceannaireachta agus Bainistíochta na Scoile a Shainaithint

3.1 Is ar an mBord Bainistíochta/BOO a bheidh d'fhreagracht riachtanais agus tosaíochtaí na scoile, de réir mar a athraíonn siad, mar aon leis an gceannaireacht, bainistíocht agus riachtanais tacaíochta, a shainaithint. Agus na riachtanais seo á sainaithint acu, beidh aird acu ar thuairimí foireann na scoile.

3.2 Nuair a thagann folúntas chun cinn do phost freagrachta, tabharfar faoi phróiseas comhairliúcháin, amhail plé ag cruinniú foirne, idir an Príomhoide, an Príomhoide Tánaisteach agus an fhoireann teagaisc agus ina dhiaidh sin, cinnfidh an Bord Bainistíochta/BOO:

(i) na riachtanais agus na tosaíochtaí ceannaireachta agus bainistíochta a sainaithníodh i gcás na scoile,
(ii) na róil agus na freagrachtaí nach mór a chomhlíonadh maidir le ceannaireacht agus bainistíocht éifeachtach na scoile agus riachtanais agus tosaíochtaí sainaitheanta na scoile á gcur san áireamh, agus
(iii) dáileadh na ról agus na bhfreagrachtaí sin idir na poist cheannaireachta agus bainistíochta atá ar fáil sa scoil trí thagairt do thosaíochtaí na scoile féin.

3.3 Agus na riachtanais agus na tosaíochtaí ceannaireachta agus bainistíochta á sainaithint, ní mór do Bhoird Bhainistíochta/BOOanna aird a thabhairt ar oibleagáidí dlí i dtús báire agus féadfaidh siad aird a thabhairt:

- ar phlean na scoile,
- ar ráiteas Misin na scoile agus a chuid aidhmeanna agus cuspóirí,
- ar phróifíl daltaí agus curaclaim na scoile,
- ar cheanglais na Roinne Oideachais agus Scileanna (agus an BOO i gcás bunscoil phobail) agus a cuid gníomhaireachtaí, agus
- féadfaidh siad na freagrachtaí atá á gcomhlíonadh ag sealbhóirí poist reatha agus na freagrachtaí atá á gcomhlíonadh ag baill foirne nach bhfuil poist fhreagrachta acu a chur san áireamh.

3.4 Ba cheart riachtanais agus tosaíochtaí ceannaireachta agus bainistíochta na scoile a chinneadh, a oiread is féidir, trí chomhaontú idir an Bord Bainistíochta/BOO agus na baill foirne. Mar sin féin, mura féidir teacht ar chomhaontú tar éis comhairliúcháin, fágtar faoin mBord Bainistíochta/BOO na cinntí deireanacha a dhéanamh maidir leis an ábhar.

3.5 Ní mór do gach múinteoir, Cúntóirí faoi Phribhléid san áireamh, a bhfuil liúntais acu ar bhonn pearsanta i leith post freagrachta róil agus freagrachtaí na bpost freagrachta a chomhlíonadh ag leibhéal PC I (le comhaontú leis an mBord Bainistíochta/BOO, é sin nó ar a laghad ag leibhéal PC II.

## 4. Incháilitheacht do Phoist mar Phríomhoide Cúnta I & II agus mar Phríomhoide Tánaisteach (Comórtas Inmheánach)

4.1 Tá gach múinteoir buan agus téarma sheasta atá i mbun seirbhíse i mbunscoil aitheanta incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar phoist mar Phríomhoide Cúnta agus ar phost an Phríomhoide Tánaisteach (comórtas inmheánach). Mar sin féin, ní fhéadfar múinteoir téarma sheasta atá cáilithe go cuí a cheapadh chuig post ceannaireachta agus bainistíochta ach ar bhonn téarma sheasta ar feadh fhad a c(h)onartha, nó go dtí nach mbeidh gá leis an bpost sa scoil a thuilleadh, pé acu is túisce. Níl ach eisceacht amháin i gcás mar sin. Is é sin má thagann Conradh Buan/Conradh Tréimhse Éiginnte nó conradh teagaisc téarma sheasta eile go díreach ina dhiaidh agus ar an gcoinníoll go bhfuil gá fós leis an bpost sa scoil.

4.2 **Múinteoirí ar Shaoire Cheadaithe:**

Tá múinteoirí atá ar shaoire cheadaithe, amhail saoire bhreoiteachta, saoire mháithreachais, saoire thuismitheoireachta nó sos gairme incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar phost ceannaireachta agus bainistíochta. Ba cheart cóip den bhfógra faoin bpost ceannaireachta agus bainistíochta atá folamh a sheoladh tríd an bpost cláraithe nó ar ríomhphost chuig múinteoirí den sórt sin. Fágtar faoi mhúinteoirí atá ar saoire a chinntiú go bhfuil seoladh teagmhála cothrom le dáta agus reatha ag an mBord Bainistíochta/BOO.

4.3 **Poist Oideachais Speisialta:**

Déantar poist oideachais speisialta a leithdháileadh ar scoil chun freastal go sonrach ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Bíonn na poist sin lasmuigh den chuóta de ghnáth agus dá bharr sin ní gnách go ndéantar iad a shocrú trí thagairt a dhéanamh don líon atá cláraithe sa scoil. San áireamh iontu tá siad seo a leanas:

- Poist Mhúinteoir Oideachais Speisialta,
- Poist do chomhordaitheoirí baile is scoile,
- Poist do mhúinteoirí tacaíochta,
- Múinteoirí ranga speisialta, e.g. poist atá ceadaithe go sonrach do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu,
- Poist do mhúinteoirí luath-thosaitheora,
- Poist Mhaolaithe,
- Múinteoirí Tacaíochta Teanga.

4.4 Baineann an méid seo a leanas le poist mar **Phríomhoide Tánaisteach** agus le poist oideachais speisialta:

(i) <u>**Ar Bhonn Comhroinnte:**</u>
Tá múinteoir atá ag obair i bpost oideachais speisialta comhroinnte incháilithe lena cheapadh/ceapadh i bpost mar **Phríomhoide Tánaisteach**, ach ceanglófar air/uirthi scaradh le post an Phríomhoide Tánaisteach go sealadach, agus iad ag obair sa phost teagaisc comhroinnte. Áit a scarann Phríomhoide Tánaisteach lena p(h)ost go sealadach, féadfar Príomhoide Tánaisteach Gníomhach a cheapadh i gcomhréir le téarmaí Mhír 12 den gciorclán seo.

(ii) **<u>Ar bhonn neamh-chomhroinnte:</u>**
Tá múinteoir atá ag obair i bpost teagaisc oideachais speisialta ar bhonn **neamh-chomhroinnte** incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an bpost mar **Phríomhoide Tánaisteach**, agus chun bheith ceaptha sa phost sin.

Agus poist oideachais speisialta **neamh-chomhroinnte** á leithdháileadh, meabhraítear do Bhoird Bhainistíochta/BOO go bhféadfadh sé go mbeadh ar Phríomhoide Tánaisteach gníomhú in ionad Príomhoide agus dá bharr sin go bhféadfadh sé go laghdófaí an t-am teagaisc le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Dá réir sin, molann an Roinn go láidir do Bhord Bainistíochta/BOO an méid sin a chur san áireamh agus múinteoirí á sannadh do phoist oideachais speisialta. Áit a gceapfar Príomhoide Tánaisteach i bpost oideachais speisialta, agus go laghdófar am teagaisc mar gheall air sin, d'fhéadfadh sé go n-éileodh an Roinn go ndéanfaí post oideachais speisialta a ath-leithdháileadh.

(iii) **Ról an Phríomhoide Thánaistigh agus an Chomhordaitheora Teagmhála Baile is Scoile**
Ní fhéadfaidh Príomhoide Tánaisteach gníomhú mar Chomhordaitheoir Teagmhála Baile is Scoile pé acu an bhfuil nó nach bhfuil an post comhroinnte. Mar sin féin, féadfaidh sé/sí scaradh go sealadach lena liúntas don phost freagrachta, agus féadfar sealbhóir poist gníomhach a cheapadh i gcomhréir le Mír 12 den gcaibidil seo.

4.5 Baineann an méid seo a leanas le poist mar **Phríomhoide Cúnta** agus le poist oideachais speisialta:

(i) **Poist mar Phríomhoide Cúnta I agus mar Phríomhoide Cúnta II**
Féadfar catagóir ar bith de phost oideachais speisialta, pé acu post comhroinnte nó eile é, a shannadh don té a bhfuil post mar Phríomhoide Cúnta ina s(h)eilbh. Mar sin féin, sula ndéanfar aon cheapachán den sórt sin, ní mór go mbeadh Bord Bainistíochta/BOO sásta, chomh maith le tabhairt faoin bpost oideachais speisialta, gur féidir an ról ceannaireachta agus bainistíochta a chomhlíonadh go hinniúil agus go héifeachtúil.

(ii) **An Liúntas don Phost Freagrachta a Ghéilleadh**
Nuair a chinneann Bord Bainistíochta/BOO nach féidir le múinteoir atá ag obair i bpost oideachais speisialta comhroinnte an ról iomlán mar Phríomhoide Cúnta I nó mar Phríomhoide Cúnta II a chomhlíonadh, féadfar Príomhoide Cúnta I nó Príomhoide Cúnta II gníomhach a cheapadh. Tabharfar an liúntas ar ais do shealbhóir iarbhír an phoist nuair a thabharfaidh sé/sí faoin ról lánaimseartha arís.

Ní bheidh teideal pearsanta don liúntas ag sealbhóir gníomhach an phoist agus géillfidh sé/sí é nuair a rachaidh an múinteoir atá ag obair i bpost comhroinnte oideachais speisialta i mbun an róil lánaimseartha arís.

4.6 **Múinteoirí atá ag postroinnt:**

Tá múinteoir atá ag postroinnt incháilithe lena cheapadh/ceapadh i bpost mar Phríomhoide Tánaisteach, ach ceanglófar air/uirthi scaradh le post an Phríomhoide Tánaisteach go sealadach, agus iad ag postroinnt.

Nuair a scarann Príomhoide Tánaisteach lena p(h)ost go sealadach, féadfar Príomhoide Tánaisteach Gníomhach a cheapadh.

## 5. Fógraíocht

5.1 Tar éis an phróisis comhairliúcháin faoi mar atá leagtha amach i Mír 3 thuas a chur i gcrích, ní mór fógra faoi aon phost ceannaireachta nó bainistíochta atá folamh a chur suas in áit fheiceálach sa scoil ionas go mbeidh gach ball den fhoireann teagaisc in ann é a fheiceáil. Ina theannta sin, ba cheart cóip d'fhógra an phoist cheannaireachta agus bainistíochta a sheoladh tríd an bpost cláraithe chuig múinteoirí atá ar saoire ag a seoladh teagmhála ainmnithe nó ag a seoladh ríomhphoist. Ba cheart fianaise ar phostáil a choinneáil (i gcás post cláraithe) agus cóip den ríomhphost (ní gá admháil gur léadh é a bheith ar fáil don ríomhphost) lena chruthú gur tugadh fógra mar is cuí do na múinteoirí go léir a bhí ar shaoire cheadaithe.

5.2 Ba cheart go sonrófaí sa bhfógra leibhéal an phoist (PC I, PC II nó Príomhoide Tánaisteach). Ba cheart go sonrófaí sa bhfógra go mbeadh an té a cheapfaí mar bhall den bhfoireann cheannaireachta agus bhainistíochta sa scoil. Ba cheart go leagfaí amach ann róil agus freagrachtaí an phoist bunaithe ar riachtanais agus tosaíochtaí ceannaireachta agus bainistíochta na scoile faoi mar atá sainaitheanta ag an mBord Bainistíochta/BOO agus go bhféadfadh sé go n-athrófaí na róil agus na freagrachtaí sin. Féadfar poist den ghrád céanna a líonadh tríd an bpróiseas céanna ach líonfar poist a bhaineann le gráid eile (e.g. PC I agus PC II) trí phróisis dhifriúla.

5.3 Ba cheart go bhfágfaí an fógra ar an gclár fógraí sa scoil go dtí an dáta deiridh.

5.4 Ba cheart go sonrófaí sa bhfógra an dáta deiridh chun glacadh le hiarratais, agus níor cheart go mbeadh an dáta sin níos luaithe ná cúig lá scoile déag ón dáta ar postáladh an fógra don phost ceannaireachta agus bainistíochta den chéad uair. Is é Lá 1 an lá a ndearnadh an fógra a phostáil den chéad uair.

5.5 Ba cheart go sonrófaí sa bhfógra fógraíochta an duine a bhfuil an t-iarratas le seoladh chuige/chuici chomh maith leis an seoladh agus pé acu an bhfuil nó nach bhfuil C.V. nó litir iarratais de dhíth.

## 6. Agallamh

6.1 Ballraíocht an Bhoird Agallaimh PCI, PCII & Príomhoide Tánaisteach (comórtas inmheánach).

| | |
|---|---|
| **Bunscoileanna** . | • Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta nó Ainmní amháin PF an BOO<br>• Príomhoide Scoile.<br>• Measúnóir neamhspleách a cheapfaidh an Pátrún/PF tar éis dul i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta. (6.3 thíos) nó, i gcás Pobalscoile Náisiúnta le ceapadh ag an mBOO.<br><br>Nóta: cuireadh deireadh leis an ngá le Measúnóir Neamhspleách ar an mBord Agallaimh le haghaidh ceapachán gníomhach. |

6.2 Caithfidh gach comhalta a bheith i láthair. Ní mór bean amháin ar a laghad agus fear amháin ar a laghad a bheith ar chomhaltaí an Bhoird Agallaimh.

6.3 Ceapann an Cathaoirleach/BOO an Measúnóir Neamhspleách tar éis dul i gcomhairle le Pátrún/PF na scoile agus/nó le Cumann Múinteoirí Éireann, de réir mar is cuí, agus déanfar é/í a roghnú as liosta ainmneacha a cuireadh le chéile go sonrach chun na críche sin idir Pátrún/PF na scoile agus Cumann Múinteoirí Éireann. Tá na liostaí sin ar fáil ó Ionadaithe Ceantair Chumann Múinteoirí Éireann agus ó ionadaithe an Phatrúin/an PF. (Mar shampla, i gcás scoileanna Caitliceacha, bíonn na liostaí ar fáil ón Rúnaí Deoise áitiúil).

6.4 Tiocfaidh an Bord Agallaimh le chéile laistigh de thréimhse ama réasúnta tar éis an dáta deiridh chun glacadh le hiarratais. Déanfaidh an Bord Agallaimh na hiarratais a bhreithniú agus cuirfidh siad agallamh ar gach iarratasóir ar an bpost, fiú mura bhfuil ach aon iarratasóir amháin ann.

6.5 Déanfar na hagallaimh a reáchtáil laistigh de thréimhse ama réasúnta tar éis an dáta deiridh chun glacadh le hiarratais. Ba cheart fógra réasúnta a thabhairt d'iarratasóirí faoi dháta agus faoi am an agallaimh.

6.6 Is féidir le scoileanna/BOO cinneadh a dhéanamh dá lánrogha féin agallaimh a éascú trí theicneolaíocht dhigiteach a úsáid, go háirithe i gcás iarratasóirí cáilithe a chónaíonn lasmuigh den Stát, faoi réir an bonneagar teicneolaíochta agus na hacmhainní teicneolaíochta cuí a bheith ar fáil.

6.7 **Nochtadh leasa/ionracas imeachtaí an Bhoird Agallaimh:**

(i) Cuirfidh an Bord Bainistíochta/BOO in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Agallaimh go bhfuil sé de fhreagracht ar an mBord Agallaimh díriú ar nochtaí leasa/ionracais de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chiorclán seo. I bPobalscoileanna Náisiúnta is é an BOO a dháileann na hiarratais agus foirm coimhlint leasa amach

ar chomhaltaí an Bhoird Agallaimh (cuirtear na foirmeacha agus iad comhlánaithe, ar ais chuig an mBOO).

(ii) Aon chomhalta den Bhord Agallaimh a bhfuil gaol aige/aici le duine is iarratasóir ar phost, cuirfidh sé/sí an gaol sin, agus nádúr an ghaoil sin, in iúl don Bhord Bainistíochta láithreach. Ní gá gurb ionann gaol gairmiúil ann féin agus coinbhleacht leasa a bheith ann m.sh. bheith tar éis múineadh leo nó obair leo roimhe sin. Sa chomhthéacs sin ceanglaítear ar bhaill an Bhoird Agallaimh nochtadh a dhéanamh ní hamháin i gcás gaol clainne ach i gcás gaol ar bith ina bhféadfaí a mheas go mbeadh sé dochrach i dtaca le neamhchlaontacht iomlán i bpróiseas an agallaimh a áirithiú.

(iii) Tar éis an nochta sin, cinnfidh an Bord Agallaimh an mbeidh an ball sin páirteach a thuilleadh in aon phlé nó in aon chinneadh maidir leis an gceapachán suas go dtí daingniú an cheapacháin ar leibhéal an Bhoird Bainistíochta/BOO. I scoileanna nach scoileanna BOO iad, nuair a chinneann an Bord Agallaimh go bhfuil cúis imní ann maidir le ball den Bhord Agallaimh, ba cheart do Chathaoirleach an Bhoird Agallaimh teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an bPátrún. Ainmneoidh an Pátrún comhalta eile ina (h)ionad tar éis dul i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta. I scoileanna an BOO, más rud é go mothaíonn an Bord go bhfuil cúis imní ann maidir le ball ar an mBord Agallaimh, ainmneoidh an PF ball eile chun dul ina (h)ionad.

(iv) Déanfar nochtadh dá leithéid, nádúr an nochta sin agus an cinneadh a thaifeadadh agus a chur san áireamh i dtuairisc scríofa Chathaoirleach an Bhoird Agallaimh chuig an mBord Bainistíochta/BOO ar chríoch an phróisis.

(v) Is féidir go gcuirfí an próiseas ó mhaith mura nochtar aon ghaol.

(vi) Ba cheart go mbainfeadh na ceisteanna a chuireann comhaltaí na mBord Agallaimh le riachtanais an phoist atá fógartha agus go mbeidís bunaithe ar na critéir atá leagtha amach thíos. Ní mór do Bhoird Agallaimh a áirithiú nach dtarlaíonn idirdhealú mar thoradh ar cheisteanna a chuirtear in agallamh ar na forais arna leagan amach in Alt 6 (2) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015 i.e. inscne, stádas sibhialta, stádas clainne, claonadh gnéasach, creideamh, aois, míchumas, cine agus ball den Lucht Siúil.

## 7. Creat Ceannaireachta

Sa Chreat Cáilíochta um Cheannaireacht agus Bainistíocht i Scoileanna na hÉireann, atá leagtha amach in *AG BREATHNÚ AR NA SCOILEANNA SEO AGAINNE 2016 –* Creat Cáilíochta, soláthraítear tuiscint agus teanga choitianta maidir le heagrú agus cleachtadh róil na ceannaireachta agus na bainistíochta i scoileanna na hÉireann. Aithnítear ann na príomhréimsí ceannaireachta agus bainistíochta i scoil (réimsí), agus ansin roinntear iad siúd tuilleadh i g*caighdeáin* éagsúla ábhair do gach fearann. Lena chois sin aithnítear ráitis chleachtais maidir le gach caighdeán.

**<u>Réimse a hAon: Teagasc agus Foghlaim a Threorú</u>**
***Déanann ceannairí scoile na nithe seo a leanas:***

- cuireann siad cultúr feabhais, comhair, nuála agus cruthaitheachta chun cinn san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú
- cothaíonn siad tiomantas don ionchuimsiú, do chomhionannas deiseanna agus d'fhorbairt iomlán gach dalta
- déanann siad bainistíocht ar phleanáil agus ar chur i bhfeidhm an churaclaim scoile
- cothaíonn siad forbairt ghairmiúil múinteoirí a shaibhríonn foghlaim múinteoirí agus daltaí

**<u>Réimse a Dó: An eagraíocht a bhainistiú</u>**
***Déanann ceannairí scoile na nithe seo a leanas:***

- cruthaíonn siad timpeallacht ordúil, shlán agus fholláin don bhfoghlaim, agus coimeádann siad í trí chumarsáid éifeachtach
- déanann siad bainistíocht ar acmhainní daonna, fisiceacha agus airgeadais na scoile chun eagraíocht foghlama a choimeád
- déanann siad staideanna dúshlánacha agus casta a láimhseáil ar bhealach a léiríonn comhionannas, cothroime agus cóir
- forbraíonn siad agus cuireann siad i bhfeidhm córas chun freagracht agus cuntasacht ghairmiúil a chur chun cinn

**<u>Réimse a Trí: Forbairt scoile a threorú</u>**
***Déanann ceannairí scoile na nithe seo a leanas:***

- cuireann siad an fhís stiúrtha don scoil in iúl agus bíonn siad i gceannas ar a fhíorú i gcomhthéacs spiorad sainiúil na scoile
- treoraíonn siad rannpháirtíocht na scoile i bpróiseas leanúnach féinmheasúnaithe
- cothaíonn siad agus coimeádann siad caidreamh le tuismitheoirí, le scoileanna eile agus leis an bpobal i gcoitinne
- déanann siad athrú a bhainistiú, a threorú agus a eadránú chun freagairt do riachtanais na scoile agus na riachtanais sin ag athrú agus chun freagairt d'athruithe san oideachas

**<u>Réimse a Ceathair: Inniúlacht cheannaireachta a fhorbairt</u>**
***Déanann ceannairí scoile na nithe seo a leanas:***

- déanann siad léirmheas ar a gcleachtas mar cheannairí agus forbraíonn siad a dtuiscint ar cheannaireacht atá éifeachtach agus inbhuanaithe
- cumasaíonn siad an fhoireann chun róil cheannaireachta a ghlacadh agus a chomhlíonadh

- cuireann siad forbairt ar ghuth an dalta, ar rannpháirtíocht an dalta, agus ar cheannaireacht an dalta chun cinn agus déanann siad í a éascú
- tógann siad líonraí gairmiúla le ceannairí scoile eile

## 8. An Scéim Mharcála

8.1 Beidh roghnú an iarratasóra rathúil bunaithe ar cheithre inniúlacht atá ar aon dul leis an gCreat Cáilíochta um Cheannaireacht agus Bainistíocht (féach thuas). Baineann na hinniúlachtaí le gach post mar Phríomhoide Cúnta agus le poist mar Phríomhoide Tánaisteach atá á líonadh trí chomórtas inmheánach (tá an seasamh céanna acu go léir) – féach *Tábla 8.1.1.* Beidh an luach a bhaineann le taithí múinteora agus an chaoi a gcuireann sé sin lena gcumas riachtanais an phoist a chomhlíonadh léirithe i gcur i bhfeidhm na gcritéar.

*Tábla 8.1.1.*

| | | |
|---|---|---|
| **Príomhoide Cúnta I & II agus Príomhoide Tánaisteach (Comórtas Inmheánach amháin)** | | |
| *Inniúlacht léirithe (le samplaí ábhartha de thaithí ghairmiúil, oideachais agus saoil) maidir le:* | | |
| i. | Foghlaim agus Teagasc a Threorú | 25 mharc |
| ii. | An eagraíocht a bhainistiú | 25 mharc |
| iii. | Forbairt scoile a threorú | 25 mharc |
| iv. | Inniúlacht cheannaireachta a fhorbairt | 25 mharc |

8.2 Ba cheart don scoil na taifid go léir a bhaineann leis an iarratasóir rathúil a choimeád i rith na fostaíochta móide 7 mbliana.

8.3 Ba cheart cáipéisí a choimeád ar feadh 18 mí i gcás iarratasóra/iarratasóirí nach n-éiríonn leo, de réir na nósanna imeachta um Chosaint Sonraí.

## 9. An tIarratasóir Rathúil a Cheapadh i Scoileanna

9.1 Ar chríoch an phróisis agallaimh, cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh tuairisc scríofa faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta/BOO, ina leagfar amach:

(i) Gur comhlíonadh na nósanna imeachta roghnúcháin,

(ii) cibé an ndearnadh nochtadh leasa/ionracais leis an mBord Agallaimh agus toradh an nochta sin, agus

(iii)ainm an iarratasóra is airde rangú a mheastar is oiriúnaí don bpost.

9.2 Ceapfaidh an Bord Bainistíochta/PF an t-iarratasóir a d'ainmnigh an Bord Agallaimh, faoi réir toradh achomhairc, más ann dó.

9.3 Déanfar moladh an Bhoird Bainistíochta/BOO maidir le post a thairiscint do mhúinteoir áirithe a phostáil laistigh den scoil sna téarmaí seo a leanas:

*"Tá sé beartaithe ag Bord Bainistíochta/BOO (ainm na scoile)..... an post mar....... (sonraigh an post) a thairiscint do...... (ainm an mhúinteora), ar choinníoll nár lóisteáil iarrthóir nár éirigh leis/léi achomharc i gcoinne an mholta le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/BOO laistigh de dheich lá scoile* ó fhoilsiú an fhógra seo."*
*(Ní mór an dáta foilsithe agus síniú an Chathaoirligh a chur san áireamh san fhógra.)*

9.4 Ba cheart freisin cóip den bhfógra sin a sheoladh tríd an bpost cláraithe nó ar ríomhphost chuig múinteoirí atá ar shaoire cheadaithe agus a chuir iad féin i láthair don agallamh. Ní mór do mhúinteoirí atá ar shaoire cheadaithe agus ar mian leo achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh an Bhoird Bainistíochta/BOO é sin a dhéanamh laistigh de 10 lá scoile ón dáta ar foilsíodh an fógra maidir le 'moladh maidir le tairiscint an phoist.'

*Tabhair do d'aire, le do thoil, go n-áirítear sa tréimhse deich lá scoile an lá a bhfoilsítear an fógra faoin gceapachán atá beartaithe.

9.5 Dearbhóidh an Bord Bainistíochta/BOO an ceapachán don mhúinteoir faoi réir chomhlíonadh fhorálacha an chiorcláin seo. Ní fhéadfar an t-iarrthóir rathúil a cheapadh sa phost nó go mbeidh an tréimhse achomhairc imithe in éag. Ba cheart go sonrófaí sa litir thairisceana go bhfuil an ról faoi réir athbhreithniú rialta agus go bhféadfadh sé, mar gheall ar fhreagrachtaí an róil, go mbeadh ar an múinteoir bheith i mbun an róil cheannaireachta lasmuigh den lá scoile caighdeánach. Sula rachaidh sé/sí i mbun an cheapacháin, déanfaidh an sealbhóir poist conradh go nglacfaidh sé/sí le róil agus freagrachtaí an phoist a bhfuil sé/sí á cheapadh chuige. Is é an dáta ar a síneofar é dáta an chonartha, agus ní mór gur dáta é a thagann i ndiaidh éag na tréimhse achomhairc. Ba cheart go léireofaí an conradh san fhormáid seo a leanas:

- comhaontú i scríbhinn ina n-áirítear na róil agus na freagrachtaí arna ndréachtú idir an Bord Bainistíochta/BOO agus an múinteoir atá i gceist agus arna shíniú ag an múinteoir agus Cathaoirleach an Bhoird/PF (nó a (h)ainmní).

Sa áireamh sa chonradh freisin, ba cheart go mbeadh admháil ón múinteoir go dtuigeann sé/sí:

- go bhfuil róil/freagrachtaí na bpost ceannaireachta agus bainistíochta faoi réir athbhreithnithe agus go bhféadfadh sé go dtiocfadh athrú orthu i gcomhréir le riachtanais agus tosaíochtaí na scoile,

- go bhféadfadh sé go mbeadh air/uirthi bheith i mbun an róil lasmuigh den lá scoile caighdeánach d’fhonn na róil/freagrachtaí a chomhlíonadh.

9.6 Beidh an méid seo a leanas san áireamh sa chonradh:-

- I gcomaoin na ról agus na bhfreagrachtaí atá sannta bheith á nglacadh ag an múinteoir, tabharfaidh an Scoil údarás don Roinn Oideachais agus Scileanna/BOO an liúntas cuí a íoc don chatagóir poist ón sceideal tuarastal agus liúntas le haghaidh múinteoirí ag an ráta a chomhaontaítear ó am go chéile i Scéim Réitigh agus Eadrána na Múinteoirí nó cibé Scéim eile a d’fhéadfadh teacht ina hionad nó bheith comhaontaithe seachas sin ó am go chéile, i dteannta scála tuarastail an mhúinteora.

Ní gá cóip den chonradh ábhartha a chur faoi bhráid na Roinne ach ba cheart don Bhord Bainistíochta/BOO agus don mhúinteoir cóip a choimeád.

9.7 A luaithe a bheidh ceapacháin déanta, ba cheart don Bhord Bainistíochta/BOO fógra a thabhairt faoi sin don Roinn agus úsáid á baint as an bhfoirm POR 1 Leasaigh ionas gur féidir leis an múinteoir an liúntas don phost freagrachta a fháil. Tá an fhoirm sin ar fáil ar iarratas ó Rannán Párolla Bunscoile na Roinne i mBaile Átha Luain nó ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie.

## 10. Róil agus Freagrachtaí a Shannadh do Phoist mar Príomhoidí Cúnta

10.1 Tá gach sealbhóir poist faoi réir sannadh/athshannadh i gcomhréir leis an gciorclán seo. Ina theannta sin, ní mór do shealbhóirí poist a bhfuil liúntas á íoc leo i scoil, lena n-áirítear sealbhóirí liúntas i leith post freagrachta ar bhonn pearsanta, glacadh le róil agus le freagrachtaí a shanntar nó a athshanntar dóibh.

10.2 Féadfaidh an Bord Bainistíochta/BOO sannadh/athshannadh ról agus freagrachtaí do Phríomhoidí Cúnta a tharmligean chuig an bPríomhoide, (tar éis plé a dhéanamh ar leibhéal an Bhoird Bainistíochta i mbunscoileanna seachas Pobalscoileanna Náisiúnta). Tabharfaidh an Príomhoide aird ar riachtanais agus ar thosaíochtaí aitheanta na scoile agus tar éis dul i gcomhairle le sealbhóir poist féadfaidh an Príomhoide róil agus freagrachtaí malartacha atá oiriúnach do leibhéal an phoist faoi seach (PC I agus PC II) a athshannadh don sealbhóir poist sin.

10.3 Ba cheart go mbeadh na róil agus na freagrachtaí a ghabhann leis na poist mar Phríomhoide Cúnta I agus mar Phríomhoide II faoi seach ar aon dul le leibhéal an phoist.

10.4 Leagfar amach róil agus freagrachtaí gach shealbhóra poist i Ráiteas maidir le Róil agus Freagrachtaí. Féach Aguisín 1 don ráiteas teimpléid.

10.5 Ar aon dul leis an deachleachtas ba cheart go reáchtálfaí cruinniú idir an Príomhoide nó an Príomhoide Tánaisteach agus an sealbhóir poist, ag ar cheart cuspóirí a leagan amach. Féadfar cuspóirí a nascadh le féinmheasúnú scoile agus d’fhéadfadh sé go mbeadh feidhm le straitéisí a úsáidtear i bhféinmheasúnú scoile.

10.6 Ní mór athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar shannadh ról agus freagrachtaí, agus é a dhéanamh gach ré bliain ar a laghad. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh na róil agus na freagrachtaí sannta fós ábhartha maidir le riachtanais agus tosaíochtaí na scoile. Ba cheart aird a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le deis a thabhairt do shealbhóirí poist cur lena gcuid scileanna agus lena gcumas ceannaireachta agus iad sin a fhorbairt trí róil cheannaireachta éagsúla sa scoil a shannadh dóibh áit ar féidir sin a dhéanamh. Meastar gur gné thábhachtach é sin dá bhforbairt ghairmiúil féin.

## 11. Tuairisciú agus Athbhreithniú

11.1 Tá gach sealbhóir poist ar a bhfuil freagrachtaí ceannaireachta freagrach don Bhord Bainistíochta as comhlíonadh a ról agus a bhfreagrachtaí agus as an gcaoi a gcuireann a gcuid oibre le dul chun cinn oideolaíoch agus eagraíochtúil na scoile.

11.2 **Tuarascáil Bhliantúil:**

Cuirfidh gach sealbhóir poist agus an Príomhoide Tánaisteach san áireamh tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Phríomhoide/an Phríomhoide Thánaistigh mar is cuí agus tagairt inti do na cuspóirí atá socraithe don sealbhóir poist maidir leis na róil agus na freagrachtaí sonracha a sannadh/a athshannadh dó/di. Cuirfidh an tuarascáil sin bonn eolais faoi phlé leis an bPríomhoide/bPríomhoide Tánaisteach. Beidh na tuarascálacha sin mar chuid de thuarascáil bhliantúil an Phríomhoide ar cheannaireacht agus ar bhainistíocht sa scoil don Bhord Bainistíochta/BOO.

11.3 **Athbhreithniú (in Aguisín 2)**

Ceanglaítear ar shealbhóir poist tabhairt faoi athbhreithniú leis an bPríomhoide/bPríomhoide Tánaisteach go tráthrialta ach gach ré bliain ar a laghad. San áireamh san athbhreithniú beidh:

(i) athbhreithniú ar an ról i bhfianaise riachtanais na scoile agus na riachtanais sin ag athrú,
(ii) athbhreithniú ar fhorbairt ghairmiúil shealbhóir an phoist,
(iii) athbhreithniú ar dhul chun cinn sna réimsí freagrachta comhaontaithe.

11.4 Ós rud é go mbíonn riachtanais na scoile ag athrú go leanúnach, d’fhéadfadh sé go ndéanfaí róil agus freagrachtaí shealbhóir an phoist a athshannadh laistigh den fhoireann cheannaireachta agus bhainistíochta mar thoradh ar an athbhreithniú sin.

11.5 I gcás go mbeidh díospóid idir an múinteoir agus an Príomhoide maidir le gné ar bith de na róil agus na freagrachtaí a ghabhann leis an bpost agus, mura féidir an cheist a réiteach trí phlé idir an Príomhoide agus an múinteoir, féadfaidh an múinteoir an cheist a ardú leis an mBord Bainistíochta/ BOO.

## 12. Sealbhóirí Post Gníomhacha

### 12.1 Poist Ghníomhacha do Phríomhoide Tánaisteach/Phríomhoide

I gcás gníomhú ag leibhéal níos airde mar Phríomhoide nó mar Phríomhoide Tánaisteach, ar aon dul leis na socruithe reatha, féadfar íocaíocht an liúntais a cheadú áit a maireann an tréimhse ina ngníomhaítear ag leibhéal níos airde ar feadh tréimhse leanúnach d'aon mhí amháin ar a laghad.

### 12.2 Poist Ghníomhacha do Phríomhoidí Cúnta

Ceaptar sealbhóir poist ghníomhaigh chuig an bpost mar Phríomhoide Cúnta I agus Príomhoide Cúnta II:

- nuair atá sealbhóir an phoist bhuain as láthair nó nuair atá cead neamhláithreachta acu nó i mbun socrú idirscoile um postroinnt ar feadh 84 lá ar a laghad as a chéile, ar choinníoll go bhfuil an post freagrachta fós de dhíth.

- nuair a scarann sealbhóir poist oideachais speisialta lena liúntas don phost freagrachta, ar choinníoll go bhfuil an post freagrachta fós de dhíth.

- nuair atá an scoil laistigh dá tairseach do phoist mar Phríomhoidí Cúnta faoi mar atá leagtha amach sa chiorclán seo. Má tá an scoil os cionn a tairsí, ansin ní fhéadfar an post ceannaireachta agus bainistíochta atá folamh a líonadh ar bhonn gníomhach.

Íocfaidh an Roinn liúntas gníomhach nuair atá socrú gníomhach i bhfeidhm ar feadh 84 lá ar a laghad faoi réir ceada faoi mar atá leagtha amach i Mír 13 thíos.

Déanfar íocaíocht go cúlghabhálach tar éis don ról bheith á chomhlíonadh ar feadh 84 lá agus gach coicís ina dhiaidh sin i gcás gach poist ina ngníomhaítear ag leibhéal níos airde.

### 12.3 Ag Cinneadh go bhfuil Post Gníomhach de dhíth

Sula gceapfar múinteoir i bpost freagrachta gníomhach, seachas i bpost mar Phríomhoide, ní mór don Bhord Bainistíochta/BOO a áirithiú go bhfuil an ceapachán gníomhach de dhíth.

Tá post gníomhaithe de dhíth nuair atá téarmaí an chiorcláin seo comhlíonta go hiomlán. Más gá, ceanglaítear ar Bhord/BOO soiléiriú a lorg maidir leis an ábhar sin ó Rannóg Leithdháiltí na Roinne, sula dtéitear ar aghaidh le ceapachán gníomhach.

### 12.4 An ról atá ag Sealbhóir an Phoist Gníomhaigh

Ceanglófar ar mhúinteoir a cheapfar i bpost gníomhaithe tabhairt faoin ról agus faoi na freagrachtaí atá oiriúnach don phost.

12.5 **Ceapacháin ghníomhacha – Gearrthéarmach / Fadtéarmach**

Is gá idirdhealú a dhéanamh idir ceapacháin ghníomhacha atá gearrthéarmach ó thaobh faid agus iad siúd atá fadtéarmach ó thaobh faid.

12.6 **Ceapacháin Ghníomhacha Ghearrthéarmacha**

Tá ceapacháin ghníomhaithe ghearrthéarmacha infheidhme i gcás asláithreachta atá níos lú ná aon scoilbhliain amháin. Éilítear go ndéanfaí ceapacháin ghearrthéarmacha i bpoist ghníomhacha trí ardú céime a thabhairt don chéad sealbhóir poist eile is sinsearaí agus is oiriúnaí sa scoil faoi mar atá tuairiscithe in (i) go (iv) thíos (e.g. *Nuair atá níos mó ná aon sealbhóir poist amháin den ghrád céanna ar an bhfoireann, ba cheart go líonfadh an sealbhóir poist ag a bhfuil an tseirbhís is faide sa phost ábhartha a bhfuil ardú céime ag gabháil leis an post gníomhach).*

I gcás nach bhfuil aon sealbhóir(í) poist eile ar fhoireann na scoile, ba cheart ardú céime a thabhairt don mhúinteoir is sinsearaí atá oiriúnach chun an post a líonadh.

(i) ***Príomhoide Gníomhach***
I scoileanna ina bhfuil 3 múinteoirí nó níos mó, ba cheart ardú céime a thabhairt do Phríomhoide Tánaisteach chun post Príomhoide ghníomhaigh a líonadh nuair atá an Príomhoide as láthair mar gheall ar bhreoiteacht nó ar chúis eile. I gcás go ndiúltódh an Príomhoide Tánaisteach post an Phríomhoide Ghníomhaigh a ghlacadh, ní íocfar a liúntas mar Phríomhoide Tánaisteach ar feadh thréimhse an phoist ghníomhaigh. I scoileanna ina bhfuil beirt mhúinteoirí, ní mór don mhúinteoir ranga príomhshrutha tabhairt faoi ról an Phríomhoide le linn tréimhse ar bith ina bhfuil sé/sí as láthair ón scoil. I gcás nach bhfuil an múinteoir ranga príomhshrutha sásta ról an Phríomhoide a ghlacadh, tarraingeofar siar a liúntas. I scoileanna ina bhfuil aon mhúinteoir amháin íocfar liúntas poist ghníomhaigh leis an múinteoir ionaid faoi réir fhorálacha an chiorcláin seo.

(ii) ***Príomhoide Tánaisteach***
Ba cheart ardú céime a thabhairt don Phríomhoide Cúnta I is sinsearaí atá oiriúnach chun post mar Phríomhoide Tánaisteach gníomhach a líonadh. I scoileanna nach bhfuil Príomhoide Cúnta I iontu, féadfar an Príomhoide Cúnta II is sinsearaí atá oiriúnach a cheapadh mar Phríomhoide Tánaisteach gníomhach.

(iii) ***Príomhoifigeach Cúnta I Gníomhach***
Ba cheart ardú céime a thabhairt don Phríomhoide Cúnta II is sinsearaí atá oiriúnach chun post mar Phríomhoide Cúnta I gníomhach a líonadh.

(iv) ***Príomhoifigeach Cúnta II Gníomhach***
Ba cheart folúntas do Phríomhoide Cúnta II a líonadh trí ardú céime a thabhairt don mhúinteoir is sinsearaí atá oiriúnach agus nár tugadh ardú céime dó/di roimhe seo laistigh d’fhoireann na scoile.

## 12.7 Ceapacháin Ghníomhaithe Fhadtéarmacha

Bíonn ceapacháin ghníomhaithe fhadtéarmacha ar feadh íostréimhse d'aon scoilbhliain amháin. Féadfar ceapacháin ghníomhacha fhadtéarmacha a líonadh i gceachtar de dhá bhealach:

(i) Féadfar ceapacháin ghníomhacha fhadtéarmacha mar Phríomhoidí, mar Phríomhoidí Tánaisteacha agus mar Phríomhoidí Cúnta a líonadh faoi mar atá leagtha amach in 12.6 (i) go dtí (iv) thuas.

Ní mór an folúntas is sóisearaí/an folúntas gníomhach iarmhartach, más ann dó, a líonadh trí chomórtas inmheánach ó laistigh d'fhoireann na scoile. Tá cur síos i Mír 4-8 den chaibidil seo ar na nósanna imeachta don chomórtas inmheánach.

(ii) Mar mhalairt ar na nósanna imeachta maidir le ceapacháin ghníomhach a dhéanamh agus a bhfuil breac-chuntas orthu in 12.6 (i) go (iv) thuas, féadfaidh Bord Bainistíochta/BOO post gníomhach fadtéarmach a líonadh trí chomórtas inmheánach laistigh d'fhoireann na scoile i gcomhréir le Fo-alt (iv) thíos.

(iii) I gcás gur leanadh na nósanna imeachta thuas agus nach bhfuil aon mhúinteoir sásta tabhairt faoi ról an Phríomhoide Ghníomhaigh, tá rogha ag an mBord Bainistíochta/BOO post an Phríomhoide Ghníomhaigh a fhógairt trí chomórtas oscailte seachtrach i gcomhréir le Chaibidil 4 den gciorclán seo. Mura gcuireann iarratasóir oiriúnach ar bith isteach ar an bpost, áfach, beidh sé d'oibleagáid ar an bPríomhoide Tánaisteach gníomhú ar son an Phríomhoide. I gcás go ndiúltódh an Príomhoide Tánaisteach post an Phríomhoide Ghníomhaigh a ghlacadh, ní íocfar a liúntas mar Phríomhoide Tánaisteach ar feadh thréimhse an phoist ghníomhaigh agus ba cheart Príomhoide Tánaisteach gníomhach a cheapadh.

(iv) Tá breac-chuntas i Mír 4 go 8 den gciorclán seo ar na nósanna imeachta nach mór cloí leo agus ceapacháin ghníomhacha á ndéanamh trí chomórtas inmheánach.

## 12.8 Ábhair Ghinearálta:

Ba cheart go líonfadh an duine céanna, nuair is féidir, ceapacháin ghníomhacha ghearrthéarmacha ar feadh na tréimhse asláithreachta. Féadfaidh ceapacháin ghníomhacha fhadtéarmacha atá de dhíth agus ar ceapacháin iad a leanfar díobh sa dara scoilbhliain nó ar feadh tréimhse níos faide leanúint ar aghaidh gan bhriseadh nó nuair a mheasann an Bord Bainistíochta/BOO gur cuí sin, féadfar iad a fhógairt arís laistigh den scoil. Ní mór fógra go bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh leis an gceapachán a chur faoi bhráid na Roinne.

## 13. Íocaíocht Liúntais i leith Poist Freagrachta Ghníomhaigh

13.1 I gcás múinteora a chomhlíonann an ról gníomhach mar Phríomhoide Cúnta I nó mar Phríomhoide Cúnta II, ar feadh 84 lá as a chéile ar a laghad fad agus atá sealbhóir iarbhír an phoist as láthair ar saoire cheadaithe íoctha nó neamh-íoctha, féadfar an liúntas cuí a íoc leis an múinteoir sin faoi réir na gcoinníollacha in 13.3 go dtí 13.5 thíos.

13.2 I gcás gníomhú ag leibhéal níos airde mar Phríomhoide nó mar Phríomhoide Tánaisteach, ar aon dul leis na socruithe reatha, féadfar íocaíocht an liúntais a cheadú áit a maireann an tréimhse ina ngníomhaítear ag leibhéal níos airde ar feadh tréimhse leanúnach d'aon mhí amháin ar a laghad.

13.3 Beidh íocaíocht an liúntais faoi réir dheimhniú an Bhord Bainistíochta/BOO gur chomhlíon an múinteoir róil agus freagrachtaí an phoist ar feadh tréimhse 84 lá (nó aon mhí amháin nuair is infheidhme) ar a laghad, agus sealbhóir iarbhír an phoist ar saoire cheadaithe íoctha nó neamh-íoctha.

13.4 Déanfar an íocaíocht go cúlghabhálach nuair a bheidh an ról comhlíonta ar feadh 84 lá (nó ar feadh mí amháin nuair is infheidhme) agus gach coicís ina dhiaidh sin i gcás gach poist ina ngníomhaítear ag leibhéal níos airde ar choinníoll go bhfuil deimhniú leighis don asláithreacht (más cuí) ar feadh thréimhse na híocaíochta faighte ó shealbhóir iarbhír an phoist.

13.5 Nuair atá sealbhóir iarbhír an phoist ar saoire íoctha nó neamh-íoctha go dtí dáta tosaigh thréimhse saoire, ní fhéadfar liúntas poist ghníomhaigh a íoc ar feadh na tréimhse saoire fiú má dheimhníonn an Bord Bainistíochta/BOO gur comhlíonadh an ról gníomhach. Má tá sealbhóir iarbhír poist as láthair ar saoire íoctha nó neamh-íoctha a théann in éag le linn tréimhse saoire, agus go ndeimhníonn an Bord Bainistíochta/BOO gur comhlíonadh an ról gníomhach suas go dtí an dáta éaga, féadfar an liúntas i leith gníomhaithe ag leibhéal níos airde a íoc suas go dtí an dáta éaga amháin. Nuair atá sealbhóir iarbhír an phoist as láthair ar saoire íoctha nó neamh-íoctha ar feadh tréimhse a chuimsíonn saoire an tsamhraidh, féadfar an liúntas poist ghníomhaigh a íoc i leith saoire an tsamhraidh faoi réir róil agus freagrachtaí sonraithe a bheith á nglacadh agus an ról sin a bheith á chomhlíonadh ag sealbhóir an phoist roimh agus le linn saoire an tsamhraidh.

13.6 Nuair a cheaptar múinteoir i dtús báire mar Phríomhoide gníomhach nó mar Phríomhoide Tánaisteach gníomhach, ní thiocfaidh laghdú ar an liúntas gníomhaithe mar thoradh ar laghdú ar an líon foirne le linn an tsannta (i.e. níos faide ná aon bhliain amháin). Má athraítear sealbhóir an phoist le linn an chúraim céanna, áfach, agus má tá laghdú tagtha ar an líon foirne i rith an ama sin, íocfar an liúntas le sealbhóir nua an phoist bunaithe ar an líon foirne laghdaithe.

13.7 A luaithe a bheidh ceapacháin an phoist fhreagrachta ghníomhaigh déanta, ba cheart don Bhord Bainistíochta/BOO é a chur in iúl don Roinn agus úsáid á baint as an bhfoirm POR1 Leasaigh ionas gur féidir leis an múinteoir an liúntas don phost freagrachta a fháil. Tá an fhoirm sin ar fáil ar iarratas ó Rannán Párolla Bunscoile na Roinne i mBaile Átha Luain nó ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie.

## 14. Liúntas don Mhúinteoir Ranga Príomhshrutha i Scoil ina bhfuil Beirt Mhúinteoirí

14.1 I gcás múinteoir ranga príomhshrutha i scoil ina bhfuil beirt mhúinteoirí a chomhlíonann na róil agus na freagrachtaí sonraithe faoi mar a chinneann Bord Bainistíochta/BOO na scoile iad, féadfar liúntas do Phríomhoide Cúnta II a íoc leis an múinteoir sin faoi réir na gcoinníollacha ag (a) agus (b) thíos.

a) Beidh íocaíocht an liúntais faoi réir chomhaontú an Bhord Bainistíochta/BOO maidir leis an ról a bheidh le comhlíonadh ag an múinteoir agus an ról agus na freagrachtaí bheith sonraithe i scríbhinn. Ba cheart cóip de na róil agus freagrachtaí a choimeád sa scoil/BOO.

b) Ina theannta sin, tá an íocaíocht faoi réir ról an phoist bheith á chomhlíonadh go sásúil ag an múinteoir. Sainítear scoil ina bhfuil beirt mhúinteoirí, i dtaca le híoc an liúntais, mar scoil ina bhfuil Príomhoide agus múinteoir ranga príomhshrutha amháin (ní shainítear scoil nach bhfuil inti ach Príomhoide agus post lasmuigh den chuóta mar scoil ina bhfuil beirt mhúinteoirí chun críocha an chiorcláin seo).

c) Tá liúntas do Phríomhoide gníomhach i scoil ina bhfuil beirt mhúinteoirí iníoctha nuair a ghníomhaíonn an múinteoir ranga príomhshrutha thar ceann Príomhoide atá as láthair ar shaoire cheadaithe ar feadh tréimhse míosa nó níos mó ar a laghad.

14.2 Is é an Bord Bainistíochta/BOO a shaineoidh agus a chinnfidh róil agus freagrachtaí an phoist. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil ról sonrach nach mór a ghlacadh chun go mbeidh an liúntas iníoctha:

- ról an Phríomhoide a ghlacadh le linn tréimhse ar bith ina bhfuil sé/sí as láthair ón scoil. I gcás nach bhfuil an múinteoir ranga príomhshrutha sásta ról an Phríomhoide a ghlacadh, tarraingeofar siar a liúntas.

14.3 I gcás go n-éireoidh an dara múinteoir as oifig, go rachaidh sé/sí ar scor etc. ba cheart don Bhord Bainistíochta/BOO fógra a thabhairt don Roinn faoin múinteoir ionaid a bhfuil an liúntas dlite dó/di agus úsáid á baint as an bhfoirm POR1 Leasaigh. Tá an fhoirm seo ar fáil ar iarratas ó Rannán Párolla Bunscoile na Roinne i mBaile Átha Luain nó ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie.

14.4 I gcás gur tháinig méadú ar fhoireann na scoile go dtí leibhéal a shásaíonn an tairseach do Phríomhoide Tánaisteach, faoi mar atá leagtha amach i dTábla 2.1.1, is é/í an múinteoir atá ag fáil an liúntais a cheapfar sa phost. Tabhair ar aird: Reáchtálfar comórtas oscailte chun post an Phríomhoide Thánaistigh a líonadh má tá a leithéid d'fholúntas ann ón scoilbhliain 2022/2023 ar aghaidh.

## 15. An Tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Méadú/Laghdú Foirne ar an Liúntas atá iníoctha le Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha

15.1 Féadfar liúntas na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteacha (gan iad siúd a bhfuil liúntas ar bhonn pearsanta acu agus iad siúd nár thoiligh róil leasaithe a ghlacadh faoi PCW a chur san áireamh) a mhéadú má thagann méadú ar líon na múinteoirí sa scoil. Ní bheidh feidhm aige sin ach nuair a thiocfaidh athrú ar an gcatagóir do Phríomhoidí/Phríomhoidí Tánaisteacha mar thoradh ar an méadú ar líon na múinteoirí (tá tagairt dó i gCiorclán 0004/2010). Déanfaidh an fhoireann sa Rannán Párolla Bunscoile é sin uathu féin. Ní gá don scoil/BOO teagmháil a dhéanamh leis an Roinn.

15.2 Ní thiocfaidh laghdú ar na liúntais atá ag Príomhoidí agus ag Príomhoidí Tánaisteacha fiú má thagann laghdú ar mhéid na scoile.

## 16. Liúntais i leith Poist Freagrachta a Choimeád ar Bhonn Pearsanta

16.1 Áit a bhfuil post mar Phríomhoide Gníomhach, Príomhoide Tánaisteach gníomhach Príomhoide Cúnta I gníomhach nó Príomhoide Cúnta II gníomhach coimeádta ar feadh tréimhse de níos mó ná cúig scoilbhliain as a chéile, coimeádfar an liúntas do ghníomhú ag leibhéal níos airde ar bhonn pearsanta. Ní áirítear ceapachán gníomhach gcomhair sos gairme ná i gcomhair postroinnte. Má leanann an socrú gníomhach ar aghaidh ar feadh tréimhse de níos mó ná cúig scoilbhliain, coimeádfaidh an sealbhóir poist gníomhach an liúntas ar bhonn pearsanta. Níl an sealbhóir poist ghníomhaigh incháilithe chun an liúntas a choimeád má scarann sé/í go deonach leis an bpost gníomhaithe.

16.2 Coimeádann múinteoir buan ag a bhfuil liúntas poist fhreagrachta an liúntas ar bhonn pearsanta fiú mura bhfuil an post de dhíth ina dhiaidh sin trí thagairt a dhéanamh do Shannadh na bpost (Tábla 2.1.1). **Ní mór** don sealbhóir poist, áfach, leanúint ar aghaidh ag glacadh le freagrachtaí ag leibhéal atá cosúil le leibhéal an liúntais lena mbaineann. Mura féidir a leithéid a dhéanamh ní mór dó/di feidhmiú i ról Príomhoide Cúnta II ar a laghad agus é/í ag leanúint ar aghaidh ag múineadh sa scoil i gcomhréir le forálacha an chiorcláin seo.

16.3 I gcás go n-imeodh an sealbhóir poist ón scoil dá t(h)oil féin chaillfeadh sé/sí an liúntas. Má dhéantar Cúntóir faoi Phribhléid a ath-imlonnú go héigeantach coimeádfaidh sé/sí leibhéal an liúntais atá aige/aici agus ní mór dó/di ról ceannaireachta agus bainistíochta a ghlacadh. Ba cheart go mbeadh ról den sórt sin ar aon dul, nach mór, le ról a shanntar do Phríomhoide Cúnta II.

16.4 Níl cead ag Cúntóir faoi Phribhléid an liúntas a choimeád ach d'aon bhogadh deonach amháin. Déanfaidh Cúntóir faoi Phribhléid a dhéantar a ath-imlonnú go héigeantach a leibhéal liúntais Príomhoide a choimeád. Ní mór do Chúntóir faoi Phribhléid ról ceannaireachta agus bainistíochta a ghlacadh. Ba cheart go mbeadh ról den sórt sin ar aon dul, nach mór, le ról a shanntar do Phríomhoide Cúnta I.

## 17. Na hImpleachtaí a Bhaineann le Sealbhóirí Liúntais ar Bhonn Pearsanta agus Cúntóir faoi Phribhléid maidir le Poist Cheannaireachta agus Bhainistíochta a Líonadh

17.1 Is féidir le láithreacht sealbhóirí poist ar bhonn pearsanta i measc na foirne dul i bhfeidhm ar líonadh post freagrachta ag na gráid a bhaineann le Príomhoide Tánaisteach, Príomhoide Cúnta I agus Príomhoide Cúnta II. Féach Mír 18 thíos maidir le himpleacht na sealbhóirí poist ar bhonn pearsanta ar líonadh post freagrachta i scoileanna cónasctha.

17.2 **Príomhoide Tánaisteach**

Má tá Príomhoide Tánaisteach (ar Bhonn Pearsanta) ar fhoireann scoile cuirfear cosc le líonadh phost an Phríomhoide Thánaistigh ar choinníoll go bhfuil ráta an liúntais atá iníoctha le sealbhóir an phoist ar bhonn pearsanta comhionann leis an liúntas atá dlite don Phríomhoide Tánaisteach nó níos mó ná é.

Féach ar Mhír 14 den chaibidil seo maidir le scoil ina bhfuil beirt mhúinteoirí a thagann chun bheith ina scoil ina bhfuil triúr múinteoirí.

17.3 **Príomhoide Cúnta I**

Cuirfidh duine ar bith de na sealbhóirí poist ar bhonn pearsanta seo a leanas cosc le líonadh poist mar Phríomhoide Cúnta I:

- Príomhoide Tánaisteach (ar Bhonn Pearsanta) ar choinníoll go bhfuil ráta an liúntais atá iníoctha le sealbhóir an phoist ar bhonn pearsanta comhionann leis an liúntas atá dlite don Phríomhoide Cúnta I nó níos mó ná é,
- Príomhoide Cúnta I (ar Bhonn Pearsanta).

17.4 **Príomhoide Cúnta II**

Cuirfidh duine ar bith de na sealbhóirí poist ar bhonn pearsanta seo a leanas cosc le líonadh poist mar Phríomhoide Cúnta II:

- Príomhoide Tánaisteach (ar Bhonn Pearsanta),
- Príomhoide Cúnta I (ar Bhonn Pearsanta),
- Príomhoide Cúnta II (ar Bhonn Pearsanta).
- Cúntóir faoi Phribhléid (féach Mír 16 agus Mír 18)

17.5 Cuirfear na forálacha ag 17.2 go 17.4 thuas i leataobh más amhlaidh go raibh an sealbhóir poist ar bhonn pearsanta ath-imlonnaithe chun na scoile le linn na tréimhse cúig bliana sular tháinig an folúntas chun cinn.

## 18. Cónascthaí

18.1 Tabharfaidh na múinteoirí go léir a bhfuil post ceannaireachta agus bainistíochta acu a bpost leo chuig an scoil nua-chónasctha.

18.2 Déanfar an Príomhoide a roghnú as Príomhoidí na scoileanna nua-chónasctha.

18.3 Déanfar an Príomhoide Tánaisteach a roghnú trí chomórtas idir an Príomhoide/na Príomhoidí atá fágtha agus Príomhoidí Tánaisteacha na scoileanna atá ag cónascadh.

18.4 Cuimseoidh an Bord Agallaimh le haghaidh scoileanna ach amháin Pobalscoileanna Náisiúnta, de

| | |
|---|---|
| **Bord Agallaimh le haghaidh Príomhoide Bunscoileanna Cónasctha** | • 1 Bainisteoir Aonair/Cathaoirleach.<br>• 2 Measúnóirí Neamhspleácha ceaptha ag an bPátrún. Roghnaítear ó liosta iad a chuireann an Pátrún ar fáil. |
| **Bord Agallaimh le haghaidh Príomhoide Thánaistigh Bunscoileanna Cónasctha** | • An Príomhoide nua-cheaptha.<br>• 1 Bainisteoir Aonair/Cathaoirleach.<br>• 1 Measúnóir Neamhspleách ceaptha ag an bPátrún. Roghnaítear ó liosta é/í a chuireann an Pátrún ar fáil. |

18.5 Cuimseoidh an Bord Agallaimh le haghaidh Pobalscoileanna Náisiúnta de

| | |
|---|---|
| **Bord Agallaimh le haghaidh Príomhoide Pobalscoileanna Náisiúnta Cónasctha** | • 1 Ainmní ó PF an BOO.<br>• 1 Saineolaí Oideachais arna cheapadh ag an mBOO.<br>• 1 Measúnóir Neamhspleách arna cheapadh ag an mBOO. |
| **Bord Agallaimh le haghaidh Príomhoide Thánaistigh Pobalscoileanna Náisiúnta Cónasctha** | • 1 Ainmní ó PF an BOO.<br>• Príomhoide Scoile.<br>• 1 Measúnóir Neamhspleách arna cheapadh ag an mBOO. |

Tabhair ar aird: Is féidir an Cathaoirleach a cheapadh ón ionadaí ar an mBOO nó is féidir ball neamhspleách a cheapadh

18.6 Tá na rialacháin seo a leanas infheidhme i gcás scoileanna a chónascann le héifeacht ó fhoilsiú an chiorcláin seo.

(i) Ní chuirtear aon bhac ar phoist freagrachta i scoileanna ina bhfuil suas le 5 iar-Phríomhoidí (i.e. Cúntóirí faoi Phribhléid)/Príomhoidí Tánaisteacha. Cuirfear bac ar aon phost amháin áit a bhfuil 6 Iarphríomhoidí/ Iarphríomhoidí Tánaisteacha agus cuirfear bac ar dhá phost i scoileanna ina bhfuil 7 nó níos mó ná 7 Iarphríomhoidí/ Iarphríomhoidí Tánaisteacha.

(ii) Áit a bhfuil sealbhóirí poist le cois mar Phríomhoidí Cúnta I & II (ar Bhonn Pearsanta) i scoileanna tar éis cónascthaí, coimeádfar an líon sin mar íoslíon na bpost ar feadh tréimhse cúig bliana tar éis cónasctha. Tar éis cúig bliana déanfar teidlíocht na scoile i leith poist freagrachta a chinneadh trí leithdháileadh post faoi mar atá leagtha amach i Mír 2 den gcaibidil seo agus féadfaidh sealbhóirí poist ar bhonn pearsanta bac a chur ar líonadh post freagrachta.

(iii) Tá cead ag an gCúntóir faoi Phribhléid an liúntas a choimeád ach d'aon bhogadh deonach amháin. Ní mór do Chúntóir faoi Phribhléid ról ceannaireachta agus bainistíochta a ghlacadh ag leibhéal Príomhoide Chúnta I atá cosúil leis (le comhaontú ón mBord Bainistíochta/BOO) nó ag leibhéal Príomhoide Chúnta II ar a laghad.

(iv) Ba cheart don scoi/BOOl c(h)ónasctha fógra a thabhairt do Rannán Párolla Bunscoile na Roinne faoi shealbhóir iarbhír an phoist freagrachta sa scoil chónasctha agus úsáid á baint as an bhfoirm POR1 Leasaigh.

## 19. Nós Imeachta Achomhairc maidir le Poist mar Phríomhoide Cúnta agus mar Phríomhoide Tánaisteach a Líontar trí chomórtas inmheánach

### 19.1 An **Nós Imeachta Achomhairc**

Cuireann an Nós Imeachta Achomhairc fóram inmheánach agus neamhspleách ar fáil, i.e. Bord Eadrána, chun déileáil le hachomharc ar bhealach atá cóir agus réasúnta. Níl sé ceaptha go mbeadh ionadaíocht dlí i gceist. Tabharfaidh an Bord Eadrána breith maidir leis an Achomharc agus cinnfidh siad ar cloíodh le nósanna imeachta cearta. Ní thabharfaidh an Bord Eadrána breith maidir le cérbh é/í an t-iarrthóir ab oiriúnaí agus níl sé i gceist go nglacfadh an Bord Eadrána áit an Bhoird Agallaimh. Níl sé i gceist gur athscrúdú ar an agallamh féin a bheadh san achomharc.

Is gnách gurb amhlaidh, i gcás go bhfuil roinnt post le líonadh i scoil agus nach ndéantar achomharc ach maidir le ceann amháin de na poist, nach mbeidh tionchar ag an achomharc ar na poist eile nach bhfuil ina n-ábhar achomhairc.

### 19.2 An Nós Imeachta Achomhairc a Thionscnamh

(i) Más mian le hiarratasóir nár éirigh leis/léi leanúint ar aghaidh le hachomharc cuirfidh an múinteoir (múinteoirí ar saoire san áireamh) foirm um Fhógra ar Achomharc, agus í comhlánaithe, isteach laistigh de 10 lá scoile ó dháta foilsithe an fhógra cheapacháin, (Aguisín 3) chuig Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta/BOO ina leagtar amach na forais atá leis an achomharc mar aon le doiciméadú tacaíochta.

(ii) Is faoin iarratasóir nár éirigh leis/lé na forais leis an achomharc a shainmhíniú agus ní féidir leis/léi achomharc a dhéanamh ach amháin ar cheann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas maidir le sárú nós imeachta líomhnaithe:

(a) Roimh an agallamh:
1) easpa comhairliúcháin faoi na róil agus na freagrachtaí,
2) sárú ar na rialacha fógraíochta,
3) gan fógra faoi na poist a thabhairt do mhúinteoirí ar chead neamhláithreachta.

(b) Próiseas an agallaimh:
1) comhdhéanamh an Bhoird Agallaimh,
2) gan gaol clainne nó gaol ábhartha eile a nochtadh,
3) gan cothrom inscne bheith sa Bhord Agallaimh,
4) earráid ríomhaireachta ar bhileog mharcála an Bhoird Agallaimh don Achomharcóir, ar earráid í a dhéanann difríocht ábhartha don toradh,
5) imeacht ó na critéir chomhaontaithe don roghnú nó ón scéim marcála.

Ní mór fianaise tacaíochta a thabhairt maidir leis na forais achomhairc a sainaithníodh agus a mbraitheann an t-iarratasóir nár éirigh leis/léi orthu.

(iii) Tar éis dóibh an Fhoirm um Fhógra Achomhairc a fháil (b'fhéidir go bhfuil teimpléad ar fáil ó eagraíocht ionadaíochta), ní mór do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/BOO an t-iarratasóir ar sannadh an post ceannaireachta agus bainistíochta go sealadach, gur cuireadh achomharc isteach.

(iv) Tar éis dó/di an fhoirm um Fhógra Achomhairc a fháil, ní mór do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/BOO freagra a thabhairt i scríbhinn trí fhoirm um Fhreagra Bainistíochta (Aguisín 4) a chur ar aghaidh tríd an bpost cláraithe/ar ríomhphost chuig an Achomharcóir laistigh de 10 lá scoile ón dáta ar a bhfuarthas an fhoirm um Fhógra Achomhairc. Ar mhaithe leis an gceist a réiteach a luaithe agus is féidir, ba cheart go dtabharfaí aghaidh i bhfreagra an Chathaoirligh/BOO ar na forais achomhairc atá leagtha amach ag an Achomharcóir. Ní phróiseálfar ach achomhairc a chuirtear isteach ar an bhfoirm um Fhógra Achomhairc agus laistigh den tréimhse achomhairc. Mura bhfuil foras bailí ann (m. sh. ní bhfuarthas na marcanna agallaimh in am) ní phróiseálfar aon doiciméadú tacaíochta leis an bhFógra um Achomharc a gheibhtear i ndiaidh an ama seo ach seolfar ar ais chuig an Achomharcóir é.

(v) Nuair a gheobhaidh an tAchomharcóir an fhoirm um Fhreagra na Bainistíochta cinnfidh sé/sí cé acu an leanfaidh sé/sí ar aghaidh leis an achomharc nó nach leanfaidh. Má chinneann an múinteoir leanúint ar aghaidh leis an achomharc, cuirfidh sé/sí Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/BOO ar an eolas faoi sin, i scríbhinn, laistigh de 5 lá scoile ón dáta a bhfuarthas Freagra na Bainistíochta.

(vi) Nuair a bhítear ag freagairt don achomharcóir, tá sé de chead ag an gCathaoirleach/BOO deireadh a chur leis an nós imeachta don cheapachán, agus ar an mbealach sin

tosú phróiseas foirmiúil an achomhairc a chosc. Má tá an próiseas sin le hathdhéanamh, cuirfidh an Cathaoirleach/ BOO in iúl don achomharcóir agus do na hiarratasóirí eile go léir go gcuirfear tús an athuair leis an bpróiseas ceapachán ag

(a) céim an chomhairliúcháin tosaigh / leithdháileadh an róil,
(b) céim an fhógra nó
(c) céim an agallaimh.

(vii) Má chreideann iarrthóir go ndearnadh leithcheal air/uirthi in aghaidh an Achta um Chomhionannas Fostaíochta, féadfaidh sé/sí éileamh a phróiseáil i gcomhréir le forálacha na reachtaíochta.

19.3 **An Nós Imeachta Achomhairc**

(i) Nuair a bhíonn na céimeanna atá leagtha amach in 19.2 thuas curtha i gcrích agus nuair atá fógra tugtha ag an múinteoir do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/BOO i scríbhinn laistigh den am a sonraíodh gur mian leis/léi dul ar aghaidh, ba cheart do Bhord Bainistíochta/ BOO na scoile, laistigh de 5 lá scoile, teagmháil a dhéanamh le hionadaí an Phátrúin/an PF agus le hionadaí ar Choiste Phríomhfheidhmeannaigh Chumann Múinteoirí Éireann an Cheantair, chun Bord Eadrána a cheapadh ón bPainéal Réigiúnach cuí trí chomhaontú, leis an achomharc a éisteacht.

(ii) Roghnófar an Bord Eadrána ón bPainéal Réigiúnach agus beidh 3 comhaltaí air mar seo a leanas:

- ionadaí na Bainistíochta, thar ceann an Phátrúin/PF,
- ionadaí Chumann Múinteoirí Éireann,
- Cathaoirleach neamhspleách comhaontaithe.

(iii) Nuair a bheidh Cathaoirleach an Bhoird Eadrána ceaptha, cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/ BOO, laistigh de 5 lá scoile,

- trí chóip ar fáil dó/di den bhFógra Achomhairc mar aon le doiciméadú tacaíochta a fuarthas ón Achomharcóir,
- trí chóip d'Fhreagra na Bainistíochta,
- ar bhonn rúnda, bileoga marcála/taifid an Bhoird Agallaimh,
- Ní féidir ach doiciméid a bhfuil tagairt shainiúil déantar dóibh sa bhFógra Achomhairc nó i bhFreagra na Bainistíochta ar an achomharc a ligean isteach. Ní bhreithneoidh an Bord Eadrána ar aon doiciméadú breise ná ar dhoiciméadú nár iarradh agus seolfar ar ais chuig an té a sheol é é. Tá sé de chumhacht ag an mBord Eadrána cóipeanna de dhoiciméid áirithe a bhaineann lena chuid machnaimh ar an achomharc ó cheachtar don dá pháirtí a lorg (féach thíos),
- Tá ar an t-achomharcóir bunús a thabhairt le gach foras achomhairc a roghnaíodh ar an bhfoirm um Fhógra Achomhairc le réasúnaíocht/cosaint a thacaíonn leis an bhforas. Caithfidh baint a bheith ag an réasúnaíocht thacaíochta le foras achomhairc ar leith a roghnaíodh.

19.4 **Éisteacht an Bhoird Achomhairc**

(i) Tá sé de chumhacht ag an mBord Eadrána glaoch ar fhinnéithe nuair a mheastar gur gá sin a dhéanamh.

(ii) Socróidh an Bord Eadrána éisteacht gan mhoill agus tabharfaidh siad cuireadh don Achomharcóir, do na Freagróirí, i.e. an Bord Bainistíochta/ BOO nó ionadaithe cuí, agus d'fhinnéithe más ann dóibh, freastal ar an éisteacht. Déanfaidh an Bord Eadrána an éisteacht a stiúradh agus áiritheoidh siad go mbeidh feidhm ag gnáthrialacha an phróisis chuí agus na nósanna imeachta cuí, lena n-áirítear:

- go gcuirfear cóip de na doiciméid go léir (gan na bileoga marcála san áireamh, ar bileoga iad a bheidh ar fáil don Bhord Eadrána ar bhonn rúnda amháin), lena n-áirítear an Fógra Achomhairc, Freagra na Bainistíochta agus aon aighneachtaí breise a d'iarr an Bord Achomhairc, chuig na páirtithe go léir roimh an éisteacht. Ní ghlacfar le haon cháipéisí breise ag an éisteacht;

- go ndéanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Eadrána na nósanna imeachta a bhfuil sé beartaithe aige/aici iad a ghlacadh ag an éisteacht a shoiléiriú don dá pháirtí i.e. an tAchomharcóir agus an Freagróir agus nach ndéanfaidh an Bord Eadrána ach amháin na forais achomhairc atá leagtha amach i bhFógra Achomhairc an Achomharcóra a bhreithniú.

- go dtabharfar cuireadh chuig éisteacht don dá pháirtí agus go dtabharfaidh an Bord Eadrána fógra réasúnta dóibh faoin éisteacht. Agus fógra á thabhairt do na páirtithe san Achomharc faoi dháta na héisteachta/na n-éisteachtaí, ba cheart a shonrú do na páirtithe atá i gceist i gcás nach dtiocfaidh siad i láthair gan chúis réasúnta, go bhféadfaidh an Bord Eadrána dul ar aghaidh agus cinneadh a dhéanamh faoin gcás má mheastar gur cuí sin;

- go mbeidh an tAchomharcóir i dteideal duine dá rogha féin a bheith in éineacht leis/léi agus ag cuidiú leis/léi;

- go dtabharfar deis do gach páirtí a gcás a chur i láthair os comhair an Bhoird Eadrána;

- go mbeidh deis ag an dá pháirtí i.e. an tAchomharcóir agus an Freagróir bheith i láthair, chun éisteacht, iad féin, lena bhfuil le rá ag gach páirtí, chomh maith le finnéithe, más cuí;

- go dtabharfar deis do gach páirtí ceist a chur ar an bpáirtí eile nó freagairt dó/di trí Chathaoirleach an Bhoird Eadrána;

- go mbeidh an Bord Eadrána féin i dteideal ceist a chur ar gach páirtí nó eolas breise a lorg;

- go mbeidh an doiciméadú go léir a thug an tAchomharcóir don Bhord Eadrána ar fáil don Bhord Bainistíochta/ BOO;

- nuair is cuí sin, go dtabharfaidh an Bord Eadrána deis don dá pháirtí eolas breise a chur ar fáil, agus tuiscint shoiléir acu, go mbeidh deis ag an bpáirtí eile freagairt dó sin;

- más gá, go n-aontóidh an Bord Eadrána le cur ar athló.

(iii) Go measfar gur fóram inmheánach é an Bord Eadrána agus dá réir sin, nach bhfuil sé beartaithe ag an mBainistíocht ná ag Cumann Múinteoirí Éireann go mbeadh ionadaíocht dlí ag aon éisteachtaí arna socrú ag an mBord Eadrána.

19.5 **Cinntí an Bhoird Eadrána**

(i) Nuair a bheidh na páirtithe go léir éiste, imeoidh an Bord Eadrána ón láthair chun a chinneadh a dhéanamh. I gcás go ndiúltófar don achomharc ní dhéanfaidh an Bord Eadrána ach amháin an t-eolas go ndiúltaítear don achomharc a thaifeadadh. I gcás go seasfar leis an achomharc, déanfar taifeadadh i gcinneadh an Bhoird Eadrána go bhfuiltear ag seasamh leis an achomharc agus forais an achomhairc á gcur san áireamh, cuirfidh an Bord Eadrána in iúl don Bhord Bainistíochta/BOO nach mór dó tús a chur arís leis an bpróiseas ceapacháin ag (a) céim thosaigh an chomhairliúcháin/leithdháileadh an róil (b) céim an fhógra nó (c) céim an agallaimh. Ní dhéanfar aon taifead scríofa ná aon mhiontuairiscí eile d'imeachtaí an Bhoird Eadrána a choimeád.

(ii) Tabharfaidh Cathaoirleach an Bhoird Eadrána fógra i scríbhinn faoi thoradh an achomhairc do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/ BOO agus don Achomharcóir. Ansin tabharfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta/BOO fógra faoin toradh don cheapaí sealadach.

(iii) Beidh cinneadh an Bhoird Eadrána críochnaitheach agus ina cheangal ar gach páirtí atá i gceist.

(iv) Má diúltaíodh don achomharc, dearbhaíonn an Bord Bainistíochta/BOO ceapachán an iarrthóra ar éirigh leis/léi i dtús báire agus cuireann sé an méid sin in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna chomh luath agus is féidir.

(v) Nuair a seasadh le hachomharc agus nach mór don Bhord Bainistíochta/BOO an dara Bord Agallaimh a cheapadh, beidh feidhm leis an méid seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Bunscoileanna -** | • Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.<br>• An Príomhoide.<br>• 2 Mheasúnóirí Neamhspleácha (ó phainéal atá comhaontaithe sa cheardchumann, gan baint a bheith ag ceachtar díobh leis an roghnúchán bunaidh) a bheidh ar an dara Bhord Agallaimh.<br><br>I gcás comhionannas vótaí, beidh an dara vóta nó an vóta réitigh ag an gCathaoirleach. |
| **Pobalscoileanna Náisiúnta** | • 1 Ainmní ó PF an BOO.<br>• Príomhoide Scoile.<br>• 2 Mheasúnóirí Neamhspleácha, ó phainéal atá comhaontaithe sa cheardchumann, gan baint a bheith ag ceachtar díobh leis an roghnúchán bunaidh.<br><br>I gcás comhionannas vótaí, beidh an dara vóta nó an vóta réitigh ag an gCathaoirleach. |

Tabhair ar aird: Is féidir an Cathaoirleach a cheapadh ón ionadaí ar an mBOO nó is féidir ball neamhspleách a cheapadh.

(vi) Níl sé ar intinn ag an Údarás Bainistíochta ná ag Cumann Múinteoirí Éireann go ndéanfadh an múinteoir céanna an dara hachomharc, ag eascairt as líonadh an aon phoist amháin. Glacann na páirtithe leis, áfach, go bhféadfadh a leithéid de chás teacht chun cinn i gcúinsí eisceachtúla áirithe, mar shampla, nuair atá forais shuntasacha nua don achomharc, agus/nó sárú suntasach ar an nós imeachta. Dá réir sin, má thagann na cúinsí sin chun cinn, tar éis an próiseas ceapacháin bheith curtha i gcrích den dara huair,

- **D’earnáil BOO**
  ansin, ba cheart don BOO an dara litir achomhairc a sheoladh ar aghaidh chuig Cumann Múinteoirí Éireann chun go dtabharfaidh Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann agus Cumann Múinteoirí Éireann breith i gcomhar uirthi i dtaca le cé acu an gceadófar nó nach gceadófar an dara hachomharc.

- **Gach bunscoil eile**
  Ba cheart do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, ar an gcéad dul síos, an dara Fógra um Achomharc, ina leagtar amach na forais faoi leith don achomharc, ar forais iad atá le breithniú, chomh maith le Freagra na Bainistíochta ar ghnó ón mBord Bainistíochta, a sheoladh ar aghaidh chuig lároifig an Údaráis Bainistíochta agus chuig Cumann Múinteoirí Éireann, chun breith a thabhairt i dtaca le cé acu an gceadófar nó nach gceadófar an dara hachomharc.

(vii) Déanfar na costais a thabhóidh an Bord Eadrána a roinnt idir na páirtithe, i.e. an Bhainistíocht agus Cumann Múinteoirí Éireann.

# Aguisíní

## Aguisín 1: Ráiteas Teimpléid maidir le Róil agus Freagrachtaí

Tá struchtúr na bpost freagrachta i scoileanna bunaithe ar shamhail cheannaireachta dháilte, ina ndéantar foirne ceannaireachta ar a bhfuil freagrachtaí atá sainithe agus comhroinnte go cuí, a bhunú agus a éascú.

Faoi réir údarás foriomlán an Bhoird Bhainistíochta/BOO, tá an sealbhóir poist freagrach do Phríomhoide na Scoile maidir le comhlíonadh a róil.

Ainm an Mhúinteora: ……………………………………………………………….

Cuir tic le leibhéal an phoist: PC I ☐ PC II ☐

Róil, Freagrachtaí agus Cuspóirí[2]:

Dáta: .........................................

..................................................................... Múinteoir

Admháil Fála:

.................................................................... Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach

Dáta: .........................................

[2]Treoirlíne: Ba cheart foirmeacha a chomhlánú ar bhealach gonta e.g. 400 focal ar a mhéad.

## Aguisín 2: Tuairisc chun Bonn Eolais a chur faoin Athbhreithniú

Ainm an Mhúinteora: ……………………………………………………………….

Post a Sealbhaíodh:………………………………………………………………….

1. Breac-chuntas ar na róil, na freagrachtaí agus na cuspóirí a comhlíonadh don tréimhse XX go XX:
 ………………………………………………………………………………………
 ………………………………………………………………………………………
 ………………………………………………………………………………………
 …………………………………………………………………………………….

2. Athbhreithniú ar an ról i bhfianaise riachtanais na scoile agus na riachtanais sin ag athrú:……………………………………………………………………………………
 ………………………………………………………………………………………
 ………………………………………………………………………………………
 …………………………………………………………………………………….

3. Forbairt ghairmiúil shealbhóir an phoist:……………………………………………………………………………………
 ………………………………………………………………………………………
 ………………………………………………………………………………………
 ……………………………………………………………………………………......

4. Athbhreithniú ar dhul chun cinn sna réimsí freagrachta comhaontaithe:
 ………………………………………………………………………………………
 ………………………………………………………………………………………
 ………………………………………………………………………………………
 ……………………………………………………………………………...........

Dáta an athbhreithnithe: ...............................

....................................................................... Múinteoir

....................................................................... Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach

## Aguisín 3: Foirm um Fhógra Achomhairc

**Mír A - Sonraí Pearsanta**

Ainm an achomharcóra: ________________________________________

Seoladh: ________________________________________

Uimhir Theileafóin: ________________________________________

Seoladh Ríomhphoist**:** ________________________________________

**Mír B - Sonraí na Scoile**

Ainm na scoile: ________________________________________

Uimhir rolla na Scoile: ________________________________________

**Mír C - Fógra Achomhairc**

Tugaim leis seo fógra achomhairc i gcoinne cinnidh maidir leis an gceapachán i bpost

________________________________________.

**Mír D - Forais Achomhairc**

**Ní féidir le hiarratasóir achomharc a dhéanamh ach amháin ar cheann amháin nó níos mó de na forais in (a) agus/nó (b) thíos. Má luaitear foras (tic curtha i mbosca) ní mór mionsonraí agus fianaise tacaíochta a chur ar fáil maidir leis na forais achomhairc a sainaithníodh agus a bhfuiltear ag brath orthu**

**(a) Roimh an agallamh:**

1) gan dul i gcomhairle ar na róil agus freagrachtaí ☐

________________________________________

________________________________________

________________________________________

2) sárú ar na rialacha fógraíochta ☐

________________________________________

________________________________________

________________________________________

3) gan fógra faoi na poist a thabhairt do mhúinteoirí ar chead neamhláithreachta. ☐

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
____________________________________________________________________

**(b) Próiseas an agallaimh:**

1) Comhdhéanamh an Bhoird Agallaimh, ☐

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
____________________________________________________________________

2) Nan gaol clainne nó gaol ábhartha eile a nochtadh ☐

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
____________________________________________________________________

3) Gan cothrom inscne bheith sa Bhord Agallaimh ☐

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
____________________________________________________________________

4) Earráid ríomhaireachta ar bhileog mharcála an Bhoird Agallaimh don Achomharcóir ar earráid í a dhéanann difríocht ábhartha don toradh ☐

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
____________________________________________________________________

5) Imeacht ó na critéir chomhaontaithe don roghnú nó ón scéim marcála ☐

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
____________________________________________________________________

Síniú: ____________________________________ Dáta: ________________________

- Ba chóir an fhoirm seo a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta/BOO laistigh de 10 lá scoile ón dáta ar foilsíodh fógra an cheapacháin.
- Ní mór fianaise tacaíochta a thabhairt maidir leis na forais achomhairc a sainaithníodh agus a mbraitheann an t-iarratasóir nár éirigh leis/léi orthu.
- Ní phróiseálfar ach achomhairc a chuirtear isteach ar an bhfoirm um Fhógra Achomhairc agus laistigh den tréimhse achomhairc. Ní phróiseálfar aon doiciméadú a gheibhtear i ndiaidh an ama seo ach seolfar ar ais chuig an Achomharcóir é.
- Ba cheart aird bhainistíocht na scoile a dhíriú ar cheist ar bith maidir leis an bhfoirm seo agus d'fhéadfadh go mbeidís siúd ag iarraidh dul i gcomhairle lena n-eagraíocht ionadaíoch/Cumann Múinteoirí Éireann.

- Tá d’fhreagracht ar an achomharcóir a áirithiú go bhfuil na sonraí teagmhála / eolas a thugtar sa bhfoirm seo ceart agus cothrom le dáta.

# Aguisín 4: Foirm um Fhreagra na Bainistíochta.

**Mír A – Sonraí na Scoile**

Ainm scoile: ______________________________

Ainm Cathaoirligh an BB/Teagmhálaí BOO: ______________________________

Seoladh comhfhreagrais chun críocha achomhairc: ______________________________

______________________________________________________________

Seoladh r-phoist chun críocha achomhairc: ______________________________

Uimh. theagmhála lae na scoile/roinne AD: ______________________________

**Mír B – Sonraí an Achomharcóra**

Ainm achomharcóra: ______________________________

Achomharc i dtaobh poist mar: ______________________________

**Mír C – Líne Ama**

Dáta foilsithe fógra an cheapacháin: ______________________________

Dáta fála na Foirme um Fhógra Achomhairc agus doiciméadú tacaíochta (ní mór é a bheith laistigh de 10 lá scoile ó dháta foilsithe fógra an cheapacháin) ______________________________

**Mír D - Freagra d'Fhorais Achomhairc mar atá sonraithe ar an bhFoirm um Fhógra Achomhairc**

Cuirtear an méid seo a leanas i láthair anseo thíos trí fhreagra na bainistíochta ar an bhFógra Achomhairc. Ba chóir do bhainistíocht na scoile déileáil le gach foras achomhairc ar leith atá sonraithe ag an achomharcóir ina F(h)oirm um Fhógra Achomhairc. B'fhéidir gur iomchuí bunús a thabhairt le freagra na bainistíochta trí doiciméadú a chur leis más gá.

**(a) Roimh an agallamh:**

1) gan dul i gcomhairle ar na róil agus freagrachtaí ☐

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

2) sárú ar na rialacha fógraíochta ☐

3) gan fógra faoi na poist a thabhairt do mhúinteoirí ar chead neamhláithreachta. ☐

**(b) Próiseas an agallaimh:**

1) Comhdhéanamh an Bhoird Agallaimh, ☐

2) Nan gaol clainne nó gaol ábhartha eile a nochtadh ☐

3) Gan cothrom inscne bheith sa Bhord Agallaimh ☐

4) Earráid ríomhaireachta ar bhileog mharcála an Bhoird Agallaimh don Achomharcóir ☐
ar earráid í a dhéanann difríocht ábhartha don toradh

5) Imeacht ó na critéir chomhaontaithe don roghnú nó ón scéim marcála ☐

Síniú: ______________________ Dáta: ______________
Cathaoirleach an BB/PF (nó ainmní)

Ní mór an Fhoirm um Fhreagra na Bainistíochta, agus í comhlánaithe, a sheoladh trí phost cláraithe / ríomhphost chuig an Achomharcóir laistigh de 10 lá ó dháta fála na Foirme um Fhógra Achomhairc.

- Ba cheart aird bhainistíocht na scoile a dhíriú ar cheist ar bith faoin bhfoirm seo agus d'fhéadfadh go mbeidís siúd ag iarraidh dul i gcomhairle lena n-eagraíocht ionadaíoch.

# Caibidil 4

# Nósanna imeachta Ceapacháin chuig post an Phríomhoide agus an Phríomhoide Thánaistigh (Comórtas Oscailte)

Baineann an téarma "ceannairí scoile" le róil cheannaireachta fhoirmiúla de ghnáth. Áirítear orthu múinteoirí ag a bhfuil poist freagrachta agus daoine eile a chomhlíonann róil agus freagrachtaí a bhfuil dlúthbhaint acu le riarachán, ceannaireacht agus bainistíocht na scoile. Dá bhrí sin meastar róil cheannaireachta agus bainistíochta i gcónaí mar róil atá ag fónamh d'obair lárnach na scoile: foghlaim agus teagasc. Tá ról ceannaireachta ag gach múinteoir laistigh de phobal na scoile agus maidir le foghlaim na ndaltaí.

## 1. Príomhoide agus Príomhoide Tánaisteach

1.1 I gcomhréir le hAlt 22 den Acht Oideachais, 1998, agus Alt 23 den Acht Oideachais (Leasú), 2012, tugann an Príomhoide ceannaireacht do mhúinteoirí, do bhaill foirne eile agus do dhaltaí agus do phobal na scoile i gcoitinne. Is ar an bPríomhoide atá an fhreagracht fhoriomlán, faoi stiúir an Bhoird Bainistíochta/BOO, de réir mar is cuí, maidir le bainistíocht laethúil na scoile. Tá an Príomhoide freagrach as eagrú inmheánach na scoile, lena n-áirítear róil agus freagrachtaí a shannadh do bhaill den bhfoireann teagaisc agus do bhaill foirne eile nach múinteoirí iad, obair a dhéanann an Príomhfheidhmeannach a tharmligean i bPobalscoileanna Náisiúnta. Déanann an Príomhoide gach ráiteas agus tuarascáil a bhfuil tionchar acu ar reáchtáil na scoile a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta/BOO, de réir mar is cuí, agus de réir mar a éilíonn an Bord Bainistíochta/BOO iad.

1.2 Cé go bhfuil an Príomhoide freagrach i ndeireadh na dála don Bhord Bainistíochta/BOO, de réir mar is cuí, as bainistíocht agus ceannaireacht na scoile, tá post ríthábhachtach ag an bPríomhoide Tánaisteach i bhfoireann na ceannaireachta sinsearaí i scoil. Éilíonn ceannaireacht roinnte oscailteacht agus toilteanas ó Phríomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha an cheannaireacht agus freagrachtaí bainistíochta a roinnt agus a dháileadh ar shlí a spreagann comhpháirtíocht agus a thacaíonn léi. Comhoibríonn an Príomhoide Tánaisteach leis an bPríomhoide agus ról an Phríomhoide á chomhlíonadh aige/aici agus feidhmíonn sé/sí mar Phríomhoide nuair a bhíonn an Príomhoide as láthair. Ní eascraíonn aon chearta uathfheidhmeacha i dtaca le teacht i gcomharbacht mar Phríomhoide as bheith ag feidhmiú mar Phríomhoide.

## 2. Nósanna Imeachta Earcaíochta agus Ceapacháin do Phríomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteach (Comórtas Oscailte) i mBunscoileanna Aitheanta

2.1 Tá na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chaibidil seo ceaptha chun nósanna imeachta córa cothroma a chur ar fáil le haghaidh ceapachán Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (Comórtas Oscailte) chuig poist i mbunscoileanna aitheanta atá á maoiniú ag airgead a chuireann an tOireachtas ar fáil. Tá de cheangal ar Bhord Bainistíochta/BOO na nósanna imeachta seo a chur i bhfeidhm.

## 3. Ról an Bhoird Bhainistíochta/Bainisteora/BOO

3.1 Tá d’fhreagracht ar gach fostóir nósanna imeachta éifeachtacha a choimeád chun iad seo a leanas a chinntiú:-

a) Oscailteacht agus trédhearcacht i bpróiseas ceapacháin chuig poist as cistiú a chuireann an tOireachtas ar fáil,

b) Comhall le:

   (i) Reachtaíocht ábhartha atá i bhfeidhm tráth a ndéantar an ceapachán, agus

   (ii) De réir Ailt 15 den Acht Oideachais, 1998 is é an Bord Bainistíochta a bhainistíonn scoileanna thar ceann an Pátrúin. Déanfaidh an Bord Bainistíochta/BOO gach ceapachán múinteora sa scoil de réir na reachtaíochta ábhartha, na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta, Ciorclán reatha na Roinne agus táid faoi réir faofa an Phátrúin/PF roimh ré.

## 4. Critéir Incháilitheachta le haghaidh Ceapacháin i bPost mar Phríomhoide agus mar Phríomhoide Tánaisteach

4.1 Nuair a chuireann duine isteach ar phost an Phríomhoide/an Phríomhoide Thánaistigh ní mór don iarratasóir na critéir incháilitheachta a chomhlíonadh a ghabhann leis an suíomh ina mbeidh an folúntas. Féach tábla 4.1.1.

**Tábla 4.1.1.**

| ***Suíomh*** | ***Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) 2016 agus Riachtanais Seirbhíse*** |
|---|---|
| Bunscoileanna **ina bhfuil níos lú na 80 dalta** | Lán-chláraithe faoi Bhealach 1 (Bunscoil) leis an gComhairle Mhúinteoireachta. |
| Bunscoileanna **ina bhfuil níos mó ná 80 dalta** | Lán-chláraithe faoi Bhealach 1 (Bunscoil) leis an gComhairle Mhúinteoireachta.<br>agus<br>5 bliana caite i mbun seirbhís mhúinteoireachta aitheanta, 2 bhliain den mhéid seo i mbunscoil aitheanta i bPoblacht na hÉireann. |
| Scoileanna Speisialta | Lán-chláraithe faoi Bhealach 1 (Bunscoil) nó Bealach 4 (Eile) leis an gComhairle Mhúinteoireachta<br>agus<br>5 bliana caite i mbun seirbhís mhúinteoireachta aitheanta, 2 bhliain den mhéid seo i mbunscoil aitheanta i bPoblacht na hÉireann. |
| Scoil Speisialta ina bhfuil leanaí cláraithe suas go haois 18[3] | Lán-chláraithe faoi Bhealach 1 (Bunscoil), Bealach 4 (Eile) nó Bealach 2 (Iarbhunscoil) leis an gComhairle Mhúinteoireachta<br>agus<br>5 bliana caite i mbun seirbhís mhúinteoireachta aitheanta, 2 bhliain den mhéid seo i mbunscoil nó iarbhunscoil aitheanta i bPoblacht na hÉireann. |

4.2 Ní mór do mhúinteoirí atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Alt 31(2) & (3) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 cáilíochtaí a bheith acu atá oiriúnach don earnáil ina bhfuil siad ag múineadh agus ní mór dóibh gach easpa cáilíochta a bheith comhlíonta acu.

4.3 Is féidir seirbhís in iarbhunscoil aitheanta i bPoblacht na hÉireann nó i mbunscoil nó in iarbhunscoil lasmuigh de Phoblacht na hÉireann a áireamh i leith seirbhíse ar choinníoll go raibh an tseirbhís seo ináirithe i dtaobh sochair bhreisíoch.

---

[3] Sanáireamh tá Aonaid Ardtacaíochta, Scoileanna Coinneála Leanaí, Tionscadal Comhchaidrimh don Aos Óg agus Aonaid Chúraim Speisialta agus sna scoileanna siúd ina bhfuil cion de na scoláirí atá ag freastal ar an scoil speisialta in aois iarbhunscoile agus ina gcuirtear cláir dara leibhéil ar nós Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh agus Cláir Foghlama an Timthrialla Shóisearaigh Leibhéal 2 ar fáil.

4.4 Ba chóir do Bhord Bainistíochta/BOO fianaise ar bhronnadh sochair bhreisíoch a lorg ó iarratasóir más cuí.

## 5. Próiseas Comórtais do Phríomhoidí

5.1 Reáchtálfar comórtas oscailte le haghaidh ceapachán Príomhoide.

5.2 Ní mór rúndacht a choimeád ó cheann ceann an phróisis.

5.3 Níl aon sásra achomharca ar fáil i gcás poist Phríomhoide.

## 6. Ceapacháin chuig Poist Phríomhoide Thánaistigh trí Chomórtas Oscailte

6.1 Ba chóir comórtas oscailte a reáchtáil de réir Tábla 6.1.1 thíos chun post an Phríomhoide Thánaistigh a líonadh má bheidh a leithéid d'fholúntas ann. Ní mór folúntas foirne a bheith ann sa scoil chomh maith.

*Tábla 6.1.1:*

| **Comórtas Oscailte i gcomhair post Príomhoide Thánaistigh** | |
|---|---|
| Scoilbhliain | Líon Post Príomhshrutha |
| 2019/2020 | 14 nó níos mó |
| 2020-2021 | 10 nó níos mó |
| 2021/2022 | 6 nó níos mó |
| 2022/2023 | Gach Bunscoil |

6.2 Níl aon sásra achomharca ar fáil i gcás poist Phríomhoide Thánaistigh a líontar trí chomórtas oscailte.

6.3 Líonfar poist Phríomhoide Thánaistigh i scoileanna atá níos lú ná iad siúd a thaispeántar i *dTábla 6.1.1* trí **chomórtas inmheánach** mar atá mínithe i Míreanna 4 go 10 de Chaibidil 3 sa chiorclán seo.

6.4 Má tá fógraíocht déanta ag scoil agus níl aon iarratasóir ar fholúntas teagaisc an Phríomhoide Thánaistigh ann i gcás ina mbíonn feidhm le comórtas inmheánach de ghnáth de réir Tábla 6.1.1., ansin is féidir leis an scoil an post a líonadh trí chomórtas oscailte ar choinníoll go bhfuil folúntas foirne buan sa scoil.

6.5 Rangaítear Príomhoidí Tánaisteacha a cheaptar trí chomórtas oscailte ina bhféadfadh iarratasóir inmheánach faoi théarmaí an chiorcláin seo a bheith san áireamh sa dara háit ó thaobh sinsearachta de taobh leis an bPríomhoide, beag beann ar fhad na seirbhíse atá tugtha aige/aici sa scoil. Cloífear lena bhfuil i gcaibidil 5 an chiorcláin seo maidir le sinsearacht Príomhoidí Thánaisteacha atá ann cheana féin agus iad siúd a cheaptar trí chomórtas inmheánach.

6.6 Ní féidir le Príomhoide Tánaisteach a ceapadh trí chomórtas oscailte faoi théarmaí an chiorcláin seo éirí as post an Phríomhoide Thánaistigh ach amháin má tá folúntas teagaisc sa scoil agus mura mian leis an bPríomhoide leas a bhaint as a c(h)eart éirí as. Líonfar an folúntas do Phríomhoide Tánaisteach a bheidh ann dá thoradh de réir forálacha an chiorcláin seo. Má scarann Príomhoide Tánaisteach post an Phríomhoide Thánaistigh agus má ghlacann sé/sí le folúntas buan sa scoil beidh sé/sí ina m(h)úinteoir is sóisearaí sa scoil dá thoradh. Ní áirítear seirbhís a tugadh sa scoil roimhe sin chun críocha sinsearachta sa chás seo.

6.7 Má cheapann scoil Príomhoide Tánaisteach tuigfear gur príomhfheidhm ról an Phríomhoide Thánaistigh é feidhmiú nó ionadaíocht a dhéanamh mar Phríomhoide nuair a bhíonn an Príomhoide as láthair.

## 7. Rialacha Fógraíochta

7.1 Ní mór folúntais a fhógairt ar cheann amháin de na suímh ghréasáin ar a laghad atá faofa ag na Comhlachtaí Bainistíochta agus ba chóir iad a chur in iúl do gach ball den bhfoireann teagaisc sa scoil, foireann teagaisc ar shaoire cheadaithe san áireamh.

7.2 De réir mar a fhoráiltear sa Phlean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí tá tairseach nua le haghaidh earcaíocht múinteoirí á forbairt mar acmhainn lárnach do scoileanna/BOO. Cuirfear comhpháirtithe oideachais ar an eolas i dtráth cuí faoi leasú ar bith ar an gciorclán seo ar bhonn na forbartha seo.

7.3 Ní dhéanfar aon mhoill neamhréasúnach idir fógairt an fholúntais, foilsiú an fhógra agus líonadh an phoist.

7.4 Sa bhfógra iarrfar ar mhúinteoirí cáilithe iarratais a chur faoi bhráid Chathaoirleach an Bhoird
Bainistíochta/BOO.

7.5 Luafar sa bhfógra:

| | |
|---|---|
| 1 | Ainm, seoladh, uimhir rolla agus pátrúnacht na scoile. |
| 2 | Líon na bpost múinteoireachta (Príomhoide san áireamh). |
| 3 | Nádúr an fholúntais (i.e. Post Príomhoide/Príomhoide Thánaistigh). |
| 4 | Stádas an fholúntais (i.e. buan). |
| 5 | An dáta a mheastar a thosóidh an post. |
| 6 | An seoladh ar cheart iarratais a sheoladh chuige. Is féidir seoladh poist nó ríomhphoist a thabhairt. Déan tagairt d'alt 8 maidir le hiarratais leictreonacha. |
| 7 | An dáta agus an t-am is déanaí ar a nglacfar le hiarratais chomhlánaithe, dáta nach luaithe ná 14 lá tar éis chéad dáta foilseacháin an fhógra. |
| 8 | Cibé an gá curriculum vitae nó foirm iarratais chaighdeánach a chur isteach. (Níor chóir iarraidh ar iarratasóirí curriculum vitae agus foirm iarratais araon a chur isteach.) |
| 9 | Liosta den bhfaisnéis dhoiciméadach is gá chun tacú leis an iarratas (m.sh. Fianaise ar cháilíochtaí, Deimhniú ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta). |
| 10 | Aon doiciméad ábhartha eile (m.sh. teastas chun oideachas reiligiúnach Caitliceach a múineadh i scoileanna faoi phátrúnacht Chaitliceach). |

7.6 Is féidir na nithe seo a leanas a lua sa bhfógra, leis:

| | |
|---|---|
| 1 | Cibé an gá íoslíon iarratas chun go rachaidh an comórtas ar aghaidh. |
| 2 | Cibé an gá clúdach litreach agus stampa agus seoladh air a chur isteach chun doiciméid a fháil ar ais. |
| 3 | Gur chóir don iarratasóir "Iarratas" a mharcáil ar an gclúdach litreach. |

7.7 Níor chóir go dtabharfadh fógraí le fios, ná níor chóir go mbeadh sé le tuiscint go réasúnta ó fhógra, go bhfuil sé ar intinn idirdhealú a dhéanamh ar na forais atá leagtha amach in Alt 6(2) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2008, i.e. inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht sa Lucht Taistil. Ba chóir a bheith cúramach agus fógra á dhréachtú, go háirithe agus catagóir inscne na scoile á léiriú, go mbeidh sé le tuiscint uaidh go nglacfar le hiarratais ó fhir agus ó mhná araon, agus go mbreithneofar go cothrom iad.

7.8 Níor chóir folúntais i gcomhair poist Phríomhoidí/Príomhoidí Tánaisteacha a fhógairt i mí Iúil nó mí Lúnasa ach amháin i gcúinsí eisceachtúla agus le faomhadh ón bPátrún/PF roimh ré

## 8. Iarratais Leictreonacha

8.1 Má roghnaíonn an fostóir glacadh le hiarratais leictreonacha (ríomhphoist/ar líne), ba chóir na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint.

8.2 Ba chóir cuntas ríomhphoist/ar líne ar leith a bhunú don phróiseas iarratais. Mura bhfuil rochtain ag an bhfostóir ar sheoladh ríomhphoist/ar líne ar leithligh, is féidir seirbhís ar nós gmail a úsáid m.sh. *Ainmscoileiarratas@gmail.com*. Níor chóir ach seoladh ríomhphost amháin a bheith le feiceáil ar an bhfógra.

8.3 Níor chóir go mbeadh rochtain ach ag comhaltaí an Bhoird Agallaimh ar an gcuntas sin.

8.4 Ba chóir cloí go daingean leis an spriocdháta agus an spriocam chun iarratais a chur isteach. Is ionann an dáta agus an t-am atá cláraithe ar an ríomhphost/go leictreonach agus an dáta agus an t-am ar a fhaightear iarratais.

8.5 Déanfar iarratais a oscailt agus a íoslódáil ag cruinniú gearrliosta an Bhoird Agallaimh. I bPobalscoileanna Náisiúnta déanann an PF/oifigeach tarmligthe iarratais a oscailt roimh an ngearrliostáil.

8.6 Measúnófar na hiarratais de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach sa gciorclán seo.

8.7 Is féidir fógra de chuireadh chun agallaimh agus na doiciméid ábhartha atá liostaithe a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist an iarratasóra. D'fhéadfaí go n-iarrfaí ar iarratasóirí a dhearbhú tríd an ríomhphost/go leictreonach go mbeidh siad ag freastal ar an agallamh.

8.8 I gcás ina seoltar ríomhphost chuig roinnt iarratasóirí ag an am céanna, ba chóir a bheith cúramach rúndacht gach iarratasóra a choinneáil. Ba chóir d'fhostóirí úsáid a bhaint as an rogha :bcc, nó ríomhphoist a sheoladh chuig iarratasóirí ar bhonn aonair.

8.9 Féadfaidh fostóirí cinneadh a dhéanamh freagra a chur i scríbhinn (trí ríomhphost/ar líne san áireamh) chuig na hiarratasóirí mírathúla sin a d'fhreastail ar agallaimh. Is féidir é sin a dhéanamh i gcás an iarratasóra rathúil freisin. Mar sin féin, má tá ríomhphost/córas ar líne á úsáid, moltar d'fhostóirí cóip den litir chuig an iarratasóir rathúil a shábháil nó a phriontáil le haghaidh taifid na scoile/an BOO.

8.10 B'fhéidir go mbeidh an seoladh ríomhphoist ag teastáil le haghaidh feachtas earcaíochta nua ó Bhord Agallaimh nua. Mar sin ní mór don scoil gach iarratas leictreonach a shábháil go leictreonach, a scrios ón gcóras ríomhphoist/ar líne agus é a scrios ón gcomhad sábháilte nuair a bhíonn an tréimhse chuí choinneála istigh.

8.11 I gcás ina mbaintear leas as an seoladh ríomhphoist céanna le haghaidh comórtas ina dhiaidh sin, ba chóir na pasfhocail/rochtain shlándála a athrú chun a áirithiú nach mbeidh rochtain ach ag an mBord Agallaimh nua ar na hiarratais. Ní fhéadfaidh an Bord Agallaimh a mheas ach na hiarratais a fhaightear idir dáta an fhógra agus dáta deiridh an chomórtais.

## 9. Comhdhéanamh an Bhoird Agallaimh -

| | |
|---|---|
| **Bord Agallaimh le haghaidh Príomhoide Bunscoile** | • Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.<br><br>I gcásanna eisceachtúla agus ar chúiseanna bailí, féadfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta iarraidh ar an bPátrún a bheith eisiata ón bpróiseas. I gcás ina gcinneann an Pátrún an t-eisiamh seo a cheadú, déanfaidh an Pátrún socrú chun ionadaí a cheapadh ar an mBord Agallaimh.<br><br>• Beirt mheasúnóirí ar a laghad atá neamhspleách ar an mBord Bainistíochta, a cheapfaidh an Pátrún tar éis dul i gcomhairle leis an gCathaoirleach.<br><br>Ní bheidh aon bhaint ag an té atá ag scor de phost Phríomhoide scoile leis an nós imeachta earcaíochta agus ceapacháin don Phríomhoide a ghabhfaidh a áit/a háit. |
| **Bord Agallaimh le haghaidh Príomhoide Thánaistigh Bunscoile** | • Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.<br>• Príomhoide.<br>• Measúnóir neamhspleách a cheapfaidh an Pátrún tar éis dul i gcomhairle leis an gCathaoirleach.<br><br>Tabhair ar aird: Is cuid lárnach de ról an Phríomhoide mar cheannaire na scoile é a bheith ina bhall de bhord agallaimh le haghaidh gach próiseas earcaíochta ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus má tá cúiseanna bailí ann dó/dí gan a bheith mar bhall den mbord agallaimh. I gcásanna eisceachtúla agus ar chúiseanna bailí, féadfaidh an Príomhoide iarratas a dhéanamh don bPátrún a bheith eisiata ón bpróiseas. I gcás ina gcinneann an Pátrún an t-eisiamh seo a cheadú, déanfaidh an Pátrún socrú chun ionadaí a cheapadh ar an mBord Agallaimh. |
| **Bord Agallaimh le haghaidh Príomhoide Pobalscoileanna Náisiúnta** | • 1 Ainmní ó PF an BOO.<br>• 1 Saineolaí Oideachais arna cheapadh ag an mBOO.<br>• 1 Measúnóir Neamhspleách arna cheapadh ag an mBOO.<br><br>Tabhair ar aird:<br>• Ní bheidh aon bhaint ag an té atá ag scor de phost Phríomhoide scoile leis an nós imeachta earcaíochta agus ceapacháin don Phríomhoide a ghabhfaidh a áit/a háit.<br>• Is féidir an Cathaoirleach a cheapadh ón ionadaí ar an mBOO nó is féidir ball neamhspleách a cheapadh. |

| | |
|---|---|
| **Bord Agallaimh le haghaidh Príomhoide Thánaistigh Pobalscoileanna Náisiúnta** | • 1 Ainmní ó PF an BOO.<br>• Príomhoide Scoile.<br>• 1 Measúnóir Neamhspleách arna cheapadh ag an mBOO.<br><br>Tabhair ar aird:<br>• Is féidir an Cathaoirleach a cheapadh ón ionadaí ar an mBOO nó is féidir ball neamhspleách a cheapadh. |

9.1 Ní mór bean amháin ar a laghad agus fear amháin ar a laghad a bheith ar chomhaltaí an Bhoird Agallaimh.

## 10. Creat Ceannaireachta

Sa Chreat Cáilíochta um Cheannaireacht agus Bainistíocht i Scoileanna na hÉireann, atá leagtha amach in *AG BREATHNÚ AR NA SCOILEANNA SEO AGAINNE 2016* – Creat Cáilíochta, soláthraítear tuiscint agus teanga choitianta maidir le heagrú agus cleachtadh róil na ceannaireachta agus na bainistíochta i scoileanna na hÉireann. Aithnítear ann na príomhréimsí ceannaireachta agus bainistíochta i scoil (réimsí), agus ansin roinntear iad siúd tuilleadh i g*caighdeáin* éagsúla ábhair do gach fearann. Lena chois sin aithnítear ráitis chleachtais maidir le gach caighdeán.

**Réimse a hAon: Teagasc agus Foghlaim a Threorú**
***Déanann ceannairí scoile na nithe seo a leanas:***

- cuireann siad cultúr feabhais, comhair, nuála agus cruthaitheachta chun cinn san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú
- cothaíonn siad tiomantas don ionchuimsiú, do chomhionannas deiseanna agus d'fhorbairt iomlán gach dalta
- déanann siad bainistíocht ar phleanáil agus ar chur i bhfeidhm an churaclaim scoile
- cothaíonn siad forbairt ghairmiúil múinteoirí a shaibhríonn foghlaim múinteoirí agus daltaí

**Réimse a Dó: An eagraíocht a bhainistiú**
***Déanann ceannairí scoile na nithe seo a leanas:***

- cruthaíonn siad timpeallacht ordúil, shlán agus fholláin don bhfoghlaim, agus coimeádann siad í trí chumarsáid éifeachtach
- déanann siad bainistíocht ar acmhainní daonna, fisiceacha agus airgeadais na scoile chun eagraíocht foghlama a choimeád
- déanann siad staideanna dúshlánacha agus casta a láimhseáil ar bhealach a léiríonn comhionannas, cothroime agus cóir
- forbraíonn siad agus cuireann siad i bhfeidhm córas chun freagracht agus cuntasacht ghairmiúil a chur chun cinn

**Réimse a Trí: Forbairt scoile a threorú**
***Déanann ceannairí scoile na nithe seo a leanas:***

- cuireann siad an fhís stiúrtha don scoil in iúl agus bíonn siad i gceannas ar a fhíorú i gcomhthéacs spiorad sainiúil na scoile
- treoraíonn siad rannpháirtíocht na scoile i bpróiseas leanúnach féinmheasúnaithe
- cothaíonn siad agus coimeádann siad caidreamh le tuismitheoirí, le scoileanna eile agus leis an bpobal i gcoitinne
- déanann siad athrú a bhainistiú, a threorú agus a eadránú chun freagairt do riachtanais na scoile agus na riachtanais sin ag athrú agus chun freagairt d'athruithe san oideachas

**Réimse a Ceathair: Inniúlacht cheannaireachta a fhorbairt**
***Déanann ceannairí scoile na nithe seo a leanas:***

- déanann siad léirmheas ar a gcleachtas mar cheannairí agus forbraíonn siad a dtuiscint ar cheannaireacht atá éifeachtach agus inbhuanaithe
- cumasaíonn siad an fhoireann chun róil cheannaireachta a ghlacadh agus a chomhlíonadh

- cuireann siad forbairt ar ghuth an dalta, ar rannpháirtíocht an dalta, agus ar cheannaireacht an dalta chun cinn agus déanann siad í a éascú
- tógann siad líonraí gairmiúla le ceannairí scoile eile

## 11. Critéir Mheasúnachta

11.1 Roimh post a fhógairt féadfaidh an fostóir líon íosta iarratas a shocrú nach mór a fháil le go rachaidh an comórtas ar aghaidh.

11.2 I gcás ina bhfuil líon íosta iarratas sonraithe sa bhfógra agus nár sroicheadh é, déanfar an post a fhógairt arís agus beidh foráil ann nach gá do na daoine a bhfuarthas a gcuid iarratas laistigh den am a sonraíodh san fhógra tosaigh iarratas a dhéanamh arís agus go gcoinneofar a gcuid iarratas go dtí an chéad spriocdháta eile.

11.3 Beidh cruinniú ag an mBord Agallaimh a luaithe agus is féidir. Beidh roghnú an iarratasóra rathúil bunaithe ar cheithre inniúlacht atá ar aon dul leis an gCreat Cáilíochta um Cheannaireacht agus Bainistíocht (féach thuas). Tá feidhm ag na hinniúlachtaí i gcás gach post Príomhoide agus Príomhoide Thánaistigh (tá an t-ualú céanna acu go léir) - féach *Tábla 11.3.1.* Beidh an luach a bhaineann le taithí múinteora agus an chaoi a gcuireann sé sin lena gcumas riachtanais an phoist a chomhlíonadh léirithe i gcur i bhfeidhm na gcritéar.

Tábla 11.3.1 Scéim Mharcála

| | | |
|---|---|---|
| **Príomhoide agus Príomhoide Tánaisteach** | | |
| *Inniúlacht léirithe (le samplaí ábhartha de thaithí ghairmiúil, oideachais agus saoil) maidir le:* | | |
| i. | Foghlaim agus Teagasc a Threorú | 25 mharc |
| ii. | An eagraíocht a bhainistiú | 25 mharc |
| iii. | Forbairt scoile a threorú | 25 mharc |
| iv. | Inniúlacht cheannaireachta a fhorbairt | 25 mharc |

11.4 Ba chóir go léireodh feidhmiú na gcritéar riachtanais agus tosaíochtaí na scoile.

11.5 I dtaobh scoileanna seachas Pobalscoileanna Náisiúnta ní osclófar iarratais ach amháin i láthair an Bhoird Agallaimh.

11.6 I bPobalscoileanna Náisiúnta déanfaidh an PF/oifigeach tarmligthe iarratais a oscailt roimh an ngearrliostáil.

11.7 Roghnófar na hiarratasóirí le haghaidh agallaimh bunaithe ar mheasúnú tosaigh ar na hiarratais i gcomparáid leis na critéir bhunaithe.

11.8 Má tá triúr iarratasóirí incháilithe nó níos lú ann iarrfaidh an Bord Agallaimh ar gach iarratasóir teacht chuig an agallamh. É sin nó murar sroicheadh an t-íoslíon iarratas a bhí socraithe ag an bhfostóir faoi 11.1 chun leanúint ar aghaidh leis an gcomórtas déanfar an post a athfhógairt. Seachas sin, tabharfar cuireadh do thriúr iarratasóirí incháilithe ar a laghad teacht chuig agallamh.

11.9 Mura bhfaightear aon iarratas ó iarratasóir cáilithe déanfar an post a athfhógairt.

11.10 Measúnófar na hiarratais de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach sa gciorclán seo.

11.11 Is féidir fógra de chuireadh chun agallaimh agus na doiciméid ábhartha atá liostaithe a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist an iarratasóra. D’fhéadfadh go n-iarrfaí ar iarratasóirí a dhearbhú tríd an ríomhphost go mbeidh siad ag freastal ar an agallamh.

11.12 I gcás ina seoltar ríomhphost chuig roinnt iarratasóirí ag an am céanna, ba chóir a bheith cúramach rúndacht gach iarratasóra a choinneáil. Ba chóir d'fhostóirí úsáid a bhaint as an rogha :bcc, nó ríomhphoist a sheoladh chuig iarratasóirí ar bhonn aonair.

11.13 Féadfaidh fostóirí cinneadh a dhéanamh freagra a chur i scríbhinn (trí ríomhphost san áireamh) chuig na hiarratasóirí mírathúla sin a d’fhreastail ar agallaimh. Is féidir é sin a dhéanamh i gcás an iarratasóra rathúil freisin. Mar sin féin, má tá ríomhphost á úsáid, moltar d’fhostóirí cóip den litir chuig an iarratasóir rathúil a shábháil nó a phriontáil le haghaidh thaifid an BOO.

11.14 **Nochtadh leasa/ionracas imeachtaí an Bhoird Agallaimh:**

(i) Cuirfidh an Bord Bainistíochta/BOO in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Agallaimh go bhfuil sé de fhreagracht ar an mBord Agallaimh díriú ar nochtaí leasa/ionracais de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chiorclán seo. I bPobalscoileanna Náisiúnta is é an BOO a dháileann na hiarratais agus foirm coimhlint leasa amach ar chomhaltaí an Bhoird Agallaimh (cuirtear na foirmeacha agus iad comhlánaithe, ar ais chuig an mBOO).

(ii) Aon chomhalta den Bhord Agallaimh a bhfuil gaol aige/aici le duine is iarratasóir ar phost, cuirfidh sé/sí an gaol sin, agus nádúr an ghaoil sin, in iúl don Bhord Bainistíochta láithreach. Ní gá gurb ionann gaol gairmiúil ann féin agus coinbhleacht leasa a bheith ann m.sh. bheith tar éis múineadh leo nó obair leo roimhe sin. Sa chomhthéacs sin ceanglaítear ar chomhaltaí an Bhoird Agallaimh nochtadh a dhéanamh ní hamháin i gcás gaol clainne ach i gcás gaol ar bith ina bhféadfaí a mheas go mbeadh sé dochrach i dtaca le neamhchlaontacht iomlán i bpróiseas an agallaimh a áirithiú.

(iii) Tar éis an nochta sin, cinnfidh an Bord Agallaimh an mbeidh an comhalta sin páirteach a thuilleadh in aon phlé nó in aon chinneadh maidir leis an gceapachán suas go dtí daingniú an cheapacháin ar leibhéal an Bhoird Bainistíochta/BOO. I gcás ina mheasann an Bord Agallaimh go bhfuil údar imní ann maidir le comhalta den Bhord Agallaimh, cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh é sin in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/BOO a chuirfidh in iúl don Phátrún é, ach amháin más ionann Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh agus Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/BOO. Sa chás

sin níor mhór teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an bPátrún/PF. Ainmneoidh an Pátrún/PF comhalta eile ina (h)ionad tar éis dul i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/BOO.

(iv) Déanfar nochtadh dá leithéid, nádúr an nochta sin agus an cinneadh a thaifeadadh agus a chur san áireamh i dtuairisc scríofa Chathaoirleach an Bhoird Agallaimh chuig an mBord Bainistíochta/BOO ar chríoch an phróisis. Má aimsítear coimhlint i bPobalscoil Náisiúnta seoltar na hiarratais ar ais chuig an mBOO nó scriostar iad.

(v) Is féidir go gcuirfí an próiseas ó mhaith mura nochtar aon ghaol.

## 12. Agallaimh

12.1 De ghnáth, ba chóir cuirí chun freastal ar agallamh a eisiúint i scríbhinn nó tríd an ríomhphost laistigh de thrí seachtaine féilire ón dáta deiridh chun iarratais a fháil agus ba chóir an méid seo a leanas a áireamh iontu:

i. fógra 7 lá ar a laghad, (tar éis dáta dúnta chun iarratais a fháil) de dháta, d'am (lasmuigh d'uaireanta scoile) agus de shuíomh agallaimh ar leith,

ii. sonraí na gcritéar atá socraithe maidir leis an bpost, agus

iii. iarratas ar an iarratasóir a chur in iúl don mBord Agallaimh/BOO má tá aon chabhair bhreise ag teastáil uaidh/uaithi i leith riachtanais speisialta.

12.2 Ní mór rochtain iomlán a bheith ar shuíomh an agallaimh agus go gcomhlíontar an reachtaíocht uile maidir le Míchumas agus Sláinte agus Sábháilteacht ann. Is féidir le scoileanna agallaimh a éascú tríd an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid, go háirithe i gcás iarratasóirí cáilithe a chónaíonn lasmuigh den Stát.

Beidh baint ag gach ceist sna hagallaimh le riachtanais an phoist féin. Ní chuirfear aon cheist ná ní iarrfar ar aon iarratasóir faisnéis a thabhairt a bhféadfaí a fhorléiriú gur ceisteanna nó iarratais idirdhealaitheacha iad.

Agus baill foirne á roghnú le haghaidh scoileanna ina bhfuil buachaillí amháin nó ina bhfuil cailíní amháin ní mór cúram speisialta a ghlacadh lena chinntiú go dtabharfar comhdheis d’iarratasóirí fir is mná araon, chun iad féin a chur i láthair mar iarratasóirí oiriúnacha, agus nach dtabharfar le tuiscint ó na ceisteanna a chuirfear go bhfuil dearcadh réamhcheaptha ag an mBord Agallaimh maidir le hoiriúnacht fir nó mná d’aon phost ar leith.

12.3 Éilítear ar gach comhalta den Bhord Agallaimh a b(h)ileog mharcála aonair féin a chomhlánú maidir le gach iarratasóir agus í a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Agallaimh nuair atá na hagallaimh críochnaithe.

12.4 Déanfar na marcanna aonair a shuimiú agus bainfear úsáid as an marc deiridh do gach iarratasóir chun rangú a chruthú de na hiarratasóirí a mheastar a bheith oiriúnach lena gceapadh.

12.5 Agus an próiseas agallaimh a bheith críochnaithe déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh seiceálacha teistiméireachta ar an iarratasóir is airde a rangaíodh thar ceann an Bhoird Bhainistíochta/BOO. (Ní bhaineann sé seo le Pobalscoileanna Náisiúnta mar scrúdaíonn an BOO teistiméireachtaí an iarratasóra rathúil sula dtugtar tairiscint ceapacháin). San áireamh anseo bheadh teistiméireachtaí a lorg agus a sheiceáil agus a chinntiú gur féidir aon bhearna gan mhíniú sa taifead fostaíochta/curriculum vitae a mhíniú go sásúil.

Déanfaidh an Bord Agallaimh oiriúnacht aon teistiméireachta a chinneadh faoina lánrogha féin. Forchoimeádann an Bord Agallaimh freisin an ceart ainmneacha moltóirí eile a iarraidh ó iarratasóir. Ba chóir taifid chuí de na seiceálacha seo a choimeád ar chomhad pearsanra an té atá le ceapadh.

12.6 Ba chóir bileoga marcála an iarratasóra féin a chur ar fáil ar iarratas ar chríoch an phróisis earcaíochta.

## 13. An tIarratasóir ar éirigh leis/léi a Cheapadh

13.1 Ar chríoch an phróisis agallaimh, cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh tuairisc scríofa faoi bhráid cruinniú an Bhoird Bhainistíochta/BOO, ina leagfar amach:

i. Gur comhlíonadh na nósanna imeachta roghnúcháin,
ii. cibé an ndearnadh nochtadh leasa/ionracais leis an mBord Agallaimh agus toradh an nochta sin. Má aimsítear coimhlint i bPobalscoil Náisiúnta seoltar na hiarratais ar ais chuig an mBOO nó scriostar iad agus
iii. ainm an iarratasóra is airde rangú a mheastar is oiriúnaí a cheapadh, agus deimhniú go bhfuarthas teistiméireachtaí oiriúnacha maidir leis an iarratasóir is airde rangaithe atá ainmnithe lena cheapadh. (Ní bhaineann sé seo le Pobalscoileanna Náisiúnta mar scrúdaíonn an BOO teistiméireachtaí an iarratasóra rathúil sula dtugtar tairiscint ceapacháin).

13.2 Coimeádfaidh Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh:

i. taifead de na marcanna deiridh agus rangú na n-iarratasóirí. Tabharfar an fhaisnéis seo don Bhord Bainistíochta mar fhostóir, má iarrtar í, agus
ii. ord fiúntais is féidir a úsáid má dhiúltaíonn an t-iarratasóir is airde rangú a ainmnítear lena cheapadh don phost.

13.3 Seiceálfar teistiméireachtaí iarratasóirí sula tairgtear ceapachán ar bith.

13.4 Déanfaidh an Bord Bainistíochta/BOO an post a thairiscint don iarratasóir is airde rangú a ainmníodh lena cheapadh ach amháin má bhíonn cúis mhaith leordhóthanach aige gan é sin a dhéanamh agus más amhlaidh nárbh eol an chúis sin don Bhord Agallaimh - i gcás mar sin déanfar an gnó a chur faoi bhráid an Phátrúin/PF, agus glacfaidh an Bord Bainistíochta/BOO lena c(h)inneadh siúd sa ghnó seo.

13.5 Níor chóir post a thairiscint don bhfostaí ionchasach, go dtí go mbeidh ceadú roimh ré an Phátrúin/PF faighte ag Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/BOO.

13.6 Cloífidh fostóirí leis an ngnáthchleachtas earcaíochta maidir leis na nithe seo a leanas:

i. Fíorú doiciméadaithe: Clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta, cáilíochtaí, grinnfhiosrúchán.

ii. Oiriúnacht míochaine: Beidh gach iarratasóir rathúil atá á c(h)eapadh chuig post teagaisc in Éirinn den chéad uair nó múinteoirí a fhilleann ó shaoire neamhláithreachta nó ó shos seirbhíse eile a mhaireann ar feadh breis is dhá scoilbhliana iomláine faoi réir scagthástáil mhíochaine réamhfhostaíochta oiriúnachta a dheimhnítear sula dtéann an múinteoir isteach i bpost an mhúinteora nó sula bhfilleann sé/sí air. Tá tuilleadh sonraí ar fáil i *Seirbhís Sláinte Ceirde do Mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta Lámhleabhar do na Gnáthnósanna Imeachta*.

13.7 Tá gach ceapachán faoi réir comhlíonadh an Achta Biúró Náisiúnta Ghrinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 agus comhlíonadh Ciorclán ábhartha na Roinne maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

13.8 Ba chóir go luafaí sa litir thairisceana chuig an iarratasóir rathúil go bhfuil an tairiscint fostaíochta faoi réir na nithe seo a leanas: ceadú ón Aire, na téarmaí mar atá leagtha amach sa chiorclán seo, deimhniú cáilíochtaí, deimhniú ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus clárú leanúnach leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar feadh na tréimhse fostaíochta, comhlíonadh riachtanas grinnfhiosrúcháin an Gharda agus scagthástáil míochaine réamhfhostaíochta sula dtosaítear san fhostaíocht, más cuí. I gcás Príomhoidí Tánaisteacha ba cheart go sonrófaí go bhfuil an ról faoi réir athbhreithnithe rialta agus go bhféadfadh sé, mar gheall ar fhreagrachtaí an róil, go mbeadh ar an múinteoir bheith i mbun an róil cheannaireachta lasmuigh den lá scoile caighdeánach. Mura nglacfar leis an bhfolúntas arna thairiscint sa tréimhse ama chuí, aistarraingeofar an tairiscint.

13.9 Chomh luath is a fhaigheann an fostóir fógra i scríbhinn go bhfuil an t-iarratasóir rathúil ag glacadh leis an bpost, cuirfear na hagallaithe mírathúla go léir ar an eolas.

13.10 Ba chóir conradh fostaíochta a dhéanamh sula dtosaíonn an t-iarratasóir rathúil an fhostaíocht. Tá sé seo de réir an Achta um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 mar a leasaíodh. Ní mór leagan dúbailte de chonradh fostaíochta a ullmhú a shíneoidh an dá pháirtí i.e. an fostóir agus an t-iarratasóir rathúil roimh an dáta ar a dtosóidh an fhostaíocht. Ba chóir a lua i gconradh an Phríomhoide Thánaistigh go bhfuil air/uirthi ionadaíocht a dhéanamh ar an bPríomhoide nuair a bhíonn an Príomhoide as láthair.

13.11 Ba chóir don iarratasóir rathúil agus an fostóir araon an fhoirm (na foirmeacha) Ceapacháin/Athcheapacháin don scoilbhliain ábhartha a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig an bPámháistir a luaithe is féidir le cinntiú go gcuirtear ainm an Phríomhoide/Príomhoide Thánaistigh nuacheaptha leis an bPárolla a luaithe is féidir.

## 14. Tuairisciú agus Athbhreithniú

14.1 **Athbhreithniú Bliantúil**

Ceanglaítear ar an bPríomhoide Tánaisteach tabhairt faoi athbhreithniú leis an bPríomhoide go tráthrialta ach gach ré bliain ar a laghad. Beidh tuarascáil bhliantúil an Phríomhoide Thánaistigh mar bhonn eolais ag an athbhreithniú seo. San áireamh san athbhreithniú beidh:

(i) athbhreithniú ar dhul chun cinn sna réimsí freagrachta;

(ii) athbhreithniú ar an ról i bhfianaise riachtanais na scoile agus na riachtanais sin ag athrú; agus

(iii) athbhreithniú ar fhorbairt ghairmiúil an Phríomhoide Thánaistigh.

14.2 **Tuarascáil Bhliantúil:**

Tabharfaidh an Príomhoide Tánaisteach tuarascáil bhliantúil don bPríomhoide faoin tslí ina gcuireann a c(h)uid oibre le dul chun cinn oideolaíoch agus eagraíochtúil na scoile. Beidh an tuarascáil sin mar chuid de thuarascáil bhliantúil an Phríomhoide ar cheannaireacht agus ar bhainistíocht sa scoil don Bhord Bainistíochta/BOO.

14.3 Ós rud é go mbíonn riachtanais na scoile ag athrú go leanúnach, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí róil agus freagrachtaí an Phríomhoide Thánaistigh a athshannadh mar thoradh ar an athbhreithniú sin laistigh den bhfoireann cheannaireachta agus bhainistíochta. I gcás Príomhoidí Tánaisteacha ba chóir a ghlacadh san áireamh leis, go bhfuil sé den tábhacht deiseanna a chur ar fáil dóibh scileanna agus cumais cheannaireachta a chur chun cinn i roinnt róil cheannaireachta éagsúla agus tógáil orthu. Meastar gur gné thábhachtach é sin dá bhforbairt ghairmiúil féin.

## 15. Conarthaí - Téarmaí Fostaíochta

15.1Ba chóir ainmneacha an fhostaí agus an fhostóra sa chonradh. Beidh sé sínithe agus dáta curtha leis ag an dá pháirtí. Lena chois sin ba chóir ráiteas scríofa de shonraí téarmaí fostaíochta an fhostaí a bheith san áireamh ann m.sh. láthair oibre agus uaireanta oibre, dualgais/freagrachtaí, nósanna imeachta smachta/gearáin, beartais fostóra (m.sh. sláinte agus sábháilteacht, ciapadh, gnéaschiapadh, srl), a bhfuil roinnt díobh ina gceanglais reachtacha faoi na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 mar a leasaíodh.[4]

15.2 Ní mór d'fhostóirí a chinntiú go gcuirtear an riachtanas chun clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta a choinneáil a chur isteach mar choinníoll sa chonradh.

15.3Ba chóir don scoil ceann amháin de na conarthaí dúblacha comhlánaithe agus sínithe a choinneáil i gcomhad pearsanra an mhúinteora agus an conradh dúblach comhlánaithe eile a thabhairt don fhostaí.

[4]m.sh. an tAcht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2018

15.4 Ba chóir d'fhostóirí a chinntiú go gcomhlíontar gach reachtaíocht fostaíochta ábhartha m.sh. na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach srl. agus iad ag déileáil le nithe a bhaineann le ceapacháin agus le conarthaí fostaíochta.

## 16. Comhall

16.1 Ní mór do gach fostóir agus múinteoir cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chiorclán seo. Ní bheidh an Roinn faoi dhliteanas maidir le haon chostais, oibleagáidí nó maoiniú conarthaí a eascraíonn as loiceadh cloí le téarmaí an chiorcláin seo.

16.2 Coinneoidh gach fostóir nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm le cinntiú go gceaptar Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach de réir na nósanna imeachta atá sonraithe sa chiorclán seo agus de réir ciorclán ábhartha eile na Roinne.

16.3 Féadfaidh an Roinn scrúdú a dhéanamh ar thaifid cheapacháin Príomhoide/Príomhoide Thánaistigh. Ní mór gach doiciméadú a bhaineann le ceapadh Príomhoide/Príomhoide Thánaistigh a liostaítear i mír 17.1 thíos, a choimeád i dteannta na dtaifead pearsanra ábhartha. Lena chois sin, ní mór don bhfostóir fianaise dheimhnithe ar chomhlíonadh na riachtanas a choimeád ar comhad chun críocha cuntasaíochta agus iniúchta. Cuirfidh an fostóir cóip den bhfaisnéis seo ar fáil don Roinn, má iarrtar í.

## 17. Taifead na nDoiciméad atá le Coimeád Ag Údaráis Scoile

17.1 Ba chóir na doiciméid seo a leanas a choinneáil go slán sábháilte sa scoil le haghaidh gach ceapachán Príomhoide/Príomhoide Thánaistigh:

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Cóip den bhfógra. | |
| 2 | Iarratas an Phríomhoide/an Phríomhoide Thánaistigh ar an bpost. | |
| 3 | Na critéir do mheasúnú na n-iarratasóirí. | |
| 4 | Aon doiciméad agus/nó nótaí a chum an Bord Agallaimh. | |
| 5 | Tuairisc an Bhoird Agallaimh - dearbhú bailíochtú na dteistiméireachtaí ó fhostóirí roimhe seo san áireamh. | |
| 6 | Cóip de cháilíochtaí oideachais an Phríomhoide/an Phríomhoide Thánaistigh, m.sh. cáilíochtaí oiliúna tosaigh mhúinteora, cúrsaí Iarchéime nó Céimeanna Máistreachta. | |
| 7 | Cóip de Dheimhniú Clárúcháin an Phríomhoide/an Phríomhoide Thánaistigh ó Chomhairle Mhúinteoireachta na hÉireann. | |
| 8 | Deimhniú ar chomhlíonadh leis na hAchtanna um an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúchán (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus le Ciorcláin ábhartha na Roinne maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. | |

| | | |
|---|---|---|
| 9 | Cóip den deimhniú maidir le hoiriúnacht mhíochaine a fuarthas ón tSeirbhís Sláinte Cheirde. | |
| 10 | Aon doiciméadú eile a bhaineann le ceapacháin Príomhoide/Príomhoide Thánaistigh aonair. | |
| 11 | Taifead d'fhaomhadh an cheapacháin ón bPátrún/PF. | |
| 12 | Cuid amháin den chonradh fostaíochta comhlánaithe i.e. sínithe ag an bhfostóir agus ag an bPríomhoide/Príomhoide Thánaistigh. | |
| 13 | Cóip den bhfoirm cheapacháin comhlánaithe ag an dá pháirtí, a cuireadh faoi bhráid an phámháistir. | |

17.2 Ba cheart don scoil na taifid go léir a bhaineann leis an iarratasóir rathúil a choimeád i rith na fostaíochta móide 7 mbliana.

17.3 Ba chóir doiciméid a choimeád go ceann tréimhse 18 mí i gcás iarratasóir(í) neamhrathúla, lena n-áirítear iarratasóirí nár cuireadh ar ghearrliosta le haghaidh agallaimh, faoi réir na nósanna imeachta um Chosaint Sonraí.

# Caibidil 5

# Sinsearacht Múinteoirí

## 1. Tábhacht na Sinsearachta

1.1 Leis an ord ina gceaptar múinteoirí i bpost buan/Conradh Tréimhse Éiginnte socraítear sinsearacht na múinteoirí. Tá an tsinsearacht tábhachtach maidir leis an ord a chinneadh ina gcáilíonn múinteoirí i gcomhair áite ar an bpainéal athimlonnaithe má thagann laghdú leordhóthanach ar an líon daltaí ar an rolla chun gur chóir post a choinneáil siar agus chun incháilitheacht múinteoirí le haghaidh post freagrachta gníomhach a shocrú.

## 2. Freagracht an Bhoird Bhainistíochta/BOO

2.1 Ní féidir múinteoir a cheapadh i bpost Buan/Conradh Tréimhse Éiginnte ach amháin má tá siad cáilithe mar is cuí. Is é an Bord Bainistíochta/BOO a shocraíonn an sinsearacht bunaithe ar dháta tosaigh an mhúinteora sa scoil/BOO i bpost buan/Conradh Tréimhse Éiginnte. Déantar eisceacht air seo má tá múinteoir ar neamhláithreacht reachtúil nuair a cheaptar sa phost é/í, m. sh. saoire mháithreachais, saoire uchtála srl. Ina leithéid de chásanna tosaíonn sinsearacht an mhúinteora ón dáta ar chóir dó/di tús a chur lena d(h)ualgas sa scoil/BOO i bpost buan/Conradh Tréimhse Éiginnte murach a neamhláithreacht ar shaoire reachtúil.

2.2 A luaithe agus atá ord sinsearachta múinteora cinntithe ag an mBord/BOO ní féidir é a athrú gan cead roimh ré ón bPátrún/PF.

2.3 Ba chóir do gach Bord Bainistíochta/BOO a chinntiú go dtaispeántar liostáil sinsearachta na múinteoirí atá fostaithe i bpost buan/Conradh Tréimhse Éiginnte ar chlár fógraí na foirne gach Meán Fómhair.

## 3. Na Rialacha chun Sinsearacht a Chinneadh

3.1 Is é nó í an Príomhoide an múinteoir is sinsearaí i scoil i gcónaí, beag beann ar an bhfad seirbhíse a thugtar i scoil (féach Caibidil 4 6.5). Ní féidir le Príomhoide scar le post mar

Phríomhoide agus fanacht i bhfostaíocht mar mhúinteoir sa scoil céanna ach amháin má tá folúntas buan sa scoil. Má scarann Príomhoide le post an Phríomhoide agus má ghlacann sé/sí le folúntas buan sa scoil beidh sé/sí ina m(h)úinteoir is sóisearaí sa scoil dá thoradh. Ní áirítear seirbhís a tugadh sa scoil/BOO roimhe sin chun críocha sinsearachta sa chás seo.

3.2 Beidh Príomhoide Tánaisteach a cheaptar trí chomórtas oscailte sa dara háit i sinsearacht tar éis an Phríomhoide. Ní féidir le Príomhoide Tánaisteach a ceapadh trí chomórtas oscailte faoi théarmaí an chiorcláin seo éirí as post an Phríomhoide Thánaistigh ach amháin má tá folúntas teagaisc sa scoil agus mura mian leis an bPríomhoide leas a bhaint as a c(h)eart éirí as. Líonfar an folúntas do Phríomhoide Tánaisteach a bheidh ann dá thoradh de réir forálacha an chiorcláin seo. Má scarann Príomhoide Tánaisteach post an Phríomhoide Thánaistigh agus má ghlacann sé/sí le folúntas buan sa scoil beidh sé/sí ina m(h)úinteoir is sóisearaí sa scoil dá thoradh. Ní áirítear seirbhís a tugadh sa scoil roimhe sin chun críocha sinsearachta sa chás seo.

3.3 Stádas sealbhóirí Post Conradh Tréimhse Éiginnte
Tá stádas fostaíochta atá comhionann le stádas fostaíochta múinteora bhuain ag múinteoir atá fostaithe ar chonradh tréimhse éiginnte agus bronntar sinsearacht air/uirthi de réir forálacha an chiorcláin seo.

3.4 Ní áirítear seirbhís a tugadh roimhe sa scoil/BOO céanna mar mhúinteoir ionadaíochta nó ar théarma seasta (cáilithe nó neamhcháilithe) i leith sinsearachta.

3.5 Coinníonn múinteoir atá le hathimlonnú ach a choinnítear sa scoil ina dhiaidh sin a s(h)insearacht. Is é seo a leanas an t-ord sinsearachta má thosaíonn beirt mhúinteoirí nó níos mó a bhfostaíocht i bpost buan/Conradh Tréimhse Éiginnte ar an lá céanna:-

- Múinteoir ar bronnadh Conradh Tréimhse Éiginnte air/uirthi sa scoil céanna
- Múinteoir a ceapadh i bpost buan sa scoil ón bpríomhphainéal athimlonnaithe
- Múinteoir a ceapadh i bpost buan sa scoil ón bpainéal forlíontach
- Múinteoir a ceapadh i bpost buan sa scoil trí chomórtas oscailte (ach amháin an té a ceapadh i bpost an Phríomhoide Thánaistigh trí chomórtas oscailte).

3.6 An t-ord sinsearachta a chinneadh má thosaíonn beirt mhúinteoirí nó níos mó a bhfostaíocht i bpost buan/Conradh Tréimhse Éiginnte ar an lá céanna tríd an modh ceapacháin céanna:-

- Má théann beirt mhúinteoirí nó níos mó i mbun dualgais ar an lá céanna tar éis próiseas agallaimh ba chóir don mBord Bainistíochta/BOO a n-ord sinsearachta a chinneadh bunaithe ar an ord inar rangaíodh na múinteoirí sa phróiseas agallaimh, i.e ba chóir an rangú sinsearachta níos airde a thabhairt don múinteoir a raibh an rangú is airde aige/ aici i ndiaidh an phróisis agallaimh.
- Má théann beirt mhúinteoirí nó níos mó i mbun dualgais ar an lá céanna trí mhodh eile ar bith seachas ceapachán, ba chóir don mBord Bainistíochta/BOO a n-ord sinsearachta a chinneadh ar shlí chothrom thrédhearcach agus riachtanais fhoriomlána na scoile á dtabhairt san áireamh aige.

3.7 Má fhágann múinteoir scoil/BOO go deonach nó má athimlonnaítear é/í agus má cheaptar arís é/í chuig an scoil i bpost buan níos déanaí, ansin tosóidh sinsearacht an mhúinteora ón dáta a atosaíonn an fhostaíocht i bpost buan.

3.8 Ríomhtar seirbhís phostroinnte mar sheirbhís lán chun críocha sinsearachta. Ní chuireann neamhláithreacht ceadaithe ar bith, is é sin sos gairme, saoire mháithreachais, saoire uchtála, saoire tuismitheora, saoire athar, saoire bhreoiteachta, isteach ar shinsearacht mhúinteora.

3.9 Gabhann an t-ord sinsearachta atá leagtha amach sa chiorclán seo maidir le múinteoirí barrachais buana/ar Chonradh Tréimhse Éiginnte a chinneadh le haghaidh athimlonnaithe in ionad gach Ciorcláin eile de chuid na Roinne ina thaobh seo.

## 4. Sinsearacht i Scoil Chónasctha

4.1 I gcás scoile cónasctha, má tá seirbhís bhuan/Chonradh Tréimhse Éiginnte gan bhriseadh tugtha ag múinteoir go leanúnach i scoil amháin nó níos mó de na scoileanna atá á gcónascadh ríomhfar comhiomlán na seirbhíse seo agus sinsearacht á cinneadh.

4.2 Beidh sinsearacht Príomhoide/í a ndéantar Cúntóir/í faoi Phribhléid dé/di/díobh sa scoil chónasctha níos lú i gcomparáid leis an bPríomhoide agus an Príomhoide Thánaistigh a ceapadh faoi théarmaí an chiorcláin seo, beag beann ar fhad na seirbhíse iarbhír atá curtha isteach acu sa scoil/sna scoileanna ina raibh siad roimhe seo. Má tá níos mó ná Cúntóir amháin faoi Phribhléid ann braitheann an t-ord sinsearachta ar fhad na seirbhíse mar Phríomhoide atá curtha isteach aige/aici sa scoil roimhe seo.

4.3 Rangaítear Príomhoidí Tánaisteacha a cheaptar i scoil chónasctha faoi théarmaí an chiorcláin seo a bheith sa dara háit ó thaobh sinsearachta de taobh leis an bPríomhoide, beag beann ar fhad na seirbhíse atá tugtha aige/aici sa scoil.

## 5. Múinteoirí Athimlonnaithe

5.1 Tosóidh sinsearacht Cúntóra faoi Phribhléid a athimlonnaíodh tríd an bpainéal nó a aistríonn go deonach chuig scoil ón dáta a dtéann sé/sí i mbun dualgais sa scoil nua.